COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ
LAW REFORM COMMISSION

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

# CREAT RIALÁLA LE hAGHAIDH CUMHDACH AOSACH

(LRC ES 128 - 2024)

# ACHOIMRE FHEIDHMEACH – TUARASCÁIL AR CHREAT RIALÁLA LE hAGHAIDH CUMHDACH AOSACH

# CLÁR ÁBHAR


**Achoimre Fheidhmeach – TUARASCÁIL AR CHREAT RIALÁLA LE hAGHAIDH CUMHDACH AOSACH ..... 1**

Caibidil 1: An Gá le Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach ..... **2**

Caibidil 2: Príomhthéarmaí Reachtúla a Mhíniú le haghaidh na Reachtaíochta um Chumhdach Aosach ..... **4**

Caibidil 3: Treoirphrionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag an Reachtaíocht um Chumhdach Aosach ..... **8**

Caibidil 4: Creat atá Bunaithe ar Chearta le haghaidh Cumhdach Aosach ..... **11**

Caibidil 5: Comhlacht Cumhdaigh:Feidhmeanna, Dualgais agus Cumhachtaí ..... **13**

Caibidil 6: Struchtúir Eagrúcháin agus Rialála: Comhlacht Cumhdaigh agus Cumhachtaí Comhlachtaí Rialála Éagsúla ..... **16**

Caibidil 7: Dualgais Chumhdaigh a Fhorchur ar Sholáthraithe Seirbhísí Áirithe ..... **19**

Caibidil 8: Tathant Neamhspleách ..... **24**

Caibidil 9: Samhlacha Tuairiscithe ..... **27**

Caibidil 10: Cumhachtaí chun Dul Isteach in Áitribh Iomchuí agus Cigireacht a Dhéanamh orthu ..... **32**

Caibidil 11: Cumhachtaí chun Rochtain a Fháil ar Aosaigh atá i mBaol in Áiteanna lena n-áirítear Teaghaisí Príobháideacha ..... **35**

Caibidil 12: Cumhachtaí Bainte agus Aistrithe ..... **37**

Caibidil 13: Orduithe Neamhtheagmhála ..... **40**

Caibidil 14: Drochúsáid Airgeadais ..... **44**

Caibidil 15: Comhar ..... **46**

Caibidil 16: Comhroinnt Faisnéise ..... **49**

Caibidil 17: Athbhreithnithe ar Chumhdach Aosach ..... **50**

Caibidil 18: Gairmithe agus Grúpaí Gairme a Rialáil ..... **53**

Caibidil 19: Cumhdach Aosach agus an Dlí Coiriúil ..... **54**

Caibidil 20: Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach – Cur Chun Feidhme agus Cur Chuige Uile-Rialtais ..... **57**

## Caibidil 1: An Gá le Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach

1. I gCaibidil 1, míníonn an Coimisiún cad is brí le "creat rialála le haghaidh cumhdach aosach" agus creat reachtúil le haghaidh cumhdach aosach. Sa Chaibidil seo, tugtar breac-chuntas ar cén fáth a bhfuil gá le reachtaíocht um chumhdach aosach in Éirinn, agus luaitear na bearnaí atá ann faoi láthair agus na hiarrataí ó na comhairlithe le haghaidh athruithe.

2. San am i láthair, ní ann ach do mhéid beag reachtaíochta in Éirinn atá ábhartha do chumhdach aosach. Áirítear leis an reachtaíocht sin an tAcht Sláinte, 2007, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016; agus an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015. Dá ainneoin sin, ní bhunaítear leis an reachtaíocht sin creat reachtúil uileghabhálach le haghaidh cumhdach aosach in Éirinn, agus is ann do bhearnaí suntasacha fós. Cé gur ann do threoirlínte, beartais agus bearta oibríochtúla atá ábhartha do chumhdach aosach in Éirinn, tá teorainn ann ó thaobh a n-éifeachtachta de agus ó thaobh an raoin suíomhanna agus seirbhísí a bhfuil feidhm acu maidir leo de. In éagmais reachtaíocht a bheith ann, baintear úsáid faoi láthair as dlínse dhúchasach na hArd-Chúirte ar bhonn cás ar chás chun orduithe a fháil i ndáil le daoine aonair.

3. Creideann an Coimisiún gur neamh-inmhianaithe atá an staid reatha agus go bhfeabhsófaí go mór í dá soláthrófaí creat reachtúil agus rialála le haghaidh cumhdach aosach. Ba é a bheadh i gceist leis sin ná reachtaíocht chuimsitheach trasearnála lena sannfaí freagracht as rialáil agus formhaoirseacht do chomhlachtaí cuí agus lena soláthrófaí cumhachtaí, dualgais agus oibleagáidí do na daoine sin a idirghníomhaíonn le haosaigh, a d'fhéadfadh a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol, ar fud suíomhanna difriúla. Is é an toradh a bheidh ar a chinntiú gur reachtaíocht trasearnála a bheidh sa reachtaíocht ná go n-éascófar comhar, comhoibriú agus comhroinnt faisnéise, ar nithe iad atá ríthábhachtach maidir lena chinntiú go n-oibríonn bearta cumhdaigh aosach sa chleachtas.

4. Dá ndéanfaí foráil do chreat den sórt sin ar bhonn reachtúil, thabharfaí aghaidh ar na bearnaí agus na laigí atá ann cheana, sholáthrófaí tuilleadh cinnteachta reachtaí agus tuilleadh soiléire reachtaí, agus bhunófaí creat a bheadh láidir agus bunaithe ar chearta le haghaidh cumhdach aosach in Éirinn. Bheadh an creat ina chabhair freisin maidir leis an díriú a leagan ar chumhachtú, ar chosc agus ar chleachtas réamhghníomhach um chumhdach aosach. Molann an Coimisiún mar sin gur cheart reachtaíocht (shibhialta agus choiriúil) um chumhdach aosach a thabhairt isteach in Éirinn.

5. Moltar i bhformhór na gcaibidlí sa Tuarascáil ar Chreat Rialála um Chumhdach Aosach ("Tuarascáil") athruithe ar an dlí sibhialta. Mar sin féin, bhreithnigh an Coimisiún freisin an bhfuil nó nach bhfuil gá le haon athchóiriú ar an dlí coiriúil chun aosaigh atá i mbaol a choinneáil sábháilte. Sa Tuarascáil, déantar roinnt

moltaí maidir leis sin, lena n-áirítear cionta coiriúla nua a thabhairt isteach, ar cionta iad a phléitear i gCaibidil 19 agus a léirítear sa Bhille um an Dlí Coiriúil (Cumhdach Aosach), 2024, ón gCoimisiún.

6. Is eol don Choimisiún, áfach, nach uile-íoc í an reachtaíocht. Caithfear tacú le haon athruithe ar an dlí maidir le cumhdach aosach trí mhúscailt feasachta, trí fhorbairt acmhainne agus trí phleananna nithiúla cur chun feidhme. Chuir na comhairlithe in iúl don Choimisiún go bhfuil gá le hacmhainniú leordhóthanach agus le hathruithe ar an gcultúr chun na torthaí atá beartaithe a bhaint amach. Tá súil ag an gCoimisiún gur mar thoradh ar an gcreat reachtúil agus rialála beartaithe le haghaidh cumhdach aosach a dhéanfar na céimeanna riachtanacha sin a spreagadh agus a ghríosú.

7. Admhaíonn an Coimisiún go bhfuil comhthéacs an chúraim shóisialta in Éirinn thar a bheith ábhartha do chumhdach aosach, cé nach féidir leis teacht faoi raon feidhme an tionscadail seo um athchóiriú an dlí. Cé go ndéantar foráil sa reachtaíocht atá ann cheana do chúram tí altranais a chistiú agus do lárionaid chónaithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas a rialáil, is ar bhonn beartais nó riaracháin den chuid is mó a sholáthraítear cúram sóisialta in Éirinn. Níl aon fhorálacha reachtúla ann in Éirinn le haghaidh measúnú ginearálta a dhéanamh ar na riachtanais chúraim agus tacaíochta atá ag aosaigh, a d'fhéadfadh a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol. Ina theannta sin, níl aon fhorálacha reachtúla ann le haghaidh freastal ar riachtanais chúraim shóisialta agus tacaíochta. Tá sé sin i gcodarsnacht leis na creataí reachtúla cúraim shóisialta atá le fáil i ndlínsí amhail Sasana agus an Bhreatain Bheag.

8. I gCaibidil 1, pléitear na tairbhí dóchúla a bhainfeadh le creat reachtúil cuimsitheach a thabhairt isteach le haghaidh cúram sóisialta in Éirinn, lena n-áirítear gurb amhlaidh a chuirfí feabhas suntasach leis ar staid na n-aosach atá i mbaol, a chumhachtófaí iad leis chun tacú leo féin, agus a laghdófaí leis an gá atá le bearta cumhdaigh eile atá níos frithghníomhaí sa todhchaí. Molann an Coimisiún gur cheart don Rialtas a bhreithniú an mbeadh nó nach mbeadh sé cuí creat cuimsitheach reachtúil a thabhairt isteach le haghaidh cúram sóisialta in Éirinn.

9. I gCaibidil 1, leagtar amach raon feidhme na Tuarascála, lena n-áirítear díriú trasearnála na Tuarascála. Tugtar breac-chuntas inti ar an raon comhthéacsanna agus earnálacha ina bhféadfadh ábhair imní faoi chumhdach aosach teacht chun cinn. Scrúdaítear inti freisin na struchtúir agus an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le teagmhais nó gearáin a thagann chun cinn i leith aosaigh, a d'fhéadfadh a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol, i bpríosúin nó faoi choimeád an Gharda Síochána. Go háirithe, thug an Coimisiún aird ar na moltaí ó Chigireacht an Gharda Síochána, ar an obair leanúnach maidir leis an mBille um Chigireacht ar Áiteanna Coinneála, ar fheidhmeanna na gcomhlachtaí atá ann cheana agus na gcomhlachtaí atá le bunú go luath, agus ar chineál leithleach na bpríosún agus choimeád an Gharda Síochána agus ar na hábhair imní slándála ar leith a thagann chun cinn maidir leo sin. Baineann an Coimisiún de thátal as gur cheart an phríomhfhreagracht as cumhdach aosach i suíomhanna den sórt sin a bheith de fhreagracht ar na comhlachtaí iomchuí sna réimsí sin fós. Creideann an Coimisiún, áfach, go bhféadfadh scóip a bheith ann le haghaidh comhar leis an gComhlacht Cumhdaigh i gcomhthéacsanna áirithe – mar shampla i gcás go bhfuil duine aonair á scaoileadh ón bpríosún agus go bhféadfadh sé nó sí a bheith ina aosach atá i mbaol nó ina haosach atá i mbaol sa

phobal ar a scaoileadh.

10. Sa deireadh, tugtar breac-chuntas i gCaibidil 1 ar an sainchúram um athchóiriú an dlí atá ar an gCoimisiún faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975 (arna leasú). Mínítear i gCaibidil 1 réasúnaíocht an Choimisiúin in imthosca nach féidir leis moltaí daingne a dhéanamh iontu, mar shampla maidir le nithe as a dtagann breithniúcháin bheartais atá casta agus a thagann salach ar a chéile agus ar gá don Rialtas iad a bhreithniú. Maidir le nithe nach dtagann faoi shainchúram an Choimisiúin, i dtuairim an Choimisiúin, míníonn an Coimisiún an réasúnaíocht atá aige le gan moladh daingean a dhéanamh ag an bpointe ábhartha sa Tuarascáil.

## Caibidil 2: Príomhthéarmaí Reachtúla a Mhíniú le haghaidh na Reachtaíochta um Chumhdach Aosach

11. I gCaibidil 2, soiléiríonn an Coimisiún an bhrí atá leis na príomhthéarmaí a úsáidtear sa chreat beartaithe uaidh le haghaidh cumhdach aosach in Éirinn. Tá eolas ag an gcuid is mó de dhaoine ar go leor téarmaí a úsáidtear sa chreat beartaithe. Tá brí ar leith le roinnt téarmaí i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach, áfach, agus is é sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh gach duine na téarmaí a úsáidtear sa chreat beartaithe.

12. Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil brí chomhsheasmhach le go leor téarmaí a úsáidtear sa chumhdach aosach. Tá sé sin amhlaidh toisc go n-úsáideann comhlachtaí difriúla an t-aon téarma amháin chun rudaí difriúla a rá. Ní mór brí chomhsheasmhach a bheith leis na téarmaí a úsáidtear sa chreat beartaithe toisc gur dóigh go mbeidh na téarmaí mar chuid de dhlí na hÉireann amach anseo, agus tá sé riachtanach go mbeadh na dlíthe soiléir agus cinnte.

13. Déanann an Coimisiún na moltaí seo a leanas i gCaibidil 2.

14. Ba cheart an téarma "aosach atá i mbaol díobhála" a úsáid sa reachtaíocht um chumhdach aosach agus ba cheart é a mhíniú mar aosach a dteastaíonn tacaíocht uaidh nó uaithi chun é nó í féin a chosaint ar dhíobháil ag am ar leith mar gheall ar a riocht fisiciúil nó meabhrach nó mar gheall ar shaintréith phearsanta ar leith eile nó ar imthoisc teaghlaigh nó saoil (cibé acu buan nó neamhbhuan).

15. Ciallaíonn an focal "aosach", sa mhíniú ar "aosach atá i mbaol díobhála", duine nach leanbh é nó í. Ciallaíonn an focal "leanbh" duine nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici.

16. Ní "aosach atá i mbaol díobhála" é duine más rud é go bhfuil sé ar a chumas nó a cumas é nó í féin a chosaint ar dhíobháil ag am ar leith, gan aon tacaíocht, agus go roghnaíonn sé nó sí gan é nó í féin a chosaint.

17. Ba cheart "cumhdach" a mhíniú sa reachtaíocht um chumhdach aosach mar bhearta a chuirtear i bhfeidhm, nó a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm, chun sláinte, sábháilteacht agus leas aosach atá i mbaol díobhála a chur chun cinn, lena n-áirítear chun:

    (a) an baol díobhála d'aosaigh atá i mbaol díobhála a íoslaghdú; agus

    (b) tacú le haosaigh atá i mbaol díobhála iad féin a chosaint ar dhochar ag am ar leith.

18. Ba cheart "plean cumhdaigh" a mhíniú sa reachtaíocht um chumhdach aosach mar thaifead doiciméadach ar na gníomhartha beartaithe a bheidh sainaitheanta chun:

(a) an baol díobhála d'aosach atá i mbaol díobhála a íoslaghdú;

(b) sláinte, sábháilteacht agus leas aosaigh atá i mbaol díobhála a chur chun cinn; agus

(c) tacú le haosach atá i mbaol díobhála é nó í féin a chosaint ar dhochar ag am ar leith.

19. Ba cheart a bheith le "cumas" sa reachtaíocht um chumhdach aosach an bhrí atá leis san Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.

20. Ba cheart "díobháil" a mhíniú sa reachtaíocht shibhialta um chumhdach aosach mar a leanas:

(a) ionsaí, drochíde a thabhairt nó faillí a dhéanamh ar bhealach a ndéanann difear, nó ar dóigh dó difear a dhéanamh, do shláinte, forbairt nó leas;

(b) drochúsáid ghnéasach; nó

(c) caillteanas maoine, nó damáiste do mhaoin, trí ghoid, calaois, dallamullóg nó dúshaothrú comhéigneach,

cibé acu gníomh, neamhghníomh nó imthoisc aonair nó sraith nó teaglaim gníomhartha, neamhghníomhartha nó imthosca nó aon ní eile is cúis leis nó léi.

21. Creideann an Coimisiún go bhfuil gá ann le tairseach níos airde díobhála chun críocha na dtograí tuairiscithe shainordaithe uaidh i gCaibidil 9, chun a chinntiú nach gceanglófar ach cineálacha níos tromchúisí díobhála, dá ngairtear "díobháil intuairiscithe", a thuairisciú.

22. Ba cheart "díobháil intuairiscithe" a mhíniú sa reachtaíocht um chumhdach aosach mar a leanas:

(a) ionsaí, drochíde a thabhairt nó faillí a dhéanamh ar bhealach a ndéanann difear tromchúiseach, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, forbairt nó leas;

(b) drochúsáid ghnéasach; nó

(c) caillteanas tromchúiseach maoine, nó damáiste tromchúiseach do mhaoin, trí ghoid, calaois, dallamullóg nó dúshaothrú comhéigneach,

cibé acu gníomh, neamhghníomh nó imthoisc aonair nó sraith nó teaglaim gníomhartha, neamhghníomhartha nó imthosca nó aon ní eile is cúis leis nó léi.

23. Ba cheart "díobháil intuairiscithe" a fhorléiriú sa reachtaíocht um chumhdach aosach mar ní nach n-áirítear "féinfhaillí" leis, seachas i gcás:

(a) gur mheasúnaigh duine sainordaithe aosach a gcreidtear le réasún gur aosach atá i mbaol díobhála é nó í a bheith mar aosach a bhfuil easpa cumais aige nó aici; nó

(b) go bhfuil ag duine sainordaithe creideamh, atá bunaithe ar fhorais réasúnacha, go bhfuil easpa cumais ag an aosach a gcreidtear le réasún gur aosach atá i mbaol díobhála é nó í,

gur gá do dhuine sainordaithe cinntí cúraim phearsanta nó leasa a dhéanamh ag an bpointe ama ar leith ag a bhfuil eolas ag an duine sainordaithe, nó ag a gcreideann sé nó sí nó ag a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici le bheith in amhras go bhfuil an t-aosach ag déanamh féinfhaillí.

24. Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil gá le míniú difriúil ar "díobháil" le haghaidh na gcionta coiriúla atá beartaithe i gCaibidil 19 toisc go bhfuil cuspóir díspreagtha agus pionósach ag na hathchóirithe dlí choiriúil sin. Beidh an míniú sin ar "díobháil" mar chuid den dlí coiriúil, agus tá sé éagsúil ón díriú ar idirghabháil choisctheach atá ag na hathchóirithe dlí shibhialta a phléitear in áit eile sa Tuarascáil.

25. Ba cheart "díobháil" a mhíniú sa reachtaíocht choiriúil um chumhdach aosach mar a leanas:

(a) díobháil don chorp nó don mheabhair, agus folaíonn sé pian agus neamhaithne;

(b) aon ghortú nó lagú ar shláinte nó leas coirp, meabhrach, intleachtúil nó mothúchánach; nó

(c) aon chineál caillteanais maoine nó airgeadais.

26. Is ann do mhíniú ar "díobháil thromchúiseach" a úsáidtear i gCaibidil 19 freisin. Ba cheart "díobháil thromchúiseach" a mhíniú sa reachtaíocht choiriúil um chumhdach aosach mar ghortú:

(a) lena gcruthaítear baol suntasach báis;

(b) atá de chineál síceolaíoch a bhfuil tionchar suntasach aige; nó

(c) is cúis le máchailiú buan nó caillteanas nó lagú shoghluaisteacht an choirp ina iomláine nó fheidhm aon bhaill nó orgáin ar leith.

27. Ba cheart "faillí" a mhíniú sa reachtaíocht choiriúil um chumhdach aosach mar fhaillí ar bhealach ar dóigh dó fulaingt nó gortú a dhéanamh don tsláinte, nó difear tromchúiseach a dhéanamh go tromchúiseach d'fholláine, rud a chiallaíonn:

(a) mainneachtain duine iomchuí atá faoi chúram duine a chosaint go leordhóthanach ar dhíobháil inchoiscthe agus intuartha;

(b) mainneachtain bia, éadaí, teas nó cabhair liachta leordhóthanach a sholáthar do dhuine iomchuí atá faoi chúram duine; nó

(c) i gcás nach bhfuil duine in ann:

(i) cosaint den sórt sin ar dhíobháil a sholáthar; nó

(ii) bia, éadaí, teas nó cabhair liachta den sórt sin a sholáthar;

do dhuine iomchuí atá faoina chúram nó faoina cúram, mainneachtain bearta a dhéanamh chun iad a sholáthar faoi na hachtacháin a bhaineann leis an tsláinte, leis an leas sóisialach nó leis an tithíocht.

28. Ba cheart an téarma "duine iomchuí", mar atá sa mhíniú sa dlí coiriúil ar "faillí", a mhíniú sa reachtaíocht choiriúil um chumhdach aosach mar dhuine, seachas leanbh, a bhfuil a chumas nó a cumas é nó í féin a chosaint ar fhoréigean, dúshaothrú nó drochúsáid ag duine eile, cibé acu fisiciúil, gnéasach nó mothúchánach, nó ar fhaillí ag duine eile, lagaithe go suntasach mar gheall ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) míchumas coirp, laige choirp, tinneas nó gortú;

(b) neamhord meabhrach, cibé acu de dheasca meabhairghalair nó néaltraithe;

(c) míchumas intleachta;

(d) neamhord ar speictream an uathachais.

29. Ba cheart "faillí" a mhíniú sa reachtaíocht shibhialta um chumhdach aosach mar fhaillí ar bhealach ar dóigh dó fulaingt nó gortú a dhéanamh don tsláinte, nó difear tromchúiseach a dhéanamh go tromchúiseach d'fholláine, rud a chiallaíonn:

(a) mainneachtain aosach atá faoi chúram duine a chosaint go leordhóthanach ar dhíobháil inchoiscthe agus intuartha;

(b) mainneachtain bia, éadaí, teas nó cabhair liachta leordhóthanach a sholáthar d'aosach atá faoi chúram duine; nó

(c) i gcás nach bhfuil duine in ann—

(i) cosaint den sórt sin ar dhíobháil a sholáthar; nó

(ii) bia, éadaí, teas nó cabhair liachta den sórt sin a sholáthar;

d'aosach iomchuí atá faoina chúram nó faoina cúram, mainneachtain bearta a dhéanamh chun iad a sholáthar faoi na hachtacháin a bhaineann leis an tsláinte, leis an leas sóisialach nó leis an tithíocht.

30. Ba cheart an téarma "féinfhaillí" a mhíniú sa reachtaíocht shibhialta um chumhdach aosach mar éagumas, neamhthoilteanas nó mainneachtain aosaigh freastal ar a bhunriachtanais fhisiciúla, mhothúchánacha, shóisialta nó shíceolaíocha nó ar a bunriachtanais fhisiciúla, mhothúchánacha, shóisialta nó shíceolaíocha, rud ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh dá fholláine nó dá folláine.

31. Molann an Coimisiún freisin gur cheart treoir reachtúil a sholáthar maidir leis an míniú ar "féinfhaillí", agus ba cheart treoir maidir leis na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh inti:

(a) aosaigh atá i mbaol díobhála agus atá ag déanamh féinfhaillí a chumhdach; agus

(b) caidreamh a dhéanamh le haosaigh atá ag déanamh féinfhaillí agus a bhfuil an cumas acu féinfhaillí a roghnú, agus tacaí roghnacha a thairiscint dóibh.

## Caibidil 3: Treoirphrionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag an Reachtaíocht um Chumhdach Aosach

32. Tá sé tábhachtach go gcuirfí treoirphrionsabail ar áireamh sa reachtaíocht. I gCaibidil 3, tugtar breac-chuntas ar mholtaí an Choimisiúin maidir le treoirphrionsabail don reachtaíocht um chumhdach aosach. Molann an Coimisiún gur cheart feidhmiú feidhmeanna nó cumhachtaí ag an gComhlacht Cumhdaigh nó ag a oifigigh údaraithe faoin reachtaíocht um chumhdach aosach a bheith bunaithe ar na treoirphrionsabail sin.

33. Tá na prionsabail bunaithe ar athbhreithniú an Choimisiúin ar chaighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca acu seo a leanas:

(a) reachtaíocht cúraim shóisialta agus reachtaíocht um chumhdach aosach i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag;

(b) beartas cumhdaigh reatha na hÉireann agus an reachtaíocht iomchuí; agus

(c) na Caighdeáin Náisiúnta um Chumhdach Aosach ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ("HIQA") agus ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte.

34. Molann an Coimisiún na treoirphrionsabail seo a leanas don reachtaíocht um chumhdach aosach in Éirinn:

(a) cur chuige atá bunaithe ar chearta;

(b) cumhachtú agus duinelárnachas;

(c) cosaint;

(d) cosc;

(e) comhréireacht;

(f) comhtháthú agus comhar; agus

(g) cuntasacht.

35. **Treoirphrionsabal 1 (cur chuige atá bunaithe ar chearta):** is é atá i gceist leis seo a chinntiú go n-urramaítear cearta aosach atá i mbaol, lena n-áirítear a gcearta chun neamhspleáchais, chun measa, chun dínite, chun sláine coirp, chun príobháideachta, chun rialú a bheith acu ar ghnóthaí airgeadais agus ar mhaoin, chun neamh-idirdhealaithe, chun córa comhionainne maidir le rochtain ar earraí agus seirbhísí bunúsacha, agus chun measa ar a gcreidimh agus ar a luachanna.

36. **Treoirphrionsabal 2 (cumhachtú agus duinelárnachas):** is é atá i gceist leis seo:

(a) talamh slán a dhéanamh den chumas cinnteoireachta;

(b) cinnteoireacht thacaithe a éascú, i gcás go n-iarrtar í nó go n-éilítear í;

(c) toiliú eolasach a chinntiú;

(d) an ceart chun neamhspleáchais agus an ceart chun páirt iomlán éifeachtach a ghlacadh sa tsochaí a urramú;

(e) an ceart chun tathant neamhspleách a fháil a réadú;

(f) meas ar thoil agus ar shainroghanna a chinntiú;

(g) meas a chinntiú ar an gceart chun míniú a fháil ar chineálacha baoil agus ar roghanna; agus

(h) meas a chinntiú ar an gceart go rachfaí i gcomhairle leis an duine aonair ag gach céim de ghníomh nó d'idirghabháil faoin reachtaíocht um chumhdach aosach.

37. **Treoirphrionsabal 3 (cosaint):** is é atá i gceist leis seo:

(a) freagairt go héifeachtach do dhrochúsáid iarbhír nó amhrasta nó d'ábhair imní cumhdaigh maidir le haosaigh atá i mbaol;

(b) go ndéantar bearta réamhghníomhacha chun a chinntiú go ndéantar gníomhartha cumhdaigh nó idirghabhálacha cumhdaigh chun aosaigh atá i mbaol a chosaint ar dhíobháil;

(c) go dtugtar tacaíocht chun sábháilteacht agus dínit aosach atá i mbaol a chosaint agus chun folláine fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach aosach atá i mbaol a chosaint; agus

(d) go ndéantar bearta cosanta maidir le reachtaíocht um chumhdach aosach, lena n-áirítear a chinntiú:

(i) go gcuirtear oiliúint ar an gComhlacht Cumhdaigh agus ar a oifigigh údaraithe maidir leis an reachtaíocht agus maidir le feidhmiú feidhmeanna nó cumhachtaí faoin reachtaíocht;

(ii) go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gComhlacht Cumhdaigh agus ar a oifigigh údaraithe atá ag gabháil d'fheidhmeanna nó cumhachtaí faoin reachtaíocht a fheidhmiú chun aosaigh atá i mbaol a chosaint ar dhíobháil, agus go gcabhraítear leo oiliúint a chur i gcrích ar na prionsabail sin, chomh maith le hoiliúint ar a róil shonracha, sula

bhfeidhmeoidh siad aon fheidhmeanna nó aon chumhachtaí faoin reachtaíocht; agus

(iii) go soláthraítear meantóireacht agus maoirseacht leordhóthanach ar oifigigh údaraithe.

38. **Treoirphrionsabal 4 (cosc):** is é atá i gceist leis seo:

(a) bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun a chinntiú go ndéantar gníomhartha cumhdaigh nó idirghabhálacha cumhdaigh chun díobháil d'aosaigh atá i mbaol a chosc;

(b) tacaíocht a thabhairt chun sábháilteacht agus dínit aosach atá i mbaol a chinntiú agus chun folláine fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúchánach aosach atá i mbaol a chur chun cinn; agus

(c) bearta réamhghníomhacha a dhéanamh maidir le reachtaíocht um chumhdach aosach, lena n-áirítear a chinntiú:

(i) go gcuirtear oiliúint ar an gComhlacht Cumhdaigh agus ar a oifigigh údaraithe maidir leis an reachtaíocht agus maidir le feidhmiú feidhmeanna nó cumhachtaí faoin reachtaíocht;

(ii) go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gComhlacht Cumhdaigh agus ar a oifigigh údaraithe atá ag gabháil d'fheidhmeanna nó cumhachtaí faoin reachtaíocht a fheidhmiú chun aosaigh atá i mbaol a chosaint ar dhíobháil, agus go gcabhraítear leo oiliúint a chur i gcrích ar na prionsabail sin, chomh maith le hoiliúint ar a róil shonracha, sula bhfeidhmeoidh siad aon fheidhmeanna nó aon chumhachtaí faoin reachtaíocht; agus

(iii) go soláthraítear meantóireacht agus maoirseacht leordhóthanach ar oifigigh údaraithe.

39. **Treoirphrionsabal 5 (comhréireacht):** is é atá i gceist leis seo a chinntiú gurb amhlaidh, maidir le gníomhartha nó idirghabhálacha faoin reachtaíocht um chumhdach aosach:

(a) atá siad riachtanach, ag féachaint d'imthosca gach aosaigh atá i mbaol;

(b) is iad, a mhéid is féidir, na gníomhartha agus na hidirghabhálacha is lú cur isteach agus is lú srian ar shaoirse aosaigh atá i mbaol iad;

(c) atá siad comhréireach leis an leibhéal baoil a chuirtear i láthair d'aosach atá i mbaol;

(d) atá siad teoranta don fhad riachtanach;

(e) a ghlactar cur chuige atá bunaithe ar thráma iontu; agus

(f) a dhéantar faireachán agus meastóireacht orthu go rialta, de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta.

40. **Treoirphrionsabal 6 (comhtháthú agus comhar):** is é atá i gceist leis seo:

(a) gur cheart freagairtí comhordaithe agus comhtháite a dhéanamh, de réir na reachtaíochta um chumhdach aosach, chun an fhéidearthacht go ndéanfaí díobháil a aithint agus chun díobháil d'aosaigh atá i mbaol a chosc;

(b) gur cheart seirbhísí a bheith comhtháite, agus gur cheart freagairtí ildisciplíneacha comhordaithe a dhéanamh chun ábhair imní faoi chumhdach aosach a chosc, agus chun aghaidh a thabhairt orthu, de réir na reachtaíochta um chumhdach aosach; agus

(c) gur cheart beartais earnála náisiúnta a bheith ailínithe leis an reachtaíocht um chumhdach aosach chun comhsheasmhacht cleachtas, beartas agus reachtaíochta a chinntiú ar fud earnálacha difriúla.

41. **Treoirphrionsabal 7 (cuntasacht):** is é atá i gceist leis seo:

(a) cuntasacht agus trédhearcacht a chinntiú sa chumhdach aosach;

(b) a chinntiú gurb amhlaidh, maidir leis an gComhlacht Cumhdaigh agus a oifigigh údaraithe a dhéanann gníomhartha nó idirghabhálacha faoin reachtaíocht um chumhdach aosach, atá siad cuntasach agus freagrach as gníomhartha nó idirghabhálacha den sórt sin;

(c) a chinntiú go bhfuil seirbhísí trédhearcach agus go bhfuil sé soiléir conas a fhreagraíonn soláthraithe seirbhísí ábhartha d'aosaigh atá i mbaol d'ábhair imní cumhdaigh faoin reachtaíocht um chumhdach aosach; agus

(d) a chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le bainistíocht riosca, le húinéireacht, le comhroinnt faisnéise agus le tuairisciú.

## Caibidil 4: Creat atá Bunaithe ar Chearta le haghaidh Cumhdach Aosach

42. Sa Tuarascáil, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún creat atá bunaithe ar chearta a fhorbairt le haghaidh cumhdach aosach. I gCaibidil 4, tugtar breac-chuntas ar na cearta iomchuí nach mór a bhreithniú sa chomhthéacs sin. Tá impleachtaí a mbaineann tábhacht ar leith leo ann do chearta, ar impleachtaí iad a eascraíonn as na gníomhartha cumhdaigh agus na hidirghabhálacha cumhdaigh a mholtar i gCaibidlí 10, 11, 12 agus 13, lena n-áirítear cumhachtaí chun rochtain a fháil ar áitribh iomchuí, cumhachtaí chun rochtain a fháil ar aosaigh atá i mbaol in áiteanna lena n-áirítear teaghaisí príobháideacha, cumhachtaí bainte agus aistrithe, agus orduithe neamhtheagmhála.

43. Tá roinnt ceart bunreachtúil ag gabháil leis na gníomhartha cumhdaigh agus idirghabhálacha cumhdaigh sin agus leis na moltaí eile ón gCoimisiún, lena n-áirítear:

(a) an ceart chun na beatha, rud a chosnaítear go sainráite faoi Airteagal 40.3.2° den Bhunreacht;

(b) an ceart chun saoirse pearsanta, rud a chosnaítear go sainráite faoi Airteagal 40.4.1° den Bhunreacht;

(c) an ceart chun príobháideachta, ceart gan uimhir a chosnaítear le hAirteagal 40.3.1° den Bhunreacht;

(d) an ceart chun sláine coirp, ceart gan uimhir a chosnaítear le hAirteagal 40.3.1° den Bhunreacht;

(e) an ceart chun neamhspleáchais, ceart gan uimhir a chosnaítear le hAirteagal 40.3.1° den Bhunreacht;

(f) an ceart chun dínite, ceart gan uimhir a chosnaítear le hAirteagal 40.3.1° den Bhunreacht;

(g) an ceart chun an duine a chosaint, rud a chosnaítear go sainráite le hAirteagal 40.3.2° den Bhunreacht;

(h) dosháraitheacht na teaghaise, rud a chosnaítear go sainráite faoi Airteagal 40.5 den Bhunreacht; agus

(i) ráthaíocht an chomhionannais faoin dlí, rud dá bhforáiltear le hAirteagal 40.1 den Bhunreacht.

44. D'fhéadfadh na gníomhartha cumhdaigh agus na hidirghabhálacha cumhdaigh atá beartaithe ag an gCoimisiún na cearta bunreachtúla atá ag aosaigh atá i mbaol a dhearbhú agus cur isteach orthu sin araon. D'fhéadfadh siad freisin na cearta bunreachtúla atá ag tríú páirtithe amhail baill teaghlaigh an aosaigh atá i mbaol, nó daoine aonair eile a chónaíonn, a idirghníomhaíonn nó a oibríonn le haosaigh atá i mbaol, a dhearbhú nó cur isteach orthu sin.

45. Tá cearta bunreachtúla an-tábhachtach, ach ní dearbhchearta iad. In imthosca áirithe, féadfar cearta bunreachtúla a theorannú go dlisteanach nó féadfar cur isteach orthu. Tríd is tríd, déantar anailís ar a dhlisteanaí atá aon chur isteach trí thagairt do chreat comhréireachta, rud atá leagtha amach sa chásdlí. Mar sin féin, déantar anailís ar roinnt ceart bunreachtúil, amhail an ráthaíocht chun comhionannais, ar bhealach difriúil. Bhreithnigh an Coimisiún go cúramach na tástálacha iomchuí le haghaidh cearta bunreachtúla a theorannú. Thug sé aird ar leith ar an gcreat comhréireachta agus é ag forbairt na ngníomhartha cumhdaigh agus na n-idirghabhálacha cumhdaigh atá beartaithe sa Tuarascáil.

46. Creideann an Coimisiún gurb amhlaidh mar phrionsabal, maidir leis an gcuspóir um shláinte, sábháilteacht agus leas aosaigh atá i mbaol a chumhdach agus a chosaint, a bhaineann go leor tábhachta leis chun údar a thabhairt le ceart a chosnaítear leis an mBunreacht a shárú. Tugann an Coimisiún dá aire a thábhachtaí atá an modh a úsáidtear chun an cuspóir sin a bhaint amach. Is é atá i gceist le gníomhaíochtaí cumhdaigh ná raon leathan beart nach mór a bheith curtha in oiriúint don bhaol sonrach d'aosach atá i mbaol ag am ar leith.

47. D'fhorbair an Coimisiún coimircí le haghaidh gach ceann de na gníomhartha cumhdaigh agus na hidirghabhálacha cumhdaigh atá beartaithe, amhail tairseacha agus teorainneacha ama, chun a chinntiú nach n-úsáidtear gníomhartha nó idirghabhálacha ach amháin nuair is gá agus is comhréireach sna himthosca.

48. Maidir le han-chuid de na cearta a chosnaítear leis an mBunreacht, cosnaítear iad leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ("ECHR") freisin. Mar shampla, cosnaítear an ceart chun an saol príobháideach agus an saol teaghlaigh a urramú le hAirteagal 8 ECHR, cosnaítear an ceart chun saoirse agus slándála le hAirteagal 5 ECHR, agus cosnaítear an ceart chun na beatha le hAirteagal 2 ECHR. Le hAirteagal 3 ECHR, cuirtear toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach. Cosúil le cearta faoin mBunreacht, ní dearbhchearta iad cearta ECHR. Le ECHR, ceadaítear srianta comhréireacha dlisteanacha ar chearta ECHR. Bhreithnigh an Coimisiún úsáid fhéideartha a bhaint as cearta ECHR agus é ag forbairt na ngníomhartha cumhdaigh aosach agus na n-idirghabhálacha cumhdaigh aosach uaidh.

49. Cé nach daoine faoi mhíchumas iad gach aosach atá i mbaol, agus nach aosaigh atá i mbaol iad gach duine faoi mhíchumas, tá cearta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas ("UNCRPD") ábhartha do chumhdach aosach freisin. Bhreithnigh an Coimisiún na cearta sin go cúramach agus é ag forbairt na moltaí uaidh sa Tuarascáil.

50. Molann an Coimisiún, agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh aon ordú cumhdaigh a dheonú, i dtaobh barántas chun rochtain a fháil ar áitreabh iomchuí a dheonú, i dtaobh barántas chun rochtain a fháil ar áit lena n-áirítear teaghais phríobháideach a dheonú, i dtaobh ordú bainte agus aistrithe a dheonú nó i dtaobh aon chineál ordaithe neamhtheagmhála, ba cheart a fhoráil leis an reachtaíocht um chumhdach aosach nach mór don chúirt an modh is lú cur isteach agus is féidir a ghlacadh chun an cuspóir um shláinte, sábháilteacht agus leas an aosaigh atá i mbaol a chumhdach agus a chosaint sna himthosca ar leith.

## Caibidil 5: Comhlacht Cumhdaigh: Feidhmeanna, Dualgais agus Cumhachtaí

51. I gCaibidil 5, pléitear an gá le freagracht reachtúil as cumhdach aosach a bheith ar chomhlacht. Pléitear inti na feidhmeanna cumhdaigh reatha atá ag comhlachtaí éagsúla, lena n-áirítear Oifig Náisiúnta Cumhdaigh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ("FSS") agus Foirne Cumhdaigh agus Cosanta FSS. Cé go bhfuil freagrachtaí ar chomhlachtaí, gníomhaireachtaí agus seirbhísí éagsúla as aosaigh atá i mbaol a chumhdach, sainaithnítear i gCaibidil 5 go bhfuil gá le freagracht reachtúil as an gcleachtas um chumhdach aosach a threorú agus a chomhordú in Éirinn a bheith ar chomhlacht aonair. Moltar inti gur cheart "Comhlacht Cumhdaigh" a bhunú mar phríomhghníomhaireacht reachtúil a mbeidh freagracht uirthi as cumhdach aosach in Éirinn. San Achoimre Fheidhmeach seo agus sa Tuarascáil, úsáideann an Coimisiún an téarma "Comhlacht Cumhdaigh" chun gníomhaireacht reachtúil cumhdaigh aosach atá faoi stiúir ag an obair shóisialta a chur in iúl. Faoi réir chinntí an Rialtais agus an Oireachtais, d'fhéadfaí an ghníomhaireacht sin a bhunú:

(a) gníomhaireacht reachtúil neamhspleách; nó

(b) mar Oifig Náisiúnta reachtúil um Chumhdach Aosach laistigh de ghníomhaireacht reachtúil atá ann cheana.

52. Tugtar aghaidh i gCaibidil 6 ar an gceist faoi cé acu ba cheart Comhlacht Cumhdaigh reachtúil neamhspleách a bhunú nó ba cheart comhlacht den sórt sin a bhunú laistigh de chomhlacht reachtúil atá ann cheana. I gCaibidil 5, pléann an Coimisiún ról an Chomhlachta Cumhdaigh, a bhunófaí ar bhonn reachtúil agus a mbeadh feidhmeanna, dualgais agus cumhachtaí iomchuí aige.

53. I gCaibidil 5, molann an Coimisiún gur cheart feidhm reachtúil phríomha a bheith ag an gComhlacht Cumhdaigh chun sláinte, sábháilteacht agus leas aosach a dteastaíonn tacaíocht uathu chun iad féin a chosaint ar dhíobháil ag am ar leith a chur chun cinn.

54. Molann an Coimisiún i gCaibidil 5 gur cheart a fhoráil leis an reachtaíocht bheartaithe um chumhdach aosach do dhualgas ar an gComhlacht Cumhdaigh tuairiscí a fháil ó dhaoine a bhfuil eolas acu, a chreideann, nó a bhfuil amhras orthu go ndearnadh díobháil d'aosach atá i mbaol díobhála, go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di nó go bhfuil sé i mbaol díobháil a dhéanamh dó nó di.

55. Molann an Coimisiún gur cheart don Chomhlacht Cumhdaigh na cumhachtaí uile sin is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, nó a ghabhann le comhlíonadh a fheidhmeanna, a bheith aige. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na cumhachtaí sin cibé fiosruithe is cuí leis a dhéanamh. Molann an Coimisiún gur cheart a fhoráil leis an reachtaíocht bheartaithe um chumhdach aosach do dhualgas ar an gComhlacht Cumhdaigh cibé gníomh a mheasann sé a bheith riachtanach a dhéanamh chun aosach a gcreideann sé go dteastaíonn tacaíocht uaidh nó uaithi a chumhdach chun é nó í féin a chosaint ar dhíobháil i gcás go gcreideann sé le réasún go bhfuil baol ann do shláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol. Chomh maith le foráil a dhéanamh do thuairisc a dhéanamh don Gharda Síochána i gcás go bhfuil amhras ann faoi choiriúlacht, ba cheart a cheadú don Chomhlacht Cumhdaigh leis an reachtaíocht:

(a) tarchur nó tuairisc a dhéanamh chuig Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána;

(b) tarchur nó tuairisc a dhéanamh chuig comhlacht rialála gairmiúil i gcás gur duine a chreidtear a bheith ina údar imní nó ina húdar imní maidir le sláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol é comhalta den ghairm iomchuí;

(c) plean cumhdaigh a ullmhú i gcás go gcinneann sé gurb é an comhlacht is oiriúnaí chun déanamh amhlaidh é;

(d) bheith i gceannas ar chomhar le FSS nó le gníomhaireachtaí eile chun rochtain ar sheirbhísí dlí, liachta, cúraim shóisialta, cóiríochta agus eile don aosach atá i mbaol a shocrú agus chun a chinntiú go soláthraítear na seirbhísí sin ar bhealach comhordaithe;

(e) tarchur a dhéanamh chuig Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta nó iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda faoi Chuid 5 den Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015; nó

(f) dul i mbun comhair nó faisnéis a chomhroinnt le comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus gairmithe reachtúla iomchuí eile chun plean cumhdaigh a ullmhú agus pleanáil le haghaidh é a chur chun feidhme.

56. Chun feidhmiú fheidhmeanna beartaithe an Chomhlachta Cumhdaigh a éascú, ba cheart baill foirne iomchuí den Chomhlacht Cumhdaigh a ainmniú mar oifigigh údaraithe de chuid an Chomhlachta Cumhdaigh chun comhlíonadh a fheidhmeanna cumhdaigh aosach a éascú.

57. Molann an Coimisiún freisin gur cheart a cheadú leis an reachtaíocht bheartaithe um chumhdach aosach don Chomhlacht Cumhdaigh nó dá oifigigh údaraithe na gníomhartha cumhdaigh agus na hidirghabhálacha cumhdaigh seo a leanas a dhéanamh i gcás go gcomhlíontar na tairseacha is infheidhme:

(a) cumhachtaí chun dul isteach in áitribh iomchuí agus chun cigireacht a dhéanamh orthu a úsáid chun sláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol nó aosach atá i mbaol a mheasúnú, i gcás go gcomhlíontar na tairseacha atá leagtha amach i gCaibidil 10;

(b) iarratas a dhéanamh ar bharántas chun rochtain a fháil ar aosach atá i mbaol in áit lena n-áirítear teaghais phríobháideach chun críocha sláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol a mheasúnú, i gcás go gcomhlíontar na tairseacha atá leagtha amach i gCaibidil 11;

(c) iarratas a dhéanamh ar ordú bainte agus aistrithe chun críocha sláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol a mheasúnú, agus chun a mheasúnú an bhfuil nó nach bhfuil gá le haon ghníomhartha chun iad a chumhdach, i gcás go gcomhlíontar na tairseacha atá leagtha amach i gCaibidil 12;

(d) iarratas a dhéanamh ar ordú faoin Acht um Fhoréigean Baile, 2018, nó ar ordú neamhtheagmhála cumhdaigh aosach, i gcás go gcomhlíontar na tairseacha agus na réamhchoinníollacha atá leagtha amach i gCaibidil 13; agus

(e) cúnamh a thabhairt do chomhalta nó comhaltaí den Gharda Síochána i bhfeidhmiú a gcumhachta achoimre chun rochtain a fháil ar aosach atá i mbaol in áit lena n-áirítear teaghais phríobháideach, i gcás go gcomhlíontar na tairseacha atá leagtha amach i gCaibidil 11.

58. Molann an Coimisiún gur cheart a fhoráil leis an reachtaíocht um chumhdach aosach do chumhacht reachtúil de chuid an Chomhlachta Cumhdaigh chun plean cumhdaigh a ullmhú nó chun dul i mbun comhair le heagraíochtaí, seirbhísí nó gairmithe eile agus plean cumhdaigh á ullmhú i gcás gurb amhlaidh:

(a) a chreideann an Comhlacht Cumhdaigh go bhfuil gá le plean den sórt sin a fhorbairt; agus

(b) a chinneann an Comhlacht Cumhdaigh nach mbeadh sé níos cuí do sholáthraí seirbhíse iomchuí plean cumhdaigh a ullmhú go neamhspleách.

59. Molann an Coimisiún gur cheart don Chomhlacht Cumhdaigh na feidhmeanna reachtúla seo a leanas a bheith aige, a gcumasófaí a bhfeidhmiú dó a phríomhfheidhm reachtúil a chur ar aghaidh, mar atá sláinte, sábháilteacht agus leas aosach atá i mbaol a chur chun cinn:

(a) oiliúint, faisnéis agus treoir a sholáthar do bhaill foirne de chuid soláthraithe seirbhísí iomchuí a mhaoinítear go poiblí agus go príobháideach, do dhaoine sainordaithe agus d'aon daoine eile a mheasfaidh an Comhlacht Cumhdaigh nó an tAire iomchuí a bheith cuí; agus

(b) sonraí a bhailiú agus a mheas, agus comhoibriú i dtaighde a bhaineann lena fheidhmeanna reachtúla, nó taighde den sórt sin a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú.

## Caibidil 6: Struchtúir Eagrúcháin agus Rialála: Comhlacht Cumhdaigh agus Cumhachtaí Comhlachtaí Rialála Éagsúla

60. I gCaibidil 6, pléitear na struchtúir eagrúcháin agus rialála a bhaineann le cumhdach aosach. Pléitear inti an gá atá leo seo a leanas:

(a) feidhmeanna agus cumhachtaí a bheith ag gníomhaireacht reachtúil chun seirbhísí cumhdaigh aosach atá faoi stiúir ag an obair shóisialta a sholáthar, lena n-áirítear tuairiscí maidir le drochúsáid iarbhír nó amhrasta aosach atá i mbaol nó le faillí iarbhír nó amhrasta in aosaigh atá i mbaol a thagann chun cinn ar fud na n-earnálacha go léir a fháil agus freagairt do na tuairiscí sin – "Comhlacht Cumhdaigh"; agus

(b) an gá atá le bearnaí rialála a líonadh trí fheidhmeanna rialála breise a thabhairt do rialálaithe atá ann cheana.

61. Molann an Coimisiún gur cheart comhlacht reachtúil ainmnithe cumhdaigh aosach, an Comhlacht Cumhdaigh, a bhunú agus gur cheart na feidhmeanna reachtúla atá molta i gCaibidil 5 a bheith ag an gComhlacht Cumhdaigh sin.

62. Is é dearcadh an Choimisiúin gur cheart an Comhlacht Cumhdaigh a bheith ina ghníomhaireacht cumhdaigh aosach atá faoi stiúir ag an obair shóisialta agus ag a bhfuil feidhmeanna, dualgais agus cumhachtaí reachtúla chun tuairiscí maidir le drochúsáid iarbhír nó amhrasta aosach atá i mbaol nó le faillí iarbhír nó amhrasta in aosaigh atá i mbaol a fháil agus chun freagairt do na tuairiscí sin. Creideann an Coimisiún nár cheart don Chomhlacht Cumhdaigh a bheith ina chomhlacht rialála agus, ina ionad sin, gur cheart feidhmeanna rialála breise a thabhairt do na rialálaithe atá ann cheana. D'fhéadfadh an Rialtas a chinneadh freisin comhlacht rialála nua a bhunú sa todhchaí.

63. Sa tábla thíos, tugtar forbhreathnú ar fheidhmeanna beartaithe an Chomhlachta Cumhdaigh agus ar fheidhmeanna rialála breise atá le tabhairt do chomhlachtaí rialála atá ann cheana, lena n-áirítear HIQA, an Coimisiún Meabhair-Shláinte, an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, agus an Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (Cuan).

| Feidhmeanna an Chomhlachta Cumhdaigh | Feidhmeanna rialála iomchuí |
| --- | --- |
| • tuairiscí a fháil maidir le díobháil iarbhír nó amhrasta;<br><br>• a fheidhmeanna a fheidhmiú chun sláinte, sábháilteacht agus leas aosach a dteastaíonn tacaíocht uathu chun iad féin a chosaint ar dhíobháil ag am ar leith a chur chun cinn, lena n-áirítear cumhachtaí molta a fheidhmiú chun gníomhartha cumhdaigh agus idirghabhálacha a dhéanamh (is féidir le soláthraithe na seirbhísí déileáil go díreach le teagmhais níos neamh-thromchúisí díobhála iarbhír nó amhrasta a tharlaíonn i suíomhanna seirbhísí);<br><br>• pleananna cumhdaigh a fhorbairt, i gcás gur cuí;<br><br>• bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm;<br><br>• bailiú sonraí;<br><br>• taighde;<br><br>• oiliúint; agus<br><br>• oideachas poiblí/múscailt feasachta. | • faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí iomchuí dualgais bheartaithe chun measúnú riosca doiciméadaithe a ghabháil de láimh agus chun ráiteas faoi chumhdach aosach a ullmhú **(roinnt comhlachtaí rialála)**;<br><br>• caighdeáin a leagan síos agus cigireacht a dhéanamh ar aon seirbhísí láraithe cumhdaigh aosach atá faoi stiúir ag an obair shóisialta – amhail iad sin de chuid an Chomhlachta Cumhdaigh; nó Foirne Cumhdaigh agus Cosanta reatha FSS nó Foirne Réigiúnacha Cumhdaigh agus Cosanta Aosach FSS sa todhchaí – lena n-áirítear úsáid a bhaint as na cumhachtaí molta chun idirghabhálacha cumhdaigh a dhéanamh **(comhlacht rialála aonair nó comhpháirtíocht de roinnt comhlachtaí rialála)**; agus<br><br>• athbhreithnithe a dhéanamh ar theagmhais thromchúiseacha **(tá an comhlacht athbhreithnithe le cinneadh ag an Rialtas; d'fhéadfadh sé a chinneadh gur cheart do rialálaithe atá ann cheana an fheidhm sin a chomhlíonadh)**. |

64. I gCaibidil 6, pléitear cé acu ba cheart an Comhlacht Cumhdaigh a bhunú mar chomhlacht reachtúil neamhspleách nua nó ba cheart é a bhunú laistigh de ghníomhaireacht reachtúil atá ann cheana. Leagann an Coimisiún amach a thuairim gur ag an Rialtas atá an cumas is fearr chun a chinneadh arbh fhearr an Comhlacht Cumhdaigh a bhunú:

(a) laistigh de chomhlacht reachtúil atá ann cheana; nó

(b) mar chomhlacht reachtúil neamhspleách nua.

65. Is cinneadh é sin ba cheart don Rialtas a dhéanamh i bhfianaise na ngnéithe suntasacha iomaíocha beartais atá i gceist leis, lena n-áirítear bainistíocht acmhainní (lena n-áirítear acmhainní airgeadais, ach gan a bheith teoranta dóibh); struchtúr eagrúcháin agus cuntasacht; bainistíocht aistrithe; bainistíocht riosca; éifeachtacht; neamhspleáchas; agus braistintí neamhspleáchais. Creideann an Coimisiún nach dtagann na saincheisteanna sin, go háirithe ceisteanna maidir leis an mbealach is fearr chun cothromaíocht a fháil idir breithniúcháin fhrithchúiteacha bheartais agus eacnamaíocha, faoi shaineolas agus sainchúram an Choimisiúin agus gurbh fhearr don Rialtas iad a bhreithniú.

66. Molann an Coimisiún gurbh amhlaidh, má chinneann an Rialtas nach féidir, nó nár cheart, an Comhlacht Cumhdaigh a bhunú mar chomhlacht reachtúil neamhspleách ná é a bhunú laistigh de ghníomhaireacht reachtúil atá ann cheana sa ghearrthéarma, ba cheart an Comhlacht Cumhdaigh a bhunú mar oifig reachtúil laistigh de FSS mar bheart eatramhach (ach amháin i gcás go gcinneann an Rialtas gur cheart é sin a bheith ina bheart níos fadtéarmaí). Dá mbunófaí é laistigh de FSS, d'fhéadfaí an Comhlacht Cumhdaigh a bhunú mar Oifig Náisiúnta um Chumhdach Aosach chun teacht in ionad na hOifige Náisiúnta Cumhdaigh atá ann cheana. Go dtí go gcinnfidh an Rialtas cé acu ba cheart an Comhlacht Cumhdaigh a bhunú mar chomhlacht reachtúil neamhspleách nó é a bhunú laistigh de ghníomhaireacht reachtúil atá ann cheana, molann an Coimisiún gur cheart na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla a mholtar sa Tuarascáil agus a chuimsítear sa Tuarascáil agus atá le fáil sa Bhille um Chumhdach Aosach, 2024, ón gCoimisiún a thabhairt do Chomhlacht Cumhdaigh eatramhach a bhunófaí mar oifig reachtúil laistigh de FSS.

67. I gcás go gcinneann an Rialtas an Comhlacht Cumhdaigh a bhunú mar Oifig Náisiúnta um Chumhdach Aosach laistigh de FSS mar bheart eatramhach nó mar bheart níos fadtéarmaí, creideann an Coimisiún gur cheart don Oifig sin:

(a) bheith freagrach as seirbhísí cumhdaigh aosach atá faoi stiúir ag an obair shóisialta a sholáthar trí na Foirne Cumhdaigh agus Cosanta ar fud Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail FSS nó na bhFoirne Réigiúnacha Cumhdaigh agus Cosanta Aosach sa todhchaí ar fud réigiúin sláinte FSS;

(b) bheith i gceannas ar fheidhmiú fheidhmeanna reachtúla an Chomhlachta Cumhdaigh; agus

(c) a mhéid is indéanta, oibriú go neamhspleách ar Rannóg Cúraim Shóisialta FSS i bhfeidhmiú a feidhmeanna, agus ba cheart do Stiúrthóir na hOifige tuairisciú go díreach do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FSS.

68. Molann an Coimisiún gurbh amhlaidh, maidir le haon mholtaí is infheidhme maidir leis an gComhlacht Cumhdaigh sa Tuarascáil, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis an gComhlacht Cumhdaigh, beag beann ar cé acu a chinnfidh an Rialtas an Comhlacht Cumhdaigh a bhunú laistigh de chomhlacht reachtúil atá ann cheana nó é a bhunú mar chomhlacht reachtúil neamhspleách nua.

69. I gCaibidil 6, molann an Coimisiún freisin gur cheart feidhmeanna a bheith ag comhlacht rialála atá ann cheana nó ag roinnt comhlachtaí rialála atá ann cheana chun seirbhísí cumhdaigh aosach atá faoi stiúir ag an obair shóisialta agus a soláthraíonn an Comhlacht Cumhdaigh iad a rialáil (is iad Foirne Cumhdaigh agus Cosanta FSS a sholáthraíonn na seirbhísí sin faoi láthair). Creideann an Coimisiún gur cheart an méid sin a bhaint amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) cur leis na feidhmeanna reatha atá ag HIQA maidir le caighdeáin a leagan síos agus le cigireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán chun rialáil seirbhísí cumhdaigh aosach atá faoi stiúir ag an obair shóisialta a chur ar áireamh (bheadh sé sin ar aon dul leis an bhfeidhm reatha atá ag HIQA chun seirbhísí cúraim shóisialta leanaí a rialáil); nó

(b) feidhmeanna iomchuí a thabhairt do chomhlacht rialála cuí eile nó do roinnt comhlachtaí rialála arna ainmniú/arna n-ainmniú agus/nó arna bhunú/arna mbunú ag an Rialtas.

70. Tagraíonn an Coimisiún do na moltaí uaidh i gCaibidil 7 gur cheart feidhmeanna a thabhairt do chomhlachtaí rialála atá ann cheana chun faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí áirithe (dá ngairtear seirbhísí iomchuí) a gcuid dualgas beartaithe nua. Baineann sé de thátal as nach bhfuil an Coimisiún á mholadh go mbunófaí comhlacht rialála nua um chumhdach aosach. Is amhlaidh sin toisc go bhféachann an Coimisiún le dúbailt i sainchúraimí comhlachtaí rialála a sheachaint agus go bhféachann sé leis an úsáid is fearr a bhaint as saineolas na gcomhlachtaí rialála atá ann cheana. Mar sin féin, d'fhéadfadh an Rialtas a chinneadh comhlacht rialála nó athbhreithnithe a bhunú chun athbhreithnithe a dhéanamh ar theagmhais thromchúiseacha, mar shampla.

## Caibidil 7: Dualgais Chumhdaigh a Fhorchur ar Sholáthraithe Seirbhísí Áirithe

71. I gCaibidil 7, pléitear na dualgais chumhdaigh atá ar sholáthraithe seirbhísí áirithe, dá ngairtear soláthraithe seirbhísí iomchuí. Léirítear sna dualgais sin an fíoras nach bhfuil cumhdach aosach ina fhreagracht aonair atá ar aon chomhlacht, gníomhaireacht nó seirbhís amháin, agus go bhfuil ról tábhachtach ag go leor eintiteas difriúil maidir le haosaigh atá i mbaol in Éirinn a chumhdach. Faoi láthair, níl aon dualgais chumhdaigh ann a bhfuil feidhm acu go huilíoch maidir le gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí d'aosaigh, lena n-áirítear aosaigh is aosaigh atá i mbaol, a d'fhéadfadh a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina n-aosaigh atá i mbaol. Is ann do rialacháin, beartais agus caighdeáin atá ann cheana lena

gcuirtear dualgais chumhdaigh ar sholáthraithe seirbhísí iomchuí, ach tá siad sonrach don earnáil. Is seirbhísí rialáilte iad roinnt de na seirbhísí sin, ach ní seirbhísí rialáilte iad gach ceann díobh.

72. Moltar i gCaibidil 7 gur cheart feidhm a bheith ag gach dualgas cumhdaigh atá beartaithe inti maidir le soláthraithe seirbhíse iomchuí, agus gur cheart "seirbhís iomchuí" a mhíniú mar "aon obair nó aon ghníomhaíocht a dhéanann duine nó eagraíocht, arb é atá i gcuid riachtanach agus rialta di go príomha rochtain a bheith ag duine nó eagraíocht ar aosaigh, nó ar aosaigh is aosaigh atá i mbaol díobhála, a d'fhéadfadh a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol díobhála nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina n-aosaigh atá i mbaol díobhála nó teagmháil a bheith ag duine nó eagraíocht le haosaigh nó leis na haosaigh sin".

73. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sa liosta de sheirbhísí iomchuí, ach gan a bheith teoranta dóibh:

(a) lárionad ainmnithe de réir bhrí alt 2(1) den Acht Sláinte 2007, a mhéid a bhaineann sé le foras ina soláthraítear seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta nó d'aosaigh faoi mhíchumas;

(b) seirbhís a sholáthraíonn cúram d'aosaigh i dteaghaisí príobháideacha;

(c) seirbhís a sholáthraíonn seirbhísí lae d'aosaigh faoi mhíchumas;

(d) seirbhís a sholáthraíonn seirbhísí lae d'aosaigh scothaosta;

(e) seirbhís a sholáthraíonn cúnamh pearsanta d'aosaigh faoi mhíchumas;

(f) ospidéal, ospís, lárionad cúraim sláinte nó lárionad eile a ligeann aosaigh isteach, a chuireann cóireáil ar aosaigh nó a sholáthraíonn seirbhísí fisiciúla d'aosaigh ar shlí eile;

(g) seirbhís a ligeann aosaigh isteach, a chuireann cóireáil ar aosaigh nó a sholáthraíonn seirbhísí meabhairshláinte d'aosaigh, lena n-áirítear lárionaid cheadaithe faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001;

(h) lárionad glactha nó cóiríochta a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta cónaithe d'aosaigh sa phróiseas cosanta idirnáisiúnta arna bhainistiú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, nó faoi chonradh léi;

(i) lárionad a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta tearmainn d'íospartaigh foréigin baile, ghnéasaigh nó inscnebhunaithe;

(j) lárionad a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta cónaithe chun seirbhísí mí-úsáide substaintí a sholáthar;

(k) lárionad a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta cónaithe d'aosaigh atá gan dídean;

(l) seirbhís a sholáthraíonn cóireáil (lena n-áirítear measúnú a bhféadfadh cóireáil a bheith mar thoradh air), teiripe nó comhairleoireacht d'aosach;

(m) aon obair nó aon ghníomhaíocht mar thiománaí, nó mar chúntóir don tiománaí, nó mar sheoltóir, nó mar mhaoirseoir ar aosaigh, a úsáideann feithicil atá á fruiliú nó á húsáid chun críche aosaigh a iompar chuig seirbhísí lae nó seirbhísí faoisimh agus gníomhaíochtaí gaolmhara na seirbhísí sin agus uathu araon, agus chun na críche sin amháin;

(n) aon obair nó aon ghníomhaíocht a dhéanann comhalta den Gharda Síochána, arb é atá i gcuid riachtanach agus rialta di go príomha rochtain a bheith ag an duine ar aosaigh a d'fhéadfadh a bheith i mbaol díobhála nó ar "daoine soghonta" de réir bhrí alt 2 den Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012, nó teagmháil a bheith ag an duine leis na haosaigh sin.

74. Aithníonn an Coimisiún gurb amhlaidh, maidir lena mholadh go dtabharfaí seirbhísí neamhrialáilte laistigh den rialáil, a thiocfadh sé sin lasmuigh de raon feidhme an tionscadail toisc go bhfuil breithniúcháin a théann níos faide ná cumhdach aosach i gceist leis sin. Ina áit sin, molann an Coimisiún gur cheart don Rialtas a bhreithniú go cúramach cé acu ba cheart nó nár cheart seirbhísí iomchuí, nach bhfuil faoi réir córais rialála reachtúla lena n-áirítear cigireachtaí reachtúla faoi láthair, a thabhairt laistigh de chórais rialála den sórt sin. I gcás gur seirbhís neamhrialáilte í seirbhís iomchuí agus go bhfuil caighdeáin ann nó go mbeidh caighdeáin ann sa todhchaí, d'fhéadfadh na gníomhaireachtaí cistiúcháin iomchuí nó na ranna Rialtais iomchuí breithniú a dhéanamh ar chaighdeáin a nuashonrú nó a dhréachtú chun na dualgais chumhdaigh atá beartaithe i gCaibidil 7 a chuimsiú. D'fhéadfaí an méid sin a dhéanamh idir an dá linn fad is atáthar ag fanacht le rialáil.

75. I gCaibidil 7, pléitear na dualgais atá ar sholáthraithe seirbhísí iomchuí faoi láthair chun aosaigh atá i mbaol a chumhdach i rialacháin, na ceanglais bheartais i gcaighdeáin atá ann cheana agus comhaontuithe conarthacha ar sholáthraithe seirbhísí iomchuí áirithe. Baineann sé de thátal as nach bhfuil aon dualgais reachtúla chumhdaigh ann a bhfuil feidhm acu go huilíoch maidir le gach eagraíocht sa soláthar seirbhísí d'aosaigh, lena n-áirítear aosaigh is aosaigh atá i mbaol, a d'fhéadfadh a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina n-aosaigh atá i mbaol. Molann an Coimisiún mar sin gur cheart na dualgais seo a leanas ar sholáthraithe seirbhísí iomchuí a thabhairt isteach sa reachtaíocht um chumhdach aosach:

(a) dualgas chun a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún, go ndéanfar a sheirbhísí a eagrú, a bhainistiú agus a sholáthar ar bhealach a gcoiscfidh díobháil d'aon aosach is aosach atá i mbaol, a d'fhéadfadh a bheith ina aosach nó ina haosach atá i mbaol nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina aosach nó ina haosach atá i mbaol le linn dó nó di a bheith ag baint leas as an tseirbhís.

(b) dualgas chun measúnú riosca a dhéanamh agus a dhoiciméadú ar aon fhéidearthacht go ndéanfaí díobháil d'aosach le linn dó nó di a bheith ag baint leas as an tseirbhís; agus

(c) dualgas chun ráiteas faoi chumhdach aosach a ullmhú.

76. Molann an Coimisiún go gcaithfeadh gach soláthraí seirbhíse iomchuí a mheasúnú riosca a dhoiciméadú agus taifid a choinneáil air. Baineann ráiteas faoi chumhdach aosach le haosaigh a bhaineann leas as an tseirbhís go ginearálta a chumhdach i gcomhthéacs an tsoláthair seirbhísí. I gcomparáid leis sin, baineann plean cumhdaigh (a phléitear thíos) go sonrach le haosaigh aonair atá i mbaol a chumhdach i gcás go bhfuil ábhar imní cumhdaigh ann.

77. Molann an Coimisiún gur cheart a shonrú i ráiteas faoi chumhdach aosach na beartais, na nósanna imeachta agus na bearta atá i bhfeidhm ag soláthraí seirbhíse iomchuí chun aosaigh a chumhdach, lena n-áirítear aosaigh is aosaigh atá i mbaol, a d'fhéadfadh a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina n-aosaigh atá i mbaol. D'áireofaí leo sin aon bheartais, aon nósanna imeachta agus aon bhearta arna gcur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí arna sainaithint i measúnú riosca.

78. Molann an Coimisiún gur cheart a cheangal ar sholáthraí seirbhíse iomchuí:

(a) taifid ar a mheasúnú riosca ar chumhdach aosach; agus

(b) cóip den ráiteas faoi chumhdach aosach uaidh

a chur ar fáil do gach aosach a bhaineann leas as an tseirbhís agus do bhaill foirne an tsoláthraí seirbhíse iomchuí agus, arna iarraidh sin, do dhaoine den phobal agus do chomhlachtaí rialála atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar an tseirbhís iomchuí.

79. I gCaibidil 7, pléitear bearta chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh na ndualgas chun measúnú riosca a dhéanamh agus a dhoiciméadú agus chun ráiteas faoi chumhdach aosach a ullmhú, lena n-áirítear ról na rialálaithe atá ann cheana maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh. Áirítear leis an sásra forfheidhmiúcháin a molann an Coimisiún é fógraí rabhaidh agus fógraí neamhchomhlíonta a eisiúint agus soláthraithe a chur ar chlár neamhchomhlíonta. Molann an Coimisiún gurbh amhlaidh, i gcás go ndéantar seirbhísí iomchuí a rialáil, ba cheart freagracht a bheith ar rialálaithe seirbhísí iomchuí atá ann cheana as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus ba cheart dóibh clár neamhchomhlíonta a choinneáil le haghaidh na seirbhísí a rialálann siad.

80. I gCaibidil 7 freisin, pléitear pleananna cumhdaigh agus na ceanglais reachtúla agus bheartais atá ar sholáthraithe seirbhísí iomchuí áirithe faoi láthair plean cumhdaigh, plean cúraim nó plean pearsanta a bheith i bhfeidhm acu. Maidir le roinnt de na ceanglais sin, is ceanglais reachtúla iad i rialacháin, mar shampla, i gcás go bhfuil an lárionad cónaithe á rialáil ag HIQA nó ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. D'fhéadfadh go mbeadh ar sheirbhísí iomchuí eile, áfach, caighdeáin neamhreachtúla nó beartais neamhreachtúla ina gcuimsítear ceanglais maidir le pleananna cúraim, pleananna pearsanta nó pleananna cumhdaigh a chomhlíonadh.

81. I gCaibidil 7, pléitear an difríocht idir pleananna cumhdaigh agus pleananna cúraim nó pleananna pearsanta. D'fhéadfaí plean cumhdaigh a chur i bhfeidhm i gcás go bhfuil imní ar sholáthraí seirbhíse iomchuí go bhfuil baol díobhála ann d'aosach ar leith, nó do ghrúpa aosach, a bhaineann leas as an tseirbhís. Tugtar

breac-chuntas i bplean cumhdaigh ar na bearta ba cheart a dhéanamh chun aosach ar leith nó grúpa aosach ar leith a choinneáil sábháilte nó chun an baol díobhála do dhaoine eile a eascraíonn as leas a bheith á bhaint ag aosach amháin as seirbhís a íoslaghdú. Níor cheart plean cumhdaigh a chur chun feidhme ach amháin le toiliú an aosaigh iomchuí atá i mbaol i gcás go bhfuil an cumas ag an aosach atá i mbaol cinntí a dhéanamh faoina gcúram pearsanta nó faoina leas pearsanta.

82. Déanann an Coimisiún moltaí freisin maidir le soláthraithe seirbhísí iomchuí sonracha. Molann sé go ndéanfaí na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2013, na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Tacaíocht do Chónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas (Leanaí agus Aosaigh)), 2013, agus na Rialacháin um an Acht Meabhair-Shláinte, 2001 (Lárionaid Cheadaithe), 2006, a leasú chun ceanglas a áireamh chun plean cúraim nó plean pearsanta a nuashonrú chun plean cumhdaigh a chur ar áireamh ann, i gcás go sainaithnítear cónaitheoir a bheith i mbaol díobhála. Ba cheart a fhoráil leis na leasuithe ar na rialacháin freisin gurbh amhlaidh, i gcás gur cuireadh plean cumhdaigh ar áireamh i bplean cúraim nó i bplean pearsanta, a cheanglófaí ar sholáthraithe seirbhíse iomchuí athbhreithniú tosaigh a dhéanamh tráth nach déanaí ná sé mhí, agus athbhreithniú eile a dhéanamh tráth nach déanaí ná dhá mhí dhéag, ó dháta nuashonrú an phlean cúraim nó an phlean phearsanta chun a mheasúnú cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh dul chun cinn chun an cónaitheoir a chumhdach go leordhóthanach. Molann sé freisin gur cheart plean cumhdaigh a chur ar áireamh i bpleananna tacaíochta pearsanta d'úsáideoirí seirbhíse a bhaineann leas as seirbhísí tacaíochta baile (nó aon phlean coibhéiseach eile a d'fhéadfaí a shainaithint i rialacháin sa todhchaí) i gcás go sainaithnítear aosach a bheith i mbaol díobhála.

83. I gCaibidil 7, déanann an Coimisiún moltaí freisin faoi dhualgais ar sholáthraithe seirbhísí iomchuí chun oiliúint cumhdaigh aosach a sholáthar. Molann sé gur cheart rialachán 26 de na Rialacháin um an Acht Meabhair-Shláinte, 2001 (Lárionaid Cheadaithe), 2006, a leasú chun a cheangal go gcuirfí oiliúint cumhdaigh aosach ar fáil do bhaill foirne na lárionad ceadaithe, lena n-áirítear oiliúint sa dóigh ar féidir drochúsáid a bhrath agus a chosc agus freagairt di. Molann an Coimisiún gur cheart a cheangal le haon rialacháin sa todhchaí a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí tacaíochta baile go soláthrófaí oiliúint cumhdaigh aosach do bhaill foirne a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta baile, lena n-áirítear oiliúint sa dóigh ar féidir drochúsáid a bhrath agus a chosc agus freagairt di.

84. Molann an Coimisiún freisin gur cheart ceanglais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí iomchuí, seachas iad sin a rialálann HIQA agus an Coimisiún Meabhair-Shláinte, lena n-áirítear oiliúint chun a chinntiú go soláthraítear oiliúint cumhdaigh aosach do bhaill foirne sa dóigh ar féidir drochúsáid a bhrath agus a chosc agus freagairt di. Tá sé deacair an méid sin a bhaint amach toisc nach bhfuil aon rialáil ann. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh, áfach, ar chaighdeáin atá ann cheana ar an tseirbhís a nuashonrú nó caighdeáin sa todhchaí ar an tseirbhís a dhréachtú chun ionchais maidir le hoiliúint cumhdaigh aosach a chur ar áireamh iontu. Ina theannta sin, sainaithnítear i gCaibidil 7 bearna oiliúna shonrach maidir le tiománaithe tacsaí. Molann an Coimisiún gur cheart na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí), 2015, a leasú chun ceanglas a thabhairt isteach ar shealbhóirí ceadúnas le haghaidh beagfheithiclí poiblí a thiomáint chun tabhairt faoi oiliúint cumhdaigh aosach, lena n-áirítear oiliúint sa dóigh ar féidir drochúsáid a bhrath

agus a chosc agus freagairt di. Ba cheart don Údarás Náisiúnta Iompair agus don Gharda Síochána an oiliúint sin a sholáthar i gcomhar leis an gComhlacht Cumhdaigh. Ar deireadh, pléitear i gCaibidil 7 na dualgais atá ar sholáthraithe seirbhísí iomchuí maidir le bailiú sonraí agus le comhroinnt faisnéise.

## Caibidil 8: Tathant Neamhspleách

85. I gCaibidil 8, breithnítear an féidir nó nach féidir níos mó a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir le haosaigh is aosaigh atá i mbaol nó le haosaigh a chreidtear a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol rochtain a fháil ar sheirbhísí tathanta neamhspleách. Is é an bhrí atá le tathant neamhspleách ná tacaíocht tathanta a sholáthraíonn eagraíochtaí nó daoine aonair atá neamhspleách ar bhaill teaghlaigh agus ar sholáthraithe seirbhíse. Tá sé mar aidhm ag tathant neamhspleách cumhacht agus cúnamh a thabhairt do dhaoine aonair a bhfuil deacrachtaí acu a gcearta a fheidhmiú trína chinntiú gur féidir leo a dtuairimí a chur in iúl, a mianta a chur in iúl agus páirt a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta a dhéanann difear dá saol.

86. Faoi láthair in Éirinn, tá dualgais reachtúla chun rochtain ar thathant neamhspleách a éascú i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach teoranta d'aosaigh faoi mhíchumas agus daoine scothaosta a bhfuil cónaí orthu i lárionaid chónaithe agus do dhaoine a bhfuil neamhoird mheabhairshláinte orthu agus a bhfuil cóireáil á cur orthu i lárionaid chónaithe faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001. Mar sin féin, níor glacadh cur chuige aonfhoirmeach sna lárionaid chónaithe sin, rud a fhágann go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann ar fud na rialachán i láidreacht na n-oibleagáidí a chuirtear ar sholáthraithe seirbhíse. Ina theannta sin, ós rud é nach mbaineann na hoibleagáidí reachtúla sin ach amháin le soláthraithe seirbhíse i lárionaid chónaithe do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil neamhoird mheabhairshláinte orthu, níl teidlíochtaí reachtúla ag aosaigh a dtugtar cúram dóibh lasmuigh de na suíomhanna sin i leith rochtain a fháil ar thacaíocht tathanta neamhspleách chun a gcuid tuairimí a chur in iúl agus tacaíocht a fháil chun iad a chumasú páirt a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta a dhéanann difear dá saol.

87. Faoi láthair, tá eagraíochtaí éagsúla ann a thairgeann seirbhísí tathanta neamhspleách, a bhfuil sainchúraimí éagsúla orthu agus a bhfuil sruthanna difriúla cistiúcháin acu chun seirbhísí a sholáthar do ghrúpaí éagsúla daoine. Le creat reachtúil agus rialála le haghaidh cumhdach aosach, ba cheart aosaigh atá i mbaol a chur i gcroílár na gcinntí uile, a neamhspleáchas a urramú, iad a chumhachtú chun a dtuairimí faoi bhearta cumhdaigh a chur in iúl, agus feabhas a chur ar a gcumas chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta agus tuiscint a fháil ar chuspóir aon ghníomhartha nó idirghabhálacha atá beartaithe. Imríonn tathantóirí neamhspleácha ról ríthábhachtach i gcabhrú le haosaigh is aosaigh atá i mbaol, a d'fhéadfadh a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina n-aosaigh atá i mbaol a dtuairimí a chur in iúl agus caidreamh a dhéanamh le gairmithe iomchuí. Is chomh tábhachtach céanna, áfach, atá cineálacha eile tathanta, amhail tathant piaraí agus féintathant, mar aon leis an tacaíocht a thugann oibrithe sóisialta chun aosaigh a chumhachtú tathant a dhéanamh ar a son féin.

88. Molann an Coimisiún gur cheart don Rialtas cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh i leith tathant neamhspleách a sholáthar ar fud na suíomhanna cúraim uile. Chun comhsheasmhacht a chinntiú, molann an Coimisiún gur cheart na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Tacaíocht do Chónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine atá faoi Mhíchumas (Aosaigh agus Leanaí)), 2013, a leasú chun a cheangal ar lárionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas rochtain ar sheirbhísí tathanta neamhspleách a éascú d'aosaigh a bhfuil cónaí orthu sna lárionaid sin. Molann an Coimisiún freisin gur cheart na Rialacháin um an Acht Meabhair-Shláinte, 2001 (Lárionaid Cheadaithe), 2006, a leasú chun a cheangal ar lárionaid cheadaithe rochtain ar sheirbhísí tathanta neamhspleách a éascú d'aosaigh a bhfuil cónaí orthu i lárionaid cheadaithe.

89. Maidir le seirbhísí neamhrialáilte, nó le seirbhísí ina bhfuil caighdeáin neamhreachtúla ann, creideann an Coimisiún, i gcás go rialáiltear seirbhísí den sórt sin, gur cheart dualgais chomhchosúla maidir le tathant neamhspleách a chur ar na seirbhísí sin chun comhsheasmhacht a chinntiú. I gcás go bhfuil caighdeáin nó conarthaí le haghaidh socruithe seirbhíse ann, d'fhéadfadh gníomhaireachtaí cistiúcháin iomchuí agus Ranna Rialtais breithniú a dhéanamh ar chaighdeáin agus conarthaí atá ann cheana a nuashonrú chun forálacha tathanta neamhspleách atá cosúil leo sin atá sna rialacháin arna ndéanamh faoin Acht Sláinte 2007 agus faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001, a chur ar áireamh iontu. D'fhéadfaí na ceanglais sin a áireamh in aon chaighdeáin nó aon chonarthaí sa todhchaí freisin.

90. Ar fud na Tuarascála, molann an Coimisiún gur cheart a thabhairt de chumhacht don Chomhlacht Cumhdaigh feidhmeanna agus cumhachtaí áirithe a fheidhmiú chun sláinte, sábháilteacht agus leas aosach atá i mbaol a chur chun cinn agus chun an baol díobhála dóibh a íoslaghdú. I gcás go bhfuil an Comhlacht Cumhdaigh ag feidhmiú a fheidhmeanna faoin reachtaíocht um chumhdach aosach, d'fhéadfadh roinnt de na gníomhartha a d'fhéadfadh sé a dhéanamh cur as d'aosach is aosach atá i mbaol nó a chreidtear a bheith ina aosach atá i mbaol nó ina haosach atá i mbaol. Dá mbeadh tathantóir neamhspleách i láthair, d'fhéadfadh go gcabhrófaí leis an aosach atá i mbaol a thuiscint cad atá le tarlú agus go gcabhrófaí leis nó léi a thuairimí nó a tuairimí faoin gcás a chur in iúl. Molann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart a thabhairt isteach leis an reachtaíocht um chumhdach aosach dualgas ar an gComhlacht Cumhdaigh rochtain ar sheirbhísí tathanta neamhspleách a éascú, a mhéid is indéanta le réasún, d'aosach is aosach atá i mbaol nó a chreidtear a bheith ina aosach atá i mbaol nó ina haosach atá i mbaol, i gcás go ndéanann sé caidreamh leis an aosach sin go díreach chun críocha a fheidhmeanna a fheidhmiú faoin reachtaíocht um chumhdach aosach.

91. Is féidir nach mbeidh aon deacrachtaí ag roinnt aosach atá i mbaol páirt a ghlacadh i bpróisis um chumhdach aosach, a roghanna agus a ndearcthaí a chur in iúl, nó cumarsáid a dhéanamh le gairmithe iomchuí, lena n-áirítear an Comhlacht Cumhdaigh agus a oifigigh údaraithe. Ar an gcúis sin, molann an Coimisiún nár cheart feidhm a bheith ag an dualgas atá beartaithe chun rochtain ar sheirbhísí tathanta neamhspleách a éascú ach amháin i gcás gur deimhin leis an gComhlacht Cumhdaigh gurbh amhlaidh, mura mbeadh rochtain ann ar sheirbhísí tathanta neamhspleách, a d'fhéadfadh deacrachtaí suntasacha a bheith ag aosach is aosach atá i mbaol nó a chreidtear a bheith ina aosach atá i mbaol nó ina haosach atá i mbaol le linn dó nó di féachaint leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis iomchuí a thuiscint;

(b) an fhaisnéis sin a choinneáil i gcuimhne;

(c) an fhaisnéis sin a úsáid nó a chur sa mheá mar chuid den phróiseas um chaidreamh a dhéanamh leis an gComhlacht Cumhdaigh;

(d) a thuairimí nó a tuairimí, a mhianta nó a mianta, nó a mhothúcháin nó a mothúcháin a chur in iúl (trí labhairt, trí úsáid a bhaint as teanga chomharthaíochta nó ar mhodh ar bith eile).

92. Ina theannta sin, molann an Coimisiún nár cheart feidhm a bheith ag an dualgas atá beartaithe chun rochtain ar sheirbhísí tathanta neamhspleách a éascú ach amháin i gcás gur deimhin leis an gComhlacht Cumhdaigh nach bhfuil aon duine oiriúnach eile ann a d'fhéadfadh tacú go héifeachtach leis an aosach is aosach atá i mbaol nó a chreidtear a bheith ina aosach atá i mbaol nó ina haosach atá i mbaol chun a chaidreamh nó a caidreamh leis an gComhlacht Cumhdaigh a chumasú. D'fhéadfadh an duine sin a bheith ina bhall teaghlaigh nó ina ball teaghlaigh, ina chara nó ina cara nó ina ghairmí nó ina gairmí a bhfuil iontaoibh ag an aosach ann nó inti.

93. Creideann an Coimisiún go mbeadh sé ina chuidiú cód cleachtais a bheith ann do thathantóirí neamhspleácha a oibríonn i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach, ar chód é a bheadh cosúil leis na cóid chleachtais ar fhoilsigh Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta iad faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015. Molann an Coimisiún gur cheart foráil a chur ar áireamh sa reachtaíocht um chumhdach aosach chun an Comhlacht Cumhdaigh a cheadú chun cód cleachtais a fhoilsiú do thathantóirí neamhspleácha a sholáthraíonn tacaíocht d'aosaigh is aosaigh atá i mbaol nó a chreidtear a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol.

94. Ós rud é go mbíonn ag méadú ar a thábhachtaí atá tathant neamhspleách, agus ar an méid a bhítear ag brath air, san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta go háirithe, tá fíorghá le caighdeánú san oiliúint, san iompar agus sna nósanna imeachta i ndáil le seirbhísí tathanta neamhspleách a sholáthar. Maidir le rialáil tathantóirí neamhspleácha nó seirbhísí tathanta neamhspleách, tagann sí lasmuigh de raon feidhme an tionscadail seo toisc nach mbaineann sí go sonrach le comhthéacs an chumhdaigh aosach. Tá a lán breithniúchán a thagann salach ar a chéile i gceist leis an méid ba cheart tathantóirí neamhspleácha aonair nó seirbhísí tathanta neamhspleách a rialáil agus ba cheart é a bhreithniú ina iomláine thar earnálacha iomchuí éagsúla, seachas é a bhreithniú ina aonar i gcomhthéacs aon chreata reachtúil agus rialála le haghaidh cumhdach aosach. Mar sin, molann an Coimisiún gur cheart don Rialtas a bhreithniú an bhfuil nó nach bhfuil gá le cineál rialála a dhéanamh ar thathantóirí neamhspleácha nó ar sheirbhísí tathanta neamhspleách.

## Caibidil 9: Samhlacha Tuairiscithe

95. I gCaibidil 9, pléann an Coimisiún samhlacha tuairiscithe in Éirinn agus i ndlínsí eile agus déanann sé moltaí maidir le hathchóiriú. Is cuid thábhachtach de chumhdach aosach é drochúsáid aosach atá i mbaol nó faillí in aosaigh atá i mbaol a thuairisciú. Is féidir le tuairisciú drochúsáid bhreise aosach atá i mbaol nó faillí bhreise in aosaigh atá i mbaol a chosc, nó drochúsáid institiúideach nó stairiúil a nochtadh.

96. Cé go bhforáiltear le dlí na hÉireann do chion a dhéanamh d'fhaisnéis faoi chionta áirithe in aghaidh "daoine soghonta" a choimeád siar in imthosca áirithe, níl aon chreat reachtúil ann le haghaidh ábhair imní faoi aosaigh atá i mbaol a thuairisciú ar bhonn níos leithne. Foráiltear leis an reachtaíocht atá ann do chionta a dhéanamh d'fhaisnéis a choimeád siar in imthosca sonraithe agus forchuirtear léi, mar shampla, dualgais ar dhaoine sonraithe teagmhais infhógartha i lárionaid ainmnithe a thuairisciú faoin Acht Sláinte 2007. Mar sin féin, níl aon cheann de na cionta ná de na hoibleagáidí atá ann cheana in Éirinn ceaptha chun ligean d'imscrúdú a dhéanamh ar ábhair imní a bhaineann le drochúsáid iarbhír nó amhrasta aosach aonair atá i mbaol nó le faillí iarbhír nó amhrasta in aosaigh aonair atá i mbaol.

97. Ina theannta sin, cuimsítear san Acht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023, nach bhfuil tosaithe go fóill agus an méid seo á scríobh, liosta de na teagmhais nach mór do sholáthraithe seirbhísí sláinte fógra a thabhairt ina dtaobh do HIQA nó don Choimisiún Meabhair-Shláinte.

98. Ar thosach feidhme an Achta um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023, áfach, beidh bearna ann fós sa chosaint a thugtar d'othair de chuid soláthraithe seirbhísí sláinte is aosaigh atá i mbaol nó a d'fhéadfadh a bheith ina n-aosaigh atá i mbaol toisc nach gceanglófar ar sholáthraithe seirbhísí sláinte fógra a thabhairt i dtaobh teagmhas lena mbaineann drochúsáid iarbhír nó amhrasta aosach atá i mbaol nó faillí iarbhír nó amhrasta in aosaigh atá i mbaol ach nach teagmhais infhógartha iad faoi Acht 2023 nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoi.

99. Tá samhlacha difriúla ann le haghaidh drochúsáid aosach atá i mbaol nó faillí in aosaigh atá i mbaol a thuairisciú:

(a) Le tuairisciú ceadaitheach, ceadaítear do dhaoine drochúsáid iarbhír nó amhrasta nó faillí iarbhír nó amhrasta a thuairisciú. Tá córas tuairiscithe cheadaithigh againn in Éirinn faoi láthair, cé nach bhfuil sé ann ar bhonn reachtúil.

(b) Le tuairisciú sainordaitheach uilíoch, ceanglaítear ar gach duine drochúsáid iarbhír nó amhrasta aosach atá i mbaol nó faillí iarbhír nó amhrasta in aosaigh atá i mbaol a thuairisciú.

(c) Le tuairisciú ginearálta do dhaoine sainordaithe, ceanglaítear ar dhaoine sonraithe, dá ngairtear "daoine sainordaithe", drochúsáid iarbhír nó amhrasta aosach atá i mbaol nó faillí iarbhír nó amhrasta in aosaigh atá i mbaol a thuairisciú.

(d) Le tuairisciú sainordaitheach ar theagmhais shonraithe, ceanglaítear go dtuairisceofaí cineálacha áirithe drochúsáide iarbhír nó amhrasta nó cineálacha áirithe faillí iarbhír nó amhrasta, mar shampla drochúsáid fhisiciúil nó ghnéasach.

(e) Le tuairisciú sainordaitheach i suíomhanna sonraithe, ceanglaítear nach dtuairisceofaí drochúsáid iarbhír nó amhrasta ach amháin i suíomhanna áirithe, mar shampla, i suíomhanna cúram cónaithe.

100. I gCaibidil 9, déanann an Coimisiún na moltaí seo a leanas.

101. Níor cheart forálacha reachtúla maidir le tuairisciú sainordaitheach uilíoch i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach a thabhairt isteach in Éirinn.

102. Ba cheart Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, a leasú chun na nithe seo a leanas a chur isteach:

(a) an cion arb éard é comhéigean faoi alt 9 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;

(b) an cion arb éard é cur i gcontúirt faoi alt 13 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997; agus

(c) na cionta seo a leanas a mholann an Coimisiún i gCaibidil 19:

(i) an cion arb éard é drochúsáid a thabhairt do dhuine iomchuí, faillí a dhéanamh i nduine iomchuí nó drochíde a thabhairt do dhuine iomchuí, bíodh sé d'aon ghnó nó go meargánta;

(ii) an cion arb éard é duine iomchuí a chur faoi lé baol díobhála tromchúisí nó drochúsáide gnéasaí;

(iii) an cion arb éard é rialú comhéigneach ar dhuine iomchuí; agus

(iv) an cion arb éard é dúshaothrú comhéigneach duine iomchuí.

103. Ba cheart na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2013, agus na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Tacaíocht do Chónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas (Leanaí agus Aosaigh)), 2013, a leasú chun an liosta de theagmhais infhógartha a fhadú chun comhéigean airgeadais, patrúin faillí agus drochúsáid shíceolaíoch nó mhothúchánach a chur ar áireamh.

104. Ba cheart na Rialacháin um an Acht Meabhair-Shláinte, 2001 (Lárionaid Cheadaithe), 2006, a leasú chun a cheangal go dtabharfaí fógra don Chigire um Sheirbhísí Meabhair-Shláinte i dtaobh na dteagmhas seo a leanas:

(a) bás aon chónaitheora gan choinne;

(b) aon ghortú tromchúiseach do chónaitheoir ar ina leith a theastaíonn cóireáil liachta agus/nó cóireáil ospidéil láithreach;

(c) cónaitheoir a bheith as láthair ó lárionad ceadaithe gan aon mhíniú;

(d) aon líomhain maidir le mí-iompar a bheith déanta ag an dílseánach cláraithe nó ag ball foirne;

(e) aon ócáid inar tháinig an dílseánach cláraithe ar an eolas go bhfuil ball foirne ina ábhar nó ina hábhar d'athbhreithniú ag comhlacht gairmiúil;

(f) aon líomhain maidir le comhéigean airgeadais a bheith déanta ag an dílseánach cláraithe nó ag ball foirne;

(g) aon líomhain maidir le faillí a bheith déanta mar phatrún i gcónaitheoir ag an dílseánach cláraithe nó ag ball foirne; agus

(h) aon líomhain maidir le drochúsáid shíceolaíoch nó mhothúchánach a bheith tugtha do chónaitheoir ag an dílseánach cláraithe nó ag ball foirne.

105. I gcás go bhfuil eolas ag duine atá liostaithe i Sceideal 2 (Daoine Sainordaithe) a ghabhann leis an mBille um Chumhdach Aosach, 2024, atá beartaithe ag an gCoimisiún, nó go gcreideann sé nó sí nó go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici le bheith in amhras, ar bhonn na faisnéise a tugadh dó nó di, a fuair sé nó sí nó ar tháinig sé nó sí ar an eolas fúithi le linn a fhostaíochta nó a fostaíochta nó a ghairme nó a gairme mar dhuine sainordaithe, go ndearnadh díobháil d'aosach atá i mbaol, go bhfuil díobháil á déanamh d'aosach atá i mbaol nó go bhfuil baol ann go ndéanfar díobháil d'aosach atá i mbaol, ba cheart dualgas reachtúil a bheith air nó uirthi an t-eolas, an creideamh nó an t-amhras sin a thuairisciú, a luaithe is indéanta, de réir mar a bheidh, don Chomhlacht Cumhdaigh.

106. Is é an Comhlacht Cumhdaigh an comhlacht cuí le haghaidh tuairiscí a fháil agus a mheasúnú.

107. Maidir leis an tairseach ar cheart feidhm a bheith aici maidir leis an dualgas reachtúil beartaithe ar dhaoine sainordaithe tuairisc a thabhairt, ba cheart a bheith inti go bhfuil eolas ag duine sainordaithe, nó go gcreideann sé nó sí nó go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici le bheith in amhras, ar bhonn na faisnéise a tugadh dó nó di, a fuair sé nó sí nó ar tháinig sé nó sí ar an eolas fúithi le linn a fhostaíochta nó a fostaíochta nó a ghairme nó a gairme mar dhuine sainordaithe, go ndearnadh díobháil d'aosach atá i mbaol, go bhfuil díobháil á déanamh d'aosach atá i mbaol nó go bhfuil baol ann go ndéanfar díobháil d'aosach atá i mbaol.

108. Ba cheart "díobháil intuairiscithe" a mhíniú sa reachtaíocht um chumhdach aosach. Tá an míniú molta ón gCoimisiún le fáil i gCaibidil 2.

109. Ba cheart "díobháil intuairiscithe" a fhorléiriú mar ní nach n-áirítear "féinfhaillí" leis, seachas sna himthosca atá leagtha amach i gCaibidil 2.

110. Mar a mholtar i gCaibidil 2, ba cheart treoir reachtúil a sholáthar maidir leis an míniú ar "féinfhaillí", agus ba cheart treoir maidir leis na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh inti:

(a) aosaigh atá i mbaol díobhála agus atá ag déanamh féinfhaillí a chumhdach; agus

(b) caidreamh a dhéanamh le haosaigh atá ag déanamh féinfhaillí agus a bhfuil

an cumas acu féinfhaillí a roghnú, agus tacaí roghnacha a thairiscint dóibh.

111. Níor cheart a cheangal ar dhuine sainordaithe tuairisc a thabhairt don Chomhlacht Cumhdaigh sna himthosca seo a leanas:

(a) i gcás go gcreideann an duine sainordaithe le réasún go bhfuil cumas cinnteoireachta ag aosach atá i mbaol díobhála maidir lena chúram nó lena cúram agus lena leas ag pointe ama ar leith;

(b) i gcás gur chuir an t-aosach atá i mbaol díobhála, a bhfuil cumas cinnteoireachta aige nó aici faoi mhír (a), an duine sainordaithe ar an eolas nár cheart an t-eolas, an creideamh nó an t-amhras, nó faisnéis a bhaineann leis, a nochtadh don Chomhlacht Cumhdaigh agus go raibh an duine sainordaithe ag brath ar an tuairim sin; agus

(c) i gcás go gcreideann an duine sainordaithe le réasún go bhfuil an t-aosach atá i mbaol díobhála ag cinneadh as a shaorthoil nó a saorthoil féin, gan tionchar míchuí agus gan éigeantas míchuí, a lua nach bhfuil sé nó sí ag iarraidh go dtabharfaí tuairisc don Chomhlacht Cumhdaigh.

112. Molann an Coimisiún gur cheart foráil atá cosúil le halt 14(4) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, rud lena seachnaítear an gá le tuairisciú dúblálach ó dhaoine sainordaithe, a chur ar áireamh sa reachtaíocht um chumhdach aosach.

113. Chun críocha an dualgais drochúsáid iarbhír nó amhrasta aosach atá i mbaol nó faillí iarbhír nó amhrasta in aosaigh atá i mbaol a thuairisciú, ba cheart daoine sainordaithe a fhorordú i sceideal a ghabhann leis an reachtaíocht um chumhdach aosach.

114. Tá liosta iomlán de na daoine a gcreideann an Coimisiún gur cheart iad a fhorordú mar dhaoine sainordaithe le fáil i Sceideal 2 a ghabhann leis an mBille um an Dlí Sibhialta (Cumhdach Aosach), 2024, ón gCoimisiún.

115. Ba cheart comhaltaí den Gharda Síochána a fhorordú mar dhaoine sainordaithe chun críocha an dualgais bheartaithe sa reachtaíocht um chumhdach aosach tuairisc a thabhairt.

116. Ba cheart bainisteoirí ar na cineálacha seirbhísí seo a leanas a fhorordú mar dhaoine sainordaithe chun críocha an dualgais bheartaithe sa reachtaíocht um chumhdach aosach tuairisc a thabhairt:

(a) seirbhís lae d'aosaigh;

(b) soláthraí gairmiúil tacaíochta baile;

(c) lárionad a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta tearmainn d'íospartaigh foréigin baile, ghnéasaigh nó inscnebhunaithe;

(d) soláthar do dhaoine gan dídean nó saoráid cóiríochta éigeandála;

(e) lárionad cóiríochta do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta (i.e., soláthar díreach) nó a dtairgtear cosaint idirnáisiúnta dóibh; agus

(f) seirbhís andúile nó seirbhís mí-úsáide substaintí.

117. Ba cheart oifigigh phromhaidh de réir bhrí alt 1(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983, a chur ar áireamh sa sceideal de dhaoine sainordaithe chun críocha an dualgais bheartaithe sa reachtaíocht um chumhdach aosach tuairisc a thabhairt.

118. Ba cheart iad seo a leanas a chur ar áireamh sa sceideal de dhaoine sainordaithe chun críocha an dualgais bheartaithe sa reachtaíocht um chumhdach aosach tuairisc a thabhairt:

(a) oifigigh chumhdaigh nó daoine eile, cibé tuairisc atá orthu, atá fostaithe chun an fheidhm cumhdaigh aosach de chuid comhlachtaí agus eagraíochtaí reiligiúnacha, spóirt, tathanta, carthanúla, áineasa, cultúrtha agus oideachasúla a chomhlíonadh; agus

(b) comhlachtaí agus eagraíochtaí eile a thairgeann seirbhísí d'aosaigh, a bhféadfadh aosaigh atá i mbaol a bheith ina measc.

119. Níor cheart smachtbhanna coiriúil a fhorchur mar thoradh ar mhainneachtain ag duine sainordaithe tuairisc a thabhairt faoin reachtaíocht um chumhdach aosach.

120. Ba cheart a chur ar áireamh i ngach cód iompair ghairmiúil agus eitice atá ábhartha do dhaoine sainordaithe ar gairmithe cláraithe liachta, sláinte nó cúraim shóisialta iad forálacha maidir le tuairisc a thabhairt agus le hoibleagáidí dlíthiúla iomchuí a chomhlíonadh, ar forálacha iad atá aonfhoirmeach do na cóid uile.

121. Maidir le mainneachtainí ag daoine sainordaithe nach gairmithe cláraithe liachta, sláinte nó cúraim shóisialta iad tuairisc a thabhairt, ba cheart aghaidh a thabhairt orthu leo seo a leanas:

(a) nósanna imeachta araíonachta inmheánacha, i gcás gur féidir agus gur cuí;

(b) fógraí do HIQA ionas gur féidir mainneachtainí tuairisc a thabhairt a chur san áireamh agus cigireacht á déanamh ar lárionaid ainmnithe agus ar sheirbhísí cúraim shóisialta iomchuí faoin Acht Sláinte 2007;

(c) fógra do FSS, ar cheart é a bhreithniú i bhfianaise aon socruithe cistiúcháin atá i bhfeidhm don suíomh iomchuí faoi alt 38 nó alt 39 den Acht Sláinte 2004; nó

(d) fógra i dtaobh an tsáraithe ar dhualgas tuairisc a thabhairt do Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

122. Ba cheart oiliúint rialta a sholáthar do dhaoine sainordaithe chun críocha an dualgais bheartaithe tuairisc a thabhairt sa reachtaíocht um chumhdach aosach.

123. Ba cheart a fhoráil leis an reachtaíocht um chumhdach aosach go bhféadfaidh an Comhlacht Cumhdaigh, i gcás go bhfaigheann sé tuairisc ó dhuine sainordaithe, cibé bearta a dhéanamh a mheasann sé is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú faoin reachtaíocht um chumhdach aosach, lena n-áirítear iarraidh ar aon duine sainordaithe a gcreideann sé, bunaithe ar fhorais réasúnacha, go bhféadfadh sé nó sí a bheith in ann cabhrú leis chun na gcríoch sin, cibé faisnéis agus cúnamh a theastaíonn uaidh le réasún a sholáthar dó agus atá, ina thuairim, riachtanach agus comhréireach in imthosca uile an cháis, ach gan a bheith teoranta d'iarraidh den sórt sin.

124. Ba cheart cosaint reachtúil a thabhairt isteach sa reachtaíocht um chumhdach aosach, ar cosaint reachtúil í ab infheidhme maidir le haon duine a dhéanann tuairisc ar dhíobháil iarbhír nó amhrasta d'aosach atá i mbaol, ar choinníoll go ndéantar an tuairisc le réasún agus de mheon macánta.

125. Níor cheart córas tuairiscithe cheadaithigh i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach a thabhairt isteach ar bhonn reachtúil.

126. Ag féachaint don aga tosaigh atá ag teastáil le haghaidh na forálacha tuairiscithe shainordaithe a thosú agus don ghá lena chinntiú go dtabharfaí tuairisciú sainordaithe isteach in Éirinn go rathúil, ba cheart don Rialtas obair ullmhúcháin a dhéanamh a bhféadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh inti:

(a) treoir agus acmhainní a dhréachtú;

(b) cláir oiliúna agus ríomhfhoghlama a fhorbairt; agus

(c) feasacht a mhúscailt.

## Caibidil 10: Cumhachtaí chun Dul Isteach in Áitribh Iomchuí agus Cigireacht a Dhéanamh orthu

127. I gCaibidil 10, breithníonn an Coimisiún cumhachtaí chun dul isteach in áitribh iomchuí agus cigireacht a dhéanamh orthu chun sláinte, sábháilteacht nó leas aosach atá i mbaol a mheasúnú. Folaíonn an téarma "áitribh iomchuí" lárionaid ainmnithe, lárionaid cheadaithe, ospidéil, áitribh ina soláthraítear seirbhísí lae d'aosaigh faoi mhíchumas nó d'aosaigh scothaosta, agus lárionaid a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta cónaithe d'aosaigh sa phróiseas cosanta idirnáisiúnta, ach gan a bheith teoranta dóibh. Tá an liosta iomlán le fáil i gCaibidil 10.

128. Ós rud é gur féidir le saincheisteanna cumhdaigh teacht chun cinn ina lán suíomhanna, ní mór cumhachtaí leordhóthanacha a bheith ag an gComhlacht Cumhdaigh chun saincheisteanna den sórt sin a mheasúnú. Faoi láthair, níl ach méid beag cumhachtaí rochtana ar fáil do ghairmithe. Níl aon chumhacht reachtúil ag Foirne Cumhdaigh agus Cosanta FSS chun dul isteach i saoráidí poiblí nó príobháideacha, agus níl ach bonn beartais teoranta acu le haghaidh dul isteach i saoráidí poiblí áirithe. Tá teorainn le cumhachtaí cigireachta HIQA freisin. Tá sé sin i gcodarsnacht leis na cumhachtaí fairsinge rochtana atá ar fáil do chomhlachtaí coibhéiseacha in Albain, sa Bhreatain Bheag, agus i ndlínsí i gCeanada agus san Astráil. Luaigh a lán comhairlithe an gá atá le cumhachtaí breisithe rochtana in Éirinn. D'aithin siad na bearnaí sa chreat cumhdaigh reatha agus na deacrachtaí a bhíonn ag oibrithe sóisialta maidir le rochtain a fháil ar

aosaigh atá i mbaol, go háirithe i dtithe altranais príobháideacha.

129. Rinne an Coimisiún anailís ar chearta chun scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí do chearta aosach atá i mbaol agus do chearta tríú páirtithe a bheadh ag cumhachtaí breisithe rochtana ar áitribh iomchuí. Tá sé mar aidhm leis an gcumhacht mholta na cearta bunreachtúla atá ag aosach atá i mbaol chun beatha, chun saoirse, chun sláine coirp, chun neamhspleáchais, chun dínite agus chun cosaint an duine a dhearbhú. D'fhéadfadh an chumhacht cur isteach freisin, áfach, ar na cearta bunreachtúla atá ag an aosach atá i mbaol nó ag tríú páirtithe chun saoirse, chun príobháideachta, chun neamhspleáchais agus chun dosháraitheacht na teaghaise. Mar an gcéanna, baineann roinnt de chearta ECHR leis an gcumhacht. Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an chumhacht riachtanach chun na cearta atá ag aosaigh atá i mbaol a dhearbhú agus gur féidir í a shaincheapadh ionas nach gcuirfear isteach ar chearta ach amháin ar bhealach íosta agus comhréireach.

130. Molann an Coimisiún gur cheart cumhacht chun dul isteach in áitreabh iomchuí agus chun cigireacht a dhéanamh air gan aon bharántas a thabhairt d'oifigigh údaraithe an Chomhlachta Cumhdaigh leis an reachtaíocht um chumhdach aosach chun sláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol nó aosach atá i mbaol a mheasúnú. Mar a luaitear thuas, molann an Coimisiún go gcuimseofaí sa mhíniú ar "áitreabh iomchuí" raon suíomhanna a bhféadfadh cónaí a bheith ar aosaigh atá i mbaol iontu agus a bhféadfaí cúram a chur ar aosaigh atá i mbaol iontu. Ba cheart a thabhairt de chumhacht don Aire iomchuí "áitreabh iomchuí" breise a fhorordú de réir mar is gá. Níl feidhm ag an gcumhacht rochtana maidir le teaghaisí príobháideacha, i bhfianaise na cosanta bunreachtúla a fhaigheann siad.

131. Molann an Coimisiún nár cheart seomraí cónaitheoirí in áitribh iomchuí a chumhdach sa mhíniú ar "teaghais" chun na críche sin. Aithníonn an Coimisiún go gcónaíonn cónaitheoirí sna háitribh sin agus gurb iad a n-áiteanna cónaithe féin iad. Is annamh is áitribh fhéinchuimsitheacha iad na seomraí sin, más áitribh fhéinchuimsitheacha iad in aon chor, agus d'fhéadfadh go mbeadh rochtain ag a lán ball foirne agus a lán daoine eile ar na seomraí sin ar bhonn rialta. Bheadh sé dodhéanta agus díréireach barántas a éileamh ós rud é nach bhfuil rochtain ag teastáil ar chúis phionósach nó araíonachta. Go deimhin, d'fhéadfadh sé a bheith le leas na gcónaitheoirí dá mbeadh cumhacht ag oifigigh údaraithe chun dul isteach gan bharántas, rud lena gcumasófaí idirghabhálacha tráthúla. Ba cheart aon chuid fhéinchuimsitheach d'áitreabh iomchuí a úsáideann an soláthraí seirbhíse nó an fhoireann mar áit chónaithe a chumhdach sa mhíniú ar "teaghais", áfach. Níor cheart d'oifigeach údaraithe dul isteach i dteaghais den sórt sin ach amháin le toiliú an áititheora nó i gcomhréir le barántas nó le cumhacht dhlíthiúil eile chun dul isteach.

132. Mar gheall ar chineál na n-áitreabh iomchuí, tá an Coimisiún den tuairim nár cheart aon bharántas a bheith riachtanach chun go bhféadfaidh oifigeach údaraithe de chuid an Chomhlachta Cumhdaigh dul isteach iontu. Ba cheart é a bheith indéanta, áfach, barántas a fháil ón gCúirt Dúiche i gcás gur coisceadh rochtain nó gur dóigh go gcoiscfear rochtain. Creideann an Coimisiún gur cheart feidhm a bheith ag an tairseach bhunaidh chéanna maidir leis an gcumhacht chun dul isteach agus cigireacht a dhéanamh gan aon bharántas agus maidir leis an iarratas ar bharántas i gcomhthéacs aon bhaic. Áirítear leis an tairseach sin creideamh réasúnach go bhfuil

baol ann do shláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol ar an áitreabh iomchuí arb é drochúsáid, faillí nó drochíde is cúis leis, agus go bhfuil gá le rochtain ar an áitreabh chun sláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol a mheasúnú. Chun barántas a fháil, ní mór gur coisceadh an t-oifigeach údaraithe (nó aon daoine a gceadaítear dóibh a bheith in éineacht leis an oifigeach údaraithe), nó gur dóigh go gcoiscfear é nó í nó iad, dul isteach san áitreabh iomchuí. Dá bhfaighfí barántas, cheadófaí do chomhaltaí den Gharda Síochána dul in éineacht leis an oifigeach údaraithe. Ba cheart é a bheith indéanta forneart réasúnach a úsáid, más gá, chun rochtain a fháil ar áitreabh iomchuí de réir barántais.

133. Chomh maith leis sin, ba cheart cumhachtaí a thabhairt leis an reachtaíocht bheartaithe don oifigeach údaraithe an baol d’aosaigh atá i mbaol a mheasúnú go héifeachtach, lena n-áirítear cumhachtaí chun cigireacht a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar mhíreanna eile ar an áitreabh agus agallamh a chur ar bhaill foirne. Ba cheart a thabhairt de chumhacht d’oifigigh údaraithe a cheangal ar na daoine atá i gceannas faisnéis a sholáthar a éilítear le réasún chun sláinte, sábháilteacht nó leas aosach atá i mbaol a mheasúnú, agus doiciméid a thabhairt ar aird agus mínithe a thabhairt orthu.

134. Ba cheart d’oifigigh údaraithe agus do ghairmithe sláinte nó cúraim shóisialta a théann in éineacht leo a bheith in ann freisin agallamh a chur ar aosach atá i mbaol nó ar aosaigh atá i mbaol san áitreabh, má thoilíonn an t-aosach atá i mbaol amhlaidh. Ba cheart d’oifigigh údaraithe agus do ghairmithe sláinte nó cúraim shóisialta a théann in éineacht leo a bheith in ann scrúdú liachta príobháideach a dhéanamh ar aosach atá i mbaol, arís má thoilíonn an t-aosach atá i mbaol amhlaidh. Ní mór aosach atá i mbaol a chur ar an eolas roimh ré faoin gceart atá aige nó aici chun diúltú d’aon agallamh a dhéanamh nó do dhul faoi aon scrúdú liachta.

135. Chun a chinntiú go bhfuil saineolas cuí ar fáil chun sláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol a mheasúnú ar an áitreabh iomchuí, féadfaidh gairmí sláinte nó cúraim shóisialta atá cáilithe go cuí, amhail lia-chleachtóir ginearálta nó altra sláinte poiblí, a bheith in éineacht le hoifigeach údaraithe. Féadfaidh aon daoine eile a mheasann oifigeach údaraithe le réasún a bheith riachtanach nó cuí, amhail cara iontaofa nó ball teaghlaigh den aosach atá i mbaol, a bheith in éineacht le hoifigeach údaraithe freisin. Ar deireadh, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheith in éineacht le hoifigeach údaraithe má fuarthas barántas i gcomhthéacs aon bhaic, mar atá leagtha amach thuas.

136. Aon bhall foirne, aon soláthraí seirbhíse nó aon duine eile a chomhlíonann feidhmeanna le haghaidh áitreabh iomchuí agus laistigh d’áitreabh iomchuí a chuireann bac ar oifigigh údaraithe nó ar aon duine a théann in éineacht leo ina gcuid dualgas, ba cheart é nó í a bheith ciontach i gcion. Maidir le haon aosach atá i mbaol a chuireann bac den sórt sin, níor cheart é nó í a bheith ciontach i gcion.

137. I gCaibidil 10, molann an Coimisiún coimircí breise amhail foráil a dhéanamh d’anaithnideacht an aosaigh atá i mbaol in imeachtaí cúirte agus míniú ar an gcumhacht nó ar an mbarántas a thabhairt don aosach atá i mbaol.

## Caibidil 11: Cumhachtaí chun Rochtain a Fháil ar Aosaigh atá i mBaol in Áiteanna lena n-áirítear Teaghaisí Príobháideacha

138. I gCaibidil 11, pléitear cumhacht chun rochtain a fháil ar aosaigh atá i mbaol in áiteanna lena n-áirítear teaghaisí príobháideacha. Measann an Coimisiún go bhfuil gá le cumhacht den sórt sin, ag féachaint d'aighneachtaí na gcomhairlithe agus do thaighde comparáideach a rinneadh ar chumhachtaí rochtana i ndlínsí eile. D'fheidhmeodh an chumhacht chun ligean d'údaráis iomchuí rochtain a fháil ar dhaoine nach féidir leis an gcóras cúraim shóisialta iad a fheiceáil ar shlí eile, chun a gcearta a dhearbhú.

139. Ní ann ach do dhornán cumhachtaí chun dul isteach i dteaghaisí faoi dhlí reatha na hÉireann. Go ginearálta, tá feidhm ag cumhachtaí chun dul isteach maidir le comhaltaí den Gharda Síochána chun críche imscrúdaithe choiriúil, agus roinnt cumhachtaí chun dul isteach chun críocha ar leith (ar nós leas leanaí) deonaithe faoin reachtaíocht. Féadfar orduithe a lorg faoi dhlínse dhúchasach na hArd-Chúirte, ach is próiseas costasach anásta é sin. Níl aon fhorálacha ann faoi dhlí na hÉireann lena gceadaítear cumhacht ghinearálta chun rochtain a fháil ar theaghais phríobháideach chun sláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol a mheasúnú. Mar gheall air sin, is amhlaidh, in éagmais coiriúlachta amhrasta nó imthosca eisceachtúla eile, a fhéadfar diúltú do rochtain a thabhairt d'údaráis iomchuí ar nós oifigigh údaraithe agus comhaltaí den Gharda Síochána ar aosach atá i mbaol ina theaghais nó ina teaghais féin, i dteaghais phríobháideach duine aonair eile, nó in áiteanna eile den sórt sin. Is féidir, áfach, nach mbeifear in ann leibhéil fhéideartha bhaoil agus/nó choiriúlachta a mheasúnú gan rochtain a fháil ar aosach atá i mbaol ar an gcéad dul síos.

140. Maidir le cumhachtaí chun rochtain a fháil agus chun agallamh a chur, tá siad ar fáil in a lán dlínsí eile, lena n-áirítear Albain, an Bhreatain Bheag, an Astráil Theas agus roinnt de chúigí Cheanada. Tá tabhairt isteach cumhachtaí rochtana d'oibrithe sóisialta á breithniú faoi láthair i Sasana agus i dTuaisceart Éireann. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na hargóintí ar son aon chumhachta chun dul isteach agus in aghaidh aon chumhachta chun dul isteach, agus ar na cearta bunreachtúla agus ar na cearta de chuid ECHR lena mbaineann, creideann an Coimisiún gur cheart foráil a dhéanamh don chumhacht sin sa reachtaíocht um chumhdach aosach, faoi réir na gcoimircí cuí.

141. Molann an Coimisiún gur cheart cumhachtaí a thabhairt leis an reachtaíocht um chumhdach aosach d'oifigigh údaraithe agus do chomhaltaí den Gharda Síochána chun rochtain a fháil ar aosaigh atá i mbaol in áiteanna lena n-áirítear teaghaisí príobháideacha. I bhfianaise dhosháraitheacht na teaghaise faoin mBunreacht, ba cheart gá a bheith le barántas arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche chun cumhacht rochtana den sórt sin a fheidhmiú.

142. Molann an Coimisiún nach mór d'oifigeach údaraithe nó do chomhalta den Gharda Síochána creideamh réasúnach a chomhlíonann tairseach ar leith a bheith aige nó aici sula bhféadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar bharántas rochtana. Ní mór don Chúirt Dúiche a bheith deimhin de go bhfuil an tairseach sin á comhlíonadh chun barántas rochtana a dheonú. Áirítear leis an tairseach sin go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil baol ann do shláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol san áit ar leith, go bhfuil barántas rochtana riachtanach chun sláinte,

sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol a mheasúnú, agus nach féidir rochtain a fháil ar bhealaí nach bhfuil an cur isteach céanna ag baint leo. Molann an Coimisiún go gcaithfeadh an t-iarratasóir ar bharántas fianaise faoi mhionn a thabhairt maidir leis na nithe sin agus maidir leis na hiarrachtaí réasúnacha a rinneadh chun rochtain a fháil ar an aosach atá i mbaol ar bhealaí eile.

143. Molann an Coimisiún gur cheart feidhm a bheith ag an gcumhacht chun barántas rochtana a fhorghníomhú maidir le comhalta den Gharda Síochána nó le hoifigeach údaraithe den Chomhlacht Cumhdaigh, nó do chomhalta den Gharda Síochána agus d'oifigeach údaraithe den Chomhlacht Cumhdaigh araon. Féadfaidh gairmithe sláinte nó cúraim shóisialta atá cáilithe go cuí (amhail lia-chleachtóirí ginearálta agus altraí sláinte poiblí) nó aon daoine eile a mheastar a bheith riachtanach nó cuí a bheith in éineacht leo. Mar shampla, dá mbeadh cara iontaofa nó ball teaghlaigh leis an aosach atá i mbaol i láthair, d'fhéadfadh sé sin cuidiú leis an aosach atá i mbaol a chur ar a shuaimhneas nó a suaimhneas maidir le cineál agus cuspóir an ordaithe.

144. Faoi mar atá amhlaidh i gcás na cumhachta i gCaibidil 10 chun rochtain a fháil ar áitribh iomchuí, tá an chumhacht rochtana sin beartaithe chun ligean d'oifigigh údaraithe agus do ghairmithe sláinte nó cúraim shóisialta a théann in éineacht leo agallamh príobháideach agus scrúdú liachta a dhéanamh ar an aosach atá i mbaol, más gá. Níor cheart bearta den sórt sin a dhéanamh ach amháin má thoilíonn an t-aosach atá i mbaol amhlaidh, áfach. Ní mór an t-aosach atá i mbaol a chur ar an eolas faoin gceart atá aige nó aici chun diúltú do fhreagra a thabhairt ar aon cheist nó do dhul faoi scrúdú liachta sula ndéanfaí agallamh nó scrúdú.

145. Molann an Coimisiún freisin gur cheart a fhoráil leis an reachtaíocht um chumhdach aosach do chumhacht rochtana gan bharántas nó do chumhacht achomair rochtana ar aosaigh atá i mbaol in áiteanna lena n-áirítear teaghaisí. Thabharfaí an chumhacht sin do chomhaltaí den Gharda Síochána, agus bheadh sé cosúil leis an gcumhacht rochtana faoin dlí coiteann atá ann in imthosca eile, mar shampla i gcás *an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí v Delaney*, áit ar chinn an Chúirt Uachtarach nár sáraíodh aon chearta bunreachtúla nuair a chuaigh sáirsint isteach i dteaghais gan bharántas toisc go ndearnadh é sin chun "corp agus anam" na ndaoine sa teaghais a chumhdach. I bhfianaise na n-impleachtaí suntasacha do chearta, is gá ardtairseach a bheith ag gabháil le cumhacht gan bharántas den sórt sin, lena n-áirítear creideamh réasúnach go bhfuil baol láithreach ann do chorp agus anam an aosaigh atá i mbaol, ar baol é atá chomh láithreach sin nach bhfuil dóthain ama ann chun iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar bharántas.

146. Molann an Coimisiún coimircí maidir le húsáid na cumhachta achoimre rochtana, lena n-áirítear úsáid na cumhachta sin a thaifeadadh agus fógra a thabhairt don Chomhlacht Cumhdaigh i dtaobh a húsáide a luaithe is indéanta.

147. Ba cheart úsáid fornirt réasúnaigh chun rochtain a fháil ar an áit, lena n-áirítear teaghais, a cheadú, nuair is gá, faoin mbarántas rochtana agus faoin gcumhacht achomair rochtana araon. Aon duine, seachas an t-aosach atá i mbaol, a chuireann bac ar chomhalta den Gharda Síochána nó ar oifigeach údaraithe barántas rochtana a fhorghníomhú nó cumhacht achomair rochtana a fheidhmiú, ba cheart é nó í a bheith ciontach i gcion freisin.

148. I gCaibidil 11, molann an Coimisiún coimircí breise amhail foráil a dhéanamh d'anaithnideacht an aosaigh atá i mbaol in imeachtaí cúirte agus míniú ar an mbarántas nó ar an gcumhacht a thabhairt don aosach atá i mbaol.

## Caibidil 12: Cumhachtaí Bainte agus Aistrithe

149. Breithnítear i gCaibidil 12 cé acu ba cheart nó nár cheart cumhachtaí a thabhairt isteach chun go mbeifí in ann aosach atá i mbaol a bhaint agus a aistriú chuig saoráid ainmnithe sláinte nó cúraim shóisialta nó chuig áit oiriúnach eile arna sonrú ag an gcúirt. Tá an chumhacht sin beartaithe chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar shláinte, sábháilteacht agus leas aosaigh atá i mbaol agus ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le haon ghníomhartha chun é nó í a chumhdach, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh san áit ina bhfuil an t-aosach atá i mbaol faoi láthair.

150. Tá impleachtaí suntasacha ag cumhachtaí den sórt sin ó thaobh ceart de, agus gabhann leo ceisteanna casta eitice ó thaobh saoirse, atharthaíochais agus cosanta de. Nuair a bhaintear aosach atá i mbaol dá theach nó dá teach nó d'aon áit eile, déantar difear do roinnt ceart a chosnaítear faoin mBunreacht agus faoi ECHR. Mar an gcéanna, dá n-aistreofaí aosach atá i mbaol chuig saoráid ainmnithe sláinte nó cúraim shóisialta nó chuig áit oiriúnach eile, d'fhéadfadh sé nó sí a shaoirse phearsanta nó a saoirse phearsanta a chailleadh agus d'fhéadfaí difear a dhéanamh do chearta a chosnaítear go láidir faoin mBunreacht agus faoi ECHR. Is amhlaidh an scéal sin fiú amháin i gcás, ar theacht isteach san áit dó nó di, go bhféadfaidh an t-aosach atá i mbaol an áit a fhágáil, toisc go raibh sé nó sí faoi choinneáil cheana féin le linn thréimhse an aistrithe. Rinne an Coimisiún breithniú cúramach ar na himpleachtaí sin ó thaobh ceart de, agus tá sé den tuairim go bhfuil cumhacht bainte agus aistrithe ag teastáil faoin reachtaíocht um chumhdach aosach agus gur féidir í a dhréachtú chun nach mbeidh ach tionchar beag comhréireach aici ar chearta bunreachtúla agus ar chearta ECHR.

151. Is ann cheana i reachtaíocht na hÉireann do roinnt sásraí le haghaidh aistrithe agus le haghaidh cailleadh saoirse i gcomhthéacsanna coiriúla, sláinte poiblí agus meabhairshláinte. I gcomhthéacs an chumhdaigh aosach, creideann an Coimisiún go bhféadfaí le horduithe bainte agus aistrithe deimhneacht agus soiléire dhlíthiúil bhreise a sholáthar do ghníomhaíochtaí a dhéantar go príomha faoi láthair de bhun orduithe arna ndeonú faoi dhlínse dhúchasach na hArd-Chúirte. Le hordú bainte agus aistrithe, cheadófaí d'údaráis measúnú a dhéanamh ar shláinte, sábháilteacht agus leas aosaigh atá i mbaol agus ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le haon ghníomhartha chun é nó í a chumhdach, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh san áit ina bhfuil an t-aosach atá i mbaol faoi láthair. D'fhéadfadh sé sin tarlú i gcás nach bhfuil an áit sin sábháilte ná sláintiúil go leor chun na nithe sin a mheasúnú ná chun scrúdú liachta a dhéanamh, nó i gcás go bhfuil tríú páirtí ina bhaol suntasach nó ina baol suntasach d'aosach atá i mbaol agus go bhfuil an tríú páirtí sin ag cur toirmeasc ar theagmháil leis na húdaráis iomchuí agus nach mbeadh ordú neamhtheagmhála dóthanach ná éifeachtach sna himthosca.

152. Molann an Coimisiún gur cheart, leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, foráil a dhéanamh d’ordú bainte agus aistrithe arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche. Leis an ordú sin, cheadófaí do chomhalta den Gharda Síochána na nithe seo a leanas a dhéanamh, agus oifigeach údaraithe de chuid an Chomhlachta Cumhdaigh, nuair is féidir, agus aon daoine eile is gá (lena n-áirítear gairmithe sláinte nó cúraim shóisialta atá cáilithe go cuí, comhaltaí d’fhoireann um ligean isteach cuidithe, nó cairde nó baill teaghlaigh an aosaigh atá i mbaol) in éineacht leis nó léi:

(a) dul isteach san áit ina gcreidtear go bhfuil an t-aosach atá i mbaol, lena n-áirítear áitreabh iomchuí nó teaghais phríobháideach;

(b) an t-aosach atá i mbaol a bhaint den áit sin; agus

(c) an t-aosach atá i mbaol a aistriú chuig saoráid ainmnithe sláinte nó cúraim shóisialta nó chuig áit oiriúnach eile arna sonrú ag an gcúirt.

153. Chun go mbeidh sé nó sí in ann iarratas a dhéanamh ar ordú bainte agus aistrithe, ní mór d’oifigeach údaraithe den Chomhlacht Cumhdaigh nó do chomhalta den Gharda Síochána ardtairseach a chomhlíonadh ar dtús. Ní mór don iarratasóir creideamh réasúnach a bheith aige nó aici maidir le raon nithe, lena n-áirítear: (a) go bhfuil baol tromchúiseach láithreach ann do shláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol in áit ar leith; (b) gur féidir go mbeidh gá le gníomhartha chun sláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol a chumhdach; agus (c) gur gá an t-aosach atá i mbaol a aistriú chuig saoráid ainmnithe nó chuig áit oiriúnach eile chun na nithe sin a mheasúnú toisc nach féidir an measúnú sin a dhéanamh san áit ina bhfuil an t-aosach atá i mbaol faoi láthair. Ní mór don iarratasóir fianaise a thabhairt maidir leis na nithe sin, agus ba cheart fianaise ó ghairmí sláinte nó cúraim shóisialta a bheith ag teastáil freisin. Ní mór don Chúirt Dúiche a bheith deimhin de go bhfuil an tairseach sin á comhlíonadh chun an t-ordú a dheonú.

154. Mar gheall ar a thábhachtaí atá ordú den sórt sin don aosach atá i mbaol, ní mór don iarratasóir iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh ar dtús chun tuairimí an aosaigh atá i mbaol a fhionnadh, agus ní mór dó nó di na tuairimí sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige nó aici ar cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé nó sí an t-iarratas. Ní mór don Chúirt Dúiche a fhiosrú an ndearnadh na bearta sin. I gcás go ndéanann an t-aosach atá i mbaol agóid in aghaidh ordú bainte agus aistrithe a dhéanamh, ní fhéadfar an t-ordú a iarraidh ná a dheonú ach amháin i gcás go bhfuil creideamh réasúnach ann nach agóid dheonach í agóid dhealraitheach an aosaigh atá i mbaol nó i gcás go bhfuil amhras réasúnach ann maidir le cumas an aosaigh atá i mbaol cinneadh a dhéanamh ar cé acu a fhanfaidh nó nach bhfanfaidh sé nó sí san áit ina bhfuil sé nó sí faoi láthair nó cé acu a aistreofar nó nach n-aistreofar é nó í chuig saoráid ainmnithe sláinte nó cúraim shóisialta nó chuig áit oiriúnach eile.

155. Má iarrtar an t-ordú i gcás nach bhfuarthas rochtain ar an aosach atá i mbaol go fóill, is amhlaidh, chun go bhféadfar an t-ordú a dheonú (agus i dteannta na tairsí ginearálta le haghaidh ordú bainte agus aistrithe a dheonú), nach mór do bhreitheamh den Chúirt Dúiche a bheith deimhin de nár leor barántas a dheonú chun rochtain a bhaint amach sna himthosca. Is é atá i gceist leis sin a chinntiú go gcloítear le cur chuige cisealta an Choimisiúin agus go ndeonaítear an t-ordú is lú cur isteach i ngach cás.

156. Aithníonn an Coimisiún nach mbeidh sé cuí i ngach cás aosach atá i mbaol agus nach dteastaíonn cúram sláinte uaidh nó uaithi a thabhairt chuig ospidéal géarmhíochaine nó chuig suíomh cliniciúil eile chun measúnú a dhéanamh ar an mbaol dá shláinte nó dá sláinte, dá shábháilteacht nó dá sábháilteacht agus dá leas agus ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le haon ghníomhartha eile chun é nó í a chumhdach. Is féidir go dtiocfaidh suíomhanna níos cuí, amhail saoráidí faoisimh nó tearmainn cónaithe pobail, chun cinn sa todhchaí. Molann an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhféadfadh an tAire iomchuí a fhorordú le rialacháin cé na saoráidí ainmnithe sláinte nó cúraim shóisialta a bhféadfar aosach atá i mbaol a aistriú chucu. I gcás go n-iarrtar aosach atá i mbaol a thabhairt chuig áit eile seachas saoráid ainmnithe, ní mór don Chúirt Dúiche a bheith deimhin de go bhfuil an áit sin oiriúnach chun measúnú a dhéanamh ar an aosach atá i mbaol.

157. Amhail i gcás na n-orduithe eile, ba cheart, le hordú bainte agus aistrithe, comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach údaraithe a cheadú forneart réasúnach a úsáid, más gá, chun rochtain a fháil ar an áit ina gcreidtear go bhfuil an t-aosach atá i mbaol. Ba cheart comhalta den Gharda Síochána a cheadú gach beart réasúnach is gá a dhéanamh chun aosach atá i mbaol a bhaint agus a aistriú, lena n-áirítear, nuair is gá, an t-aosach atá i mbaol a choinneáil nó a shrianadh. Ba cheart na bearta sin a bheith ina rogha dheiridh, i gcás nach n-éiríonn le scileanna oibre sóisialta a úsáid ná leis an scéal a mhíniú don aosach atá i mbaol comhar a bhaint amach.

158. Amhail i gcás na n-idirghabhálacha eile, molann an Coimisiún coimircí amhail foráil a dhéanamh d'anaithnideacht an aosaigh atá i mbaol in imeachtaí cúirte agus fógra atá scríofa i mBéarla simplí a thabhairt don aosach atá i mbaol, ar fógra é ina mínítear cineál agus cuspóir an ordaithe. Molann an Coimisiún freisin go gcuirfí oibleagáid ar an oifigeach údaraithe nó ar chomhalta den Gharda Síochána an méid seo a leanas a mhíniú don aosach atá i mbaol, a mhéid is indéanta: (a) cineál agus cuspóir an ordaithe agus na cumhachtaí is infheidhmithe faoin ordú; agus (b) go bhféadfaidh an t-aosach atá i mbaol, tráth teacht isteach sa tsaoráid ainmnithe sláinte nó cúraim shóisialta nó in áit oiriúnach eile dó nó di, a roghnú an tsaoráid nó an áit sin a fhágáil, agus go n-éascófar é nó í déanamh amhlaidh. Mura dtugtar míniú ó bhéal, ní dhéanfar an t-ordú nó feidhmiú aon chumhachta de bhun an ordaithe neamhbhailí, áfach.

159. Tá an Coimisiún den tuairim gurb amhlaidh, gan aon fhoráil do choinneáil shealadach, go laghdaítear go mór an éifeacht atá ag ordú bainte agus aistrithe maidir le cosc a chur ar dhíobháil nó díobháil bhreise d'aosach atá i mbaol. B'fhearr freisin foráil a dhéanamh do chumhachtaí reachtúla coinneála sealadaí ná a bheith ag brath ar dhlínse dhúchasach na hArd-Chúirte. Mar sin féin, tá an Rialtas ag obair ar Bhille um Choimircí Saoirse a Chosaint faoi láthair. B'fhearr gur faoi bhun creat reachtúil cuimsitheach a phléifí leis an tsaincheist thábhachtach sin. Mar sin, molann an Coimisiún nár cheart, le haon ordú bainte agus aistrithe, aon tréimhse coinneála a cheadú i leith an aosaigh atá i mbaol, seachas é nó í a bhaint agus a aistriú chuig an tsaoráid ainmnithe sláinte nó cúraim shóisialta nó chuig áit oiriúnach eile, mar atá sonraithe san ordú. Ghlac an Coimisiún an cur chuige sin i bhfianaise na

reachtaíochta atá le teacht go luath maidir leis an gcoinneáil i gcoitinne. Tá ríthábhacht ag baint le córas reachtúil den sórt sin agus ba cheart é a chur chun feidhme mar ábhar práinne. Más rud é, ar chúis ar bith, nach leanfar ar aghaidh leis an obair sin, beidh reachtaíocht ag teastáil chun an bhearna sin a leigheas amach anseo.

160. Ós rud é nach bhforáiltear d'aon chumhacht coinneála, is amhlaidh, má roghnaíonn aosach atá i mbaol an tsaoráid ainmnithe sláinte nó cúraim shóisialta nó áit oiriúnach eile a fhágáil, ba cheart don Chomhlacht Cumhdaigh, do chomhaltaí den Gharda Síochána, agus d'aon ghairmithe iomchuí eile, de réir mar is cuí, tacú leis nó léi é sin a dhéanamh agus, go háirithe, nach mór don Chomhlacht Cumhdaigh agus d'aon ghairmithe iomchuí eile an t-aosach atá i mbaol a thabhairt ar ais chuig an áit dár baineadh é nó í nó chuig áit arna roghnú ag an aosach, a mhéid is indéanta. Ba cheart don Chomhlacht Cumhdaigh leanúint freisin le cúnamh agus tacaíocht a thairiscint don aosach atá i mbaol, lena n-áirítear faisnéis a sholáthar maidir le cibé tacaí eile atá ar fáil. I gcás go bhfuil ábhar imní ann gur féidir nach bhfuil cumas ag an aosach atá i mbaol a chinneadh cé acu a fhanfaidh nó nach bhfanfaidh sé nó sí san áit ar leith, ba cheart don Chomhlacht Cumhdaigh, do chomhaltaí den Gharda Síochána nó do ghairmithe eile dianiarracht a dhéanamh tacú leis an aosach atá i mbaol an cinneadh sin a dhéanamh agus, más gá, breithniú a dhéanamh ar thacaí faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, agus ar fhógra a thabhairt do Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí.

161. Mura ndéanann an t-aosach atá i mbaol agóid in aghaidh fanacht sa tsaoráid nó in áit oiriúnach eile, thiocfadh na cumhachtaí agallaimh agus scrúdaithe liachta atá leagtha amach sna caibidlí roimhe seo chun cinn. Leis na cumhachtaí sin, bheifí in ann measúnú a dhéanamh ar shláinte, sábháilteacht agus leas an aosaigh atá i mbaol agus ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le haon ghníomhartha i leith an aosaigh atá i mbaol. Ní fhéadfar na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcás go ndéanann an t-aosach atá i mbaol agóid, agus ní mór an t-aosach atá i mbaol a chur ar an eolas roimh ré faoin gceart atá aige nó aici diúltú d'aon agallamh nó aon scrúdú liachta.

162. Aon duine, seachas aosach atá i mbaol, a chuireann cosc nó bac ar chomhalta den Gharda Síochána nó d'oifigeach údaraithe le linn don chomhalta nó don oifigeach ordú bainte agus aistrithe a fheidhmiú, ba cheart dó nó di a bheith ciontach i gcion.

163. I bhfianaise na n-impleachtaí suntasacha a thiocfadh chun cinn ó thaobh ceart de, molann an Coimisiún nár cheart, leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, foráil a dhéanamh do chumhacht achomair bainte agus aistrithe.

## Caibidil 13: Orduithe Neamhtheagmhála

164. I gCaibidil 13, breithníonn an Coimisiún orduithe lena gcuirfí cosc ar thríú páirtí teagmháil a dhéanamh le haosach atá i mbaol. Tá moltaí an Choimisiúin deartha chun drochúsáid baile a aithint i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach, agus soláthraítear leo bealaí inar féidir cosaint a bhaint amach i gcásanna díobhála nó dúshaothraithe nach bhfuil ag teacht leis na mínithe atá ann cheana ar dhrochúsáid baile ach ina dteastaíonn freagairt dhlíthiúil go fóill chun na cearta atá ag aosach atá i mbaol a dhearbhú.

165. Cé go bhfuil orduithe cosanta ar fáil i ndlí na hÉireann, níl siad ar fáil go sonrach i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach. Mar shampla, tá orduithe den sórt sin ar fáil faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, do chásanna ciaptha agus stalcaireachta, agus beidh orduithe sriantacha sibhialta ar fáil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023, a luaithe a thosófar Cuid 5 den Acht. Foráiltear leis an Acht um Fhoréigean Baile, 2018 ("Acht 2018"), do chóras ilchasta orduithe cosanta, orduithe sábháilteachta, orduithe urchoisc eatramhacha, orduithe urchoisc éigeandála agus orduithe urchoisc. Mar sin féin, níl na horduithe sin ar fáil ach amháin i gcomhthéacs caidreamh sonraithe áirithe idir dlúthdhaoine de theaghlach agus idir dlúthpháirtnéirí nó iar-dhlúthpháirtnéirí.

166. Amhail i gcás na ngníomhartha agus na n-idirghabhálacha eile cumhdaigh a mholtar sa Tuarascáil, rinne an Coimisiún anailís ar chearta, rud lenar treoraíodh é le linn dó paraiméadair na dtograí athchóirithe uaidh a shuí.

167. Creideann an Coimisiún gur cheart Acht 2018 a leasú chun a chinntiú go mbeidh sé éifeachtach d'aosaigh atá i gcaidrimh ghara theaghlaigh nó chúraim nó i ndlúthchaidrimh agus ar aosaigh atá i mbaol iad freisin. Mar sin, molann an Coimisiún gur cheart Acht 2018 a leasú chun orduithe urchoisc a cheadú i gcomhthéacs daoine aonair lánaoise a chomhchónaíonn le "aosach atá i mbaol díobhála" (mar atá mínithe sa reachtaíocht um chumhdach aosach) ar bhonn neamhchonarthach nó a chomhchónaíonn le haosach atá i mbaol díobhála ar bhonn conarthach i gcás go mbaineann an socrú conarthach leis an duine aonair lánaoise a bheith ag tabhairt cúram don aosach atá i mbaol díobhála. Molann an Coimisiún freisin go ndéanfaí leasú ar Acht 2018 chun orduithe sábháilteachta a cheadú i gcomhthéacs daoine aonair lánaoise a chomhchónaíonn le haosach atá i mbaol díobhála ar bhonn conarthach i gcás go mbaineann an socrú conarthach leis an duine aonair lánaoise a bheith ag tabhairt cúram don aosach atá i mbaol díobhála.

168. Féadfar orduithe faoi Acht 2018 a iarraidh agus a dhéanamh gan toiliú an duine atá le cosaint leis an ordú. Molann an Coimisiún gur cheart don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus don Chomhlacht Cumhdaigh araon a bheith in ann iarratais a dhéanamh ar ordú i leith aosach atá i mbaol faoi Acht 2018.

169. Mar aon leis an reachtaíocht atá ann cheana a leasú, déanann an Coimisiún moltaí le haghaidh orduithe neamhtheagmhála iomlána, eatramhacha agus éigeandála faoin gcóras um chumhdach aosach. Leis na horduithe sin, chuirfí toirmeasc ar thríú páirtí nach dlúthpháirtí ná páirtí comhchónaitheach é nó í gabháil d'iompraíocht ar leith i leith aosach atá i mbaol, amhail aosach atá i mbaol a leanúint, amharc ar aosach atá i mbaol, aosach atá i mbaol a chiapadh nó cumarsáid a dhéanamh leis nó léi, nó teacht in aice le haosach atá i mbaol nó leis an áit a gcónaíonn sé nó sí. D'fhéadfadh an t-aosach atá i mbaol féin nó an Comhlacht Cumhdaigh na horduithe sin a iarraidh.

170. Chun go bhféadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar an ordú neamhtheagmhála iomlán um chumhdach aosach (a cheadaítear ar bhonn *inter partes* nó "idir na páirtithe"), molann an Coimisiún nach mór d'oifigeach údaraithe de chuid an Chomhlachta Cumhdaigh creideamh réasúnach a bheith aige nó aici go dteastaíonn an t-ordú ar mhaithe le sláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol. Ní mór don iarratasóir iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun tuairimí an aosaigh atá i mbaol a fhionnadh sula n-iarrfaidh sé nó sí aon ordú, agus ní mór dó nó di na tuairimí sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige nó aici ar cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé nó sí an t-iarratas. Ní mór don Chúirt Dúiche a fhiosrú an ndearnadh na bearta sin. I gcás go ndéanann an t-aosach atá i mbaol agóid in aghaidh ordú neamhtheagmhála iomlán a dhéanamh, ní fhéadfar an t-ordú a iarraidh ná a dheonú.

171. Chun go bhféadfaidh sí an t-ordú a dheonú, ba cheart an Chúirt Dúiche a bheith deimhin de go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go dteastaíonn an t-ordú ar mhaithe le sláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol. Molann an Coimisiún gur cheart ceanglas a chur ar an gCúirt Dúiche tuairimí nó mianta sainráite an aosaigh atá i mbaol a chur san áireamh.

172. Molann an Coimisiún gur cheart ordú neamhtheagmhála iomlán a bheith bailí ar feadh suas le dhá bhliain. Mar sin féin, leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, ba cheart don aosach atá i mbaol agus don fhreagróir a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar an ordú a urscaoileadh. Ba cheart don Chomhlacht Cumhdaigh a bheith ina theideal sin freisin i gcás go ndearna sé iarratas ar ordú neamhtheagmhála. Molann an Coimisiún gur cheart neamhchomhlíonadh na dtéarmaí atá in ordú neamhtheagmhála a bheith ina chion coiriúil. Amhail i gcás an dlí teaghlaigh, níor cheart aon smachtbhanna a fhorchur ar aosach atá i mbaol má roghnaíonn sé nó sí teagmháil a dhéanamh leis an duine ar ina aghaidh nó ina haghaidh a rinneadh ordú.

173. Ar bhealach atá cosúil le hAcht 2018, molann an Coimisiún gur cheart orduithe neamhtheagmhála a bheith ar fáil ar bhonn eatramhach agus éigeandála. Ba cheart ordú neamhtheagmhála eatramhach um chumhdach aosach a bheith ar fáil, ar bhonn *inter partes* nó *ex parte*, i gcás go ndearnadh iarratas ar ordú neamhtheagmhála iomlán um chumhdach aosach. Chun go bhféadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar ordú eatramhach, ní mór d'oifigeach údaraithe creideamh réasúnach a bheith aige nó aici go dteastaíonn ordú neamhtheagmhála eatramhach toisc gur ann do bhaol láithreach do shláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol. Chun go bhféadfaidh sí an t-ordú eatramhach a dheonú, ba cheart an Chúirt Dúiche a bheith deimhin de go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go dteastaíonn ordú neamhtheagmhála eatramhach toisc gur ann do bhaol láithreach do shláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol.

174. Má dheonaítear é ar bhonn *inter partes* nó "idir na páirtithe", ba cheart an t-ordú eatramhach a bheith bailí go dtí go ndéanfar cinneadh ar an iarratas atá ar feitheamh ar an ordú neamhtheagmhála iomlán. Má dheonaítear é ar bhonn *ex parte*, ba cheart an t-ordú neamhtheagmhála eatramhach a bheith bailí ar feadh ocht lá oibre ar a mhéad. Tá an tréimhse ghearr sin riachtanach i bhfianaise chearta bunreachtúla agus ECHR an duine aonair atá faoi réir an ordaithe.

175. D'fhéadfadh go mbeadh cásanna práinneacha ann ina mbeadh baol láithreach ann d'aosach atá i mbaol toisc, mar thoradh ar an moill ar iarratas *inter partes* a dhéanamh ar ordú neamhtheagmhála iomlán, go bhféadfadh baol méadaithe teacht chun cinn nó go bhféadfaí cuspóir na hidirghabhála a chur ó rath. D'fhéadfadh go mbeadh cásanna práinneacha ann freisin ina mbeadh an t-aosach atá i mbaol ag déanamh agóid in aghaidh ordú neamhtheagmhála a dhéanamh ach ina mbeadh ábhair imní ann faoina dheonaí atá an agóid sin nó ina mbeadh ábhair imní ann maidir le cumas an aosaigh atá i mbaol chun a chinneadh cé acu a bheadh nó nach mbeadh teagmháil aige nó aici leis an bhfreagróir beartaithe. Mar sin, foráiltear leis an reachtaíocht bheartaithe d'ordú neamhtheagmhála éigeandála um chumhdach aosach a bheith ar fáil i gcásanna teoranta, ar bhonn *ex parte*, gan aon cheanglas a bheith ann iarratas a dhéanamh ar ordú neamhtheagmhála iomlán um chumhdach aosach ar dtús.

176. Chun go bhféadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar ordú neamhtheagmhála éigeandála, ní mór d'oifigeach údaraithe creideamh réasúnach a bheith aige nó aici gur ann do bhaol láithreach do shláinte, sábháilteacht nó leas an aosaigh atá i mbaol, agus go dteastaíonn ordú neamhtheagmhála chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin nó é a mhaolú; nó

(b) measúnú a dhéanamh ar a dheonaí atá agóid an aosaigh atá i mbaol in aghaidh ordú neamhtheagmhála a dhéanamh agus, nuair is gá, measúnú cumais a éascú.

177. Chun go bhféadfaidh sí ordú neamhtheagmhála éigeandála a dheonú, ní mór don Chúirt Dúiche a bheith deimhin de go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint gur ann do nithe den sórt sin.

178. Ba í an tsaincheist ba dheacra a raibh ar an gCoimisiún dul i ngleic léi i gCaibidil 13 ná cé acu ba cheart nó nár cheart a bheith in ann orduithe neamhtheagmhála um chumhdach aosach a dhéanamh gan toiliú an aosaigh atá i mbaol. Molann an Coimisiún nach bhféadfaí orduithe neamhtheagmhála iomlána um chumhdach aosach ná orduithe neamhtheagmhála eatramhacha um chumhdach aosach a iarraidh ná a dheonú i gcás go ndéanann an t-aosach atá i mbaol agóid in aghaidh an t-ordú a dhéanamh. Mar sin féin, i bhfianaise na gcásanna práinneacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn, molann an Coimisiún go bhféadfaí ordú neamhtheagmhála éigeandála um chumhdach aosach a iarraidh agus a dheonú in aghaidh mhianta an aosaigh atá i mbaol agus atá le cosaint leis an ordú. Chun an ceart chun neamhspleáchais atá ag an aosach atá i mbaol a chumhdach, molann an Coimisiún go gcuirfí critéir bhreise i bhfeidhm do chásanna ina n-iarrtar ordú éigeandála i gcomhthéacs agóid fhollasach ón aosach atá i mbaol. Chun go bhféadfaidh an t-oifigeach údaraithe iarratas a dhéanamh ar an ordú, agus chun go bhféadfaidh an Chúirt an t-ordú a dheonú, ní mór forais réasúnacha a bheith ann lena chreidiúint: (a) nach agóid dheonach í agóid dhealraitheach an aosaigh atá i mbaol; nó (b) gur féidir nach bhfuil cumas ag an aosach atá i mbaol a chinneadh cé acu a leanfaidh nó nach leanfaidh sé nó sí le teagmháil a bheith aige nó aici leis an bhfreagróir atá beartaithe don ordú neamhtheagmhála.

179. Ba cheart an t-ordú neamhtheagmhála éigeandála a bheith bailí ar feadh ocht lá oibre ar a mhéad. Tá an tréimhse ghearr sin riachtanach i bhfianaise chearta bunreachtúla

agus ECHR an aosaigh atá i mbaol agus an fhreagróra don ordú. Ba cheart ceanglas a chur ar oifigeach údaraithe freisin iarratas a dhéanamh ar chúlghairm láithreach an ordaithe éigeandála má dheimhnítear gur agóid dheonach í agóid an aosaigh atá i mbaol in aghaidh an ordaithe agus go bhfuil cumas ag an aosach atá i mbaol, an tráth iomchuí, agóid a dhéanamh in aghaidh an t-ordú a dhéanamh. I gcás go bhfuil ábhar imní ann gur féidir nach bhfuil cumas ag an aosach atá i mbaol a chinneadh cé acu a bheidh nó nach mbeidh teagmháil aige nó aici leis an bhfreagróir, ba cheart don Chomhlacht Cumhdaigh dianiarracht a dhéanamh tacú leis an aosach atá i mbaol an cinneadh sin a dhéanamh agus, más gá, breithniú a dhéanamh ar thacaí faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, agus ar fhógra a thabhairt do Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí.

180. Déanann an Coimisiún roinnt moltaí ginearálta faoi gach ceann de na trí ordú neamhtheagmhála freisin, mar shampla maidir le cúnamh dlíthiúil a leathnú chuig aosaigh atá i mbaol agus iad ag tabhairt iarratais os comhair cúirte agus maidir le hanaithnideacht an aosaigh atá i mbaol a chaomhnú in imeachtaí cúirte. Molann an Coimisiún freisin gur cheart don Chúirt Dúiche breithniú a dhéanamh ar na cearta, an teideal nó na leasanna faoi seach sa mhaoin ina gcónaíonn an t-aosach atá i mbaol. Níor cheart aon ordú neamhtheagmhála um chumhdach aosach difear a dhéanamh do theideal ná do leas i maoin ar leith ná cur isteach ar na sásraí dlí maoine atá ar fáil do dhuine aonair a bhfuil leas dlíthiúil nó tairbhiúil uachtarach aige nó aici sa mhaoin iomchuí. Foráiltear leis an reachtaíocht bheartaithe go bhféadfar le hachomharc in aghaidh ordú neamhtheagmhála iomlán bac a chur ar oibriú an ordaithe más cuí leis an gcúirt a rinne an t-ordú nó leis an gcúirt ar tugadh an t-achomharc os a comhair. Mar sin féin, ní chuirfear aon bhac ar oibriú an ordaithe le hachomharc in aghaidh ordú neamhtheagmhála eatramhach nó ordú neamhtheagmhála éigeandála.

## Caibidil 14: Drochúsáid Airgeadais

181. Scrúdaítear i gCaibidil 14 drochúsáid airgeadais iarbhír nó amhrasta ar aosaigh atá i mbaol agus leagtar amach inti moltaí chun drochúsáid den sórt sin a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi. Tá drochúsáid airgeadais ar cheann amháin de na cineálacha drochúsáide is forleithne in aghaidh aosaigh atá i mbaol. D’fhéadfaí dlí na hÉireann a neartú ar roinnt bealaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na drochúsáide airgeadais.

182. Déanann an Coimisiún na moltaí seo a leanas i gCaibidil 14.

183. Leis na Rialacháin fán Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 (Alt 17A) (Caighdeáin do Ghnó), agus leis na Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 (Alt 48) (Gnó a Sheoladh), ar rialacháin iad atá beartaithe ag Banc Ceannais na hÉireann, ba cheart foráil a dhéanamh d’oibleagáidí a chur ar sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais cosc a chur agus aghaidh a thabhairt ar dhrochúsáid airgeadais iarbhír nó amhrasta ar aosaigh atá i mbaol agus ar custaiméirí de chuid soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais iad (”custaiméirí atá i mbaol”).

184. Ba cheart oibleagáid reachtúil a bheith ar sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais, ar chomhair chreidmheasa agus ar oifigí poist a chinntiú go bhfaigheann pearsanra iomchuí oiliúint rialta i bhfeasacht ar chumhdach aosach.

185. Ba cheart na Rialacháin fán Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 (Alt 17A) (Caighdeáin do Ghnó), agus na Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 (Alt 48) (Gnó a Sheoladh), ar rialacháin iad atá beartaithe ag Banc Ceannais na hÉireann, a bheith ag teacht leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, agus le cóid atá ann cheana, amhail na cóid reachtúla chleachtais a rinneadh faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, mar shampla an Cód Cleachtais do Sholáthraithe Seirbhíse Airgeadais arna fhoilsiú ag Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta.

186. Ba cheart na leasuithe agus na soiléirithe seo a leanas a dhéanamh agus a sholáthar faoi seach i ndáil leis an míniú beartaithe ar "tomhaltóir atá in imthosca soghonta" sna Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 (Alt 48) (Gnó a Sheoladh), atá beartaithe ag Banc Ceannais na hÉireann:

(a) ba cheart na focail "an-soghabhálach i leith díobhála" agus "díobháil" a mhíniú sa mhíniú beartaithe nó in áit eile sna Rialacháin;

(b) ba cheart imthosca áirithe eile inar "tomhaltóir atá in imthosca soghonta" a bheidh i dtomhaltóir a sholáthar sa mhíniú beartaithe nó in áit eile sna Rialacháin;

(c) ba cheart an míniú beartaithe a leasú, go páirteach, chun tagairt a dhéanamh do thomhaltóir ar duine nádúrtha é nó í agus a bhfágann a imthosca aonair nó a himthosca aonair (cibé acu is imthosca buana nó imthosca eile iad) tráth ar leith go bhfuil an tomhaltóir sin an-soghabhálach i leith díobhála; agus

(d) ba cheart an méid seo a leanas a shoiléiriú sa Treoir atá beartaithe ag Banc Ceannais na hÉireann maidir le Tomhaltóirí atá in Imthosca Soghonta a Chosaint:

(i) an bhrí atá leis an téarma "an-soghabhálach i leith díobhála" sa mhíniú beartaithe;

(ii) cad is "díobháil" ann chun críocha an mhínithe bheartaithe; agus

(iii) na himthosca áirithe eile inar "tomhaltóir atá in imthosca soghonta" a bheidh i dtomhaltóir.

187. Leis an reachtaíocht phríomha (i.e., Acht den Oireachtas) nó leis an reachtaíocht thánaisteach (i.e., rialacháin), ba cheart a thabhairt de chumhacht do sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais críochnú idirbhirt airgeadais a chur ar fionraí go sealadach i gcás go bhfuil eolas nó creideamh réasúnach ann go bhfuil nó go raibh custaiméir atá i mbaol faoi réir drochúsáid airgeadais nó gur dóigh go mbeidh sé nó sí faoi réir drochúsáid airgeadais.

188. Ba cheart díolúine reachtúil a thabhairt isteach sa reachtaíocht phríomha nó sa reachtaíocht thánaisteach chun a shoiléiriú nach mbeidh aon ábhar caingne ann in aghaidh soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais ná in aghaidh aon bhainisteoir brainse, stiúrthóir, oifigeach, fostaí, gníomhaire ná ionadaí eile de chuid soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais i leith gníomh a rinneadh de mheon macánta chun custaiméir atá i mbaol a chumhdach ar dhrochúsáid airgeadais iarbhír nó amhrasta i gcás go bhfuil eolas nó creideamh réasúnach ann go bhfuil nó go raibh custaiméir atá i mbaol faoi réir drochúsáid airgeadais nó gur dóigh go mbeidh sé nó sí faoi réir drochúsáid airgeadais.

189. Ba cheart forálacha áirithe den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 agus de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú), 2007, a leasú chun comhsheasmhacht a chinntiú leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, agus leis an Moladh (CM/Rec(2014)2) ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa chuig na Ballstáit maidir le cearta an duine atá ag daoine scothaosta a chur chun cinn.

190. I ndáil leis an sainchúram atá ar an gComhlacht Cumhdaigh tuairiscí a fháil ar dhrochúsáid nó faillí iarbhír nó amhrasta ar aosaigh atá i mbaol agus freagairt do na tuairiscí sin, ba cheart feidhm a bheith aige maidir le tuairiscí ar gach cineál drochúsáide, lena n-áirítear drochúsáid airgeadais iarbhír nó amhrasta ar aosaigh atá i mbaol.

191. Ba cheart socrú a dhéanamh sa reachtaíocht thánaisteach chun soiléiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta airgeadais le haghaidh socruithe táillí a dhearbhú i gconarthaí le haghaidh cúraim idir soláthraithe tacaíochta baile agus úsáideoirí seirbhíse chun go mbeidh úsáideoirí ionchasacha seirbhíse in ann soláthraithe tacaíochta baile a bhreithniú roimh ré agus chun deimhneacht airgeadais a thabhairt d'úsáideoirí ionchasacha seirbhíse.

192. Ba cheart caighdeán maidir le cosc a chur ar dhrochúsáid airgeadais ag soláthraithe seirbhíse a thabhairt isteach agus é a chur ar a áireamh sna Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Cúram Baile agus Seirbhísí Tacaíochta Baile.

## Caibidil 15: Comhar

193. Breithnítear i gCaibidil 15 cé acu atá nó nach bhfuil socruithe comhair ag teastáil chun ábhair imní faoi chumhdach aosach a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu agus cé acu atá nó nach bhfuil socruithe comhair ag teastáil i socruithe cúraim idirthréimhsigh do dhaoine atá ag aistriú ó sheirbhísí do leanaí chuig seirbhísí d'aosaigh. Is é atá i gceist le comhar ná an Comhlacht Cumhdaigh, comhlachtaí áirithe seirbhíse poiblí agus soláthraithe seirbhísí iomchuí d'aosaigh atá i mbaol a bheith ag obair i gcomhar le chéile.

194. Cuimsíonn comhar comhroinnt faisnéise, cinnteoireacht agus freagracht chomhroinnte, comhthiomsú acmhainní, agus comhroinnt saineolais agus dea-chleachtais idir an Comhlacht Cumhdaigh, comhlachtaí áirithe seirbhíse poiblí agus soláthraithe seirbhísí iomchuí d'aosaigh atá i mbaol.

195. Sa Tuarascáil, is é is socruithe cúraim idirthréimhsigh ann socruithe do dhaoine óga de réir mar a aistríonn siad ó chúram an Stáit chuig iarchúram, chuig maireachtáil

neamhspleách, chuig maireachtáil faoi thacaíocht nó chuig cúram cónaithe, mar aon le socruithe a chuirtear chun feidhme nuair a aistríonn daoine óga ó sheirbhísí cúraim shóisialta do leanaí chuig seirbhísí d'aosaigh.

196. Is socruithe neamhfhoirmiúla nó socruithe atá bunaithe ar bheartas, seachas ar reachtaíocht, iad na socruithe comhair atá ann cheana in Éirinn, agus ní fhéadfar iad a fhorfheidhmiú. Níl dóthain acmhainní ag socruithe den sórt sin, ní chuirtear chun feidhme go comhsheasmhach iad, agus braitheann siad ar chaidrimh aonair agus ar chomhpháirtíochtaí áitiúla.

197. I gCaibidil 15, déanann an Coimisiún na moltaí seo a leanas.

198. Sa reachtaíocht um chumhdach aosach, ba cheart foráil a dhéanamh d'fheidhm reachtúil a bheith ag an gComhlacht Cumhdaigh obair i gcomhar le haon duine nó comhlacht is cuí leis maidir le haon ní a bhaineann lena fheidhmeanna.

199. Mar atá leagtha amach thíos, déantar socrú i gCaibidil 15 freisin do dhualgais reachtúla a chur ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí obair i gcomhar le chéile. Níor cheart feidhm a bheith ag na dualgais reachtúla sin ach amháin maidir leis na comhlachtaí seirbhíse poiblí seo a leanas ar dóigh go mbeidh baint acu le cumhdach aosach in Éirinn:

(a) an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach;

(b) aon Roinn den Stát;

(c) Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta;

(d) an Garda Síochána;

(e) an Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (Cuan);

(f) FSS;

(g) HIQA;

(h) na Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta, atá faoi údarás an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige;

(i) an Coimisiún Meabhair-Shláinte;

(j) an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail; agus

(k) aon chomhlacht arna ainmniú mar "comhlacht seirbhíse poiblí" faoin alt iomchuí den Bhille um Chumhdach Aosach, 2024, atá beartaithe ag an gCoimisiún.

200. Leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, ba cheart dualgas reachtúil a fhorchur ar chomhlacht seirbhíse poiblí obair i gcomhar leis an gComhlacht Cumhdaigh chun feidhm de chuid an Chomhlachta Cumhdaigh a chur i gcrích nuair a iarrann an Comhlacht Cumhdaigh air déanamh amhlaidh.

201. Leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, ba cheart dualgas reachtúil a fhorchur ar chomhlacht seirbhíse poiblí obair i gcomhar le comhlacht eile seirbhíse poiblí chun feidhm de chuid an chomhlachta eile sin a bhaineann le sláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol a chur i gcrích nuair a iarrann an comhlacht eile sin air déanamh amhlaidh.

202. Leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, ba cheart dualgas reachtúil a fhorchur ar chomhlacht seirbhíse poiblí obair i gcomhar le soláthraí seirbhíse iomchuí, nuair a iarrann an soláthraí sin air déanamh amhlaidh, i gcás go bhfuil an soláthraí sin den tuairim, bunaithe ar fhorais réasúnacha, gur ann do bhaol do shláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol de dheasca drochúsáide, faillí nó drochíde.

203. Ba cheart "seirbhís iomchuí" chun críocha na reachtaíochta um chumhdach aosach a bheith i ngach cineál oibre nó gníomhaíochta atá liostaithe i Sceideal 1 a ghabhann leis an mBille um Chumhdach Aosach, 2024, atá beartaithe ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart "soláthraí seirbhíse iomchuí" chun críocha na reachtaíochta um chumhdach aosach a bheith i ngach soláthraí "seirbhís iomchuí".

204. Leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, ba cheart dualgas reachtúil a fhorchur ar sholáthraí seirbhíse iomchuí obair i gcomhar leis an gComhlacht Cumhdaigh chun feidhm de chuid an Chomhlachta Cumhdaigh a chur i gcrích nuair a iarrann an Comhlacht Cumhdaigh air déanamh amhlaidh.

205. Leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, ba cheart dualgas reachtúil a fhorchur ar sholáthraí seirbhíse iomchuí obair i gcomhar le comhlacht seirbhíse poiblí chun feidhm de chuid an chomhlachta sin a bhaineann le sláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol a chur i gcrích nuair a iarrann an comhlacht sin air déanamh amhlaidh.

206. Leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, ba cheart dualgas reachtúil a fhorchur ar sholáthraí seirbhíse iomchuí obair i gcomhar le soláthraí eile seirbhíse iomchuí, nuair a iarrann an soláthraí eile sin air déanamh amhlaidh, i gcás go bhfuil an soláthraí eile sin den tuairim, bunaithe ar fhorais réasúnacha, gur ann do bhaol do shláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol de dheasca drochúsáide, faillí nó drochíde.

207. Ina theannta sin, leis an reachtaíocht um chumhdach aosach, ba cheart a fhoráil gurb amhlaidh, in imthosca ina gcreidfidh oifigeach údaraithe de chuid an Chomhlachta Cumhdaigh, ar bhonn faisnéise a tuairiscíodh nó atá ar fáil don Chomhlacht Cumhdaigh agus bunaithe ar fhorais réasúnacha, gur ann do bhaol do shláinte, sábháilteacht nó leas aosaigh atá i mbaol, gur cheart don Chomhlacht Cumhdaigh a bheith in ann cibé gníomh is dóigh leis is gá a dhéanamh chun an t-aosach atá i mbaol a chumhdach. Ba cheart obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile chun plean cumhdaigh a fhorbairt chun an t-aosach atá i mbaol a chumhdach a bheith i measc na ngníomhartha sin, ach gan a bheith teoranta dó sin.

208. Ba cheart grúpa stiúrtha idir-rannach a bhunú ar bhonn reachtúil in Éirinn chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhar i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach.

209. Ba cheart forálacha reachtúla do shocruithe cúraim idirthréimhsigh a chur ar áireamh in aon reachtaíocht cúraim shóisialta amach anseo a bhreithneoidh an Rialtas.

210. Más rud é go ndéanfar socrú d'fhorálacha reachtúla do shocruithe cúraim idirthréimhsigh in aon reachtaíocht cúraim shóisialta amach anseo, ba cheart don Rialtas na nithe seo a leanas a bhreithniú:

(a) ceanneagraíocht a cheapadh, nó dhá eagraíocht nó níos mó a cheapadh mar cheanneagraíochtaí, chun socruithe cúraim idirthréimhsigh a bhainistiú i gcomhar le comhlachtaí áirithe seirbhíse poiblí agus le soláthraithe áirithe seirbhísí iomchuí d'aosaigh atá i mbaol; agus

(b) dualgas a chur ar an gceanneagraíocht nó ar na ceanneagraíochtaí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) measúnú a dhéanamh ar cé acu is dóigh nó nach dóigh, maidir le leanbh a mheastar a bheith i mbaol nó a bhfuil riachtanais chasta aige nó aici, gur aosach atá i mbaol a bheidh sa leanbh sin tráth an aistrithe ó sheirbhísí do leanaí chuig seirbhísí d'aosaigh; agus

(ii) pleanáil thráthúil cúraim idirthréimhsigh agus pleanáil thráthúil cumhdaigh a ghabháil de láimh don leanbh sin.

## Caibidil 16: Comhroinnt Faisnéise

211. I gCaibidil 16, pléitear le comhroinnt faisnéise i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach. Chuir na comhairlithe in iúl arís agus arís eile go bhfuil comhroinnt faisnéise ag teastáil i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach. Maidir le hábhair imní cumhdaigh ar dá ndeasca is gá faisnéis a chomhroinnt chun ábhair imní faoi chumhdach aosach a imscrúdú nó a mhaolú, is féidir go dtiocfaidh siad chun cinn, mar shampla, i suíomhanna cúram pobail, i suíomhanna cúram cónaithe, i suíomhanna seirbhísí lae, i suíomhanna sláinte agus i suíomhanna seirbhísí pobail nó i gcás go dtairgtear nó go soláthraítear táirgí nó seirbhísí airgeadais d'aosaigh atá i mbaol. I gcás daoine a oibríonn le haosaigh atá i mbaol, is féidir go mbeidh siad ag iarraidh faisnéis a chomhroinnt ach go mbeidh leisce orthu é sin a dhéanamh ar eagla go sáródh siad an dlí um chosaint sonraí. Labhair cuid mhór comhairlithe faoin éiginnteacht atá ann maidir le cén uair a fhéadfar sonraí a chomhroinnt chun críocha cumhdaigh aosach.

212. Mínítear i gCaibidil 16 nach ndéantar leis an gcreat dlíthiúil reatha um chosaint sonraí in Éirinn socrú leordhóthanach do chomhroinnt faisnéise idir comhlachtaí príobháideacha agus comhlachtaí poiblí a phléann le cumhdach aosach.

213. Faoin dlí atá ann cheana, níl aon oibleagáid dhlíthiúil shonrach ná aon chead dlíthiúil sonrach ann faisnéis a chomhroinnt nuair is gá agus is comhréireach chun sláinte, sábháilteacht nó leas aosach atá i mbaol a chumhdach. Níl aon treoir shonrach ann in Éirinn maidir leis an dóigh ar féidir brath go sábháilte ar na bunúis dlí le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 6(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS") agus ar na coinníollacha le haghaidh catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 9(2) RGCS ar mhaithe le sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta de chuid aosach atá i mbaol a chomhroinnt a mhéid is gá agus is comhréireach chun sláinte, sábháilteacht nó leas aosach atá i mbaol a chumhdach.

214. Ceann amháin de na torthaí a bhíonn ar an neamhdheimhneacht dhlíthiúil sin is ea go nglactar cineálacha neamh-chomhsheasmhacha cur chuige i leith comhroinnt faisnéise i measc comhlachtaí príobháideacha agus comhlachtaí poiblí a phléann le cumhdach aosach. Is dóigh gur féidir cuid mhór den neamh-chomhsheasmhacht sin a chur síos don easpa tuisceana ar na bunúis dlí le haghaidh comhroinnt faisnéise i gcomhthéacs sonrach an chumhdaigh aosach agus don easpa soiléire i leith na mbunús dlí sin.

215. I gCaibidil 16, déanann an Coimisiún na moltaí seo a leanas.

216. Leis an reachtaíocht phríomha (i.e., Acht den Oireachtas), ba cheart foráil a dhéanamh do chomhroinnt faisnéise idir "comhlachtaí iomchuí" a mbaineann a bhfeidhmeanna, go hiomlán nó go páirteach, le sláinte, sábháilteacht nó leas aosach atá i mbaol a chumhdach.

217. Ba cheart "comhlacht iomchuí" chun críocha na forála um chomhroinnt faisnéise sa reachtaíocht um chumhdach aosach a bheith i ngach ceann de na comhlachtaí atá sa mhíniú ar "comhlacht iomchuí" sa Bhille um Chumhdach Aosach, 2024, atá beartaithe ag an gCoimisiún. Is féidir sampla d'fhoráil den sórt sin a fháil sa Bhille um Chumhdach Aosach, 2024, ón gCoimisiún.

218. Ba cheart oibleagáid reachtúil agus cead reachtúil araon a thabhairt isteach sa reachtaíocht phríomha chun foráil a dhéanamh go sonrach do chomhroinnt faisnéise idir comhlachtaí iomchuí a mbaineann a bhfeidhmeanna, go hiomlán nó go páirteach, le sláinte, sábháilteacht nó leas aosach atá i mbaol a chumhdach.

219. Go dtí go ndéanfar sa reachtaíocht phríomha (i.e., Acht den Oireachtas) foráil leordhóthanach do chomhroinnt faisnéise i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach, ba cheart rialacháin (i.e., reachtaíocht thánaisteach) faoi ailt 51(3) agus 73(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, a thabhairt isteach chun comhlachtaí iomchuí a mbaineann a bhfeidhmeanna, go hiomlán nó go páirteach, le sláinte, sábháilteacht nó leas aosach atá i mbaol a chumhdach a cheadú catagóirí speisialta sonraí pearsanta de chuid aosach atá i mbaol a chomhroinnt le comhlachtaí iomchuí ar mhaithe le sláinte, sábháilteacht nó leas aosach atá i mbaol in Éirinn a chumhdach, rud a bhfuil cúis shubstaintiúil leasa phoiblí leis.

220. Ba cheart treoir agus/nó cóid iompair a fhoilsiú maidir le sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta de chuid aosach atá i mbaol a chomhroinnt i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach.

## Caibidil 17: Athbhreithnithe ar Chumhdach Aosach

221. I gCaibidil 17, pléitear sásraí athbhreithnithe atá ann cheana i gcás go dtarlaíonn teagmhas tromchúiseach i ndáil le haosach. Moltar inti athbhreithnithe ar chumhdach aosach a thabhairt isteach in Éirinn. Is é is aidhm do na hathbhreithnithe sin foghlaim ó theagmhais roimhe ina ndeachaigh nithe amú, agus é i gceist leo feabhas a chur ar cháilíocht agus sábháilteacht seirbhísí agus laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais chomhchosúla arís sa todhchaí.

222. Is ann faoi láthair do raon leathan sásraí athbhreithnithe is féidir a úsáid nuair a tharlaíonn teagmhas tromchúiseach i ndáil le haosach atá i mbaol. Ní ann d'aon

chomhsheasmhacht ó thaobh cur chuige de ná d'aon nós imeachta ar leith atá le leanúint nuair a tharlaíonn teagmhas tromchúiseach. Déantar roinnt athbhreithnithe éagsúla de bhun teagmhais thromchúiseacha áirithe, agus is minic a roghnaítear próisis dhifriúla athbhreithnithe le haghaidh teagmhais thromchúiseacha chomhchosúla. I gcás fhormhór na sásraí athbhreithnithe, ceanglaítear cinneadh a dhéanamh chun athbhreithniú a bhunú nó a choimisiúnú. Dá réir sin, i gcás teagmhais thromchúiseacha nach bhfaigheann an cumhdach sna meáin ná an grinnscrúdú poiblí is gá chun athbhreithniú a spreagadh, tagann imní chun cinn nach mbíonn aghaidh leordhóthanach á tabhairt ar theagmhais den sórt sin agus nach mbíonn ceachtanna á bhfoghlaim uathu.

223. I gcodarsnacht leis sin, i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag, ceanglaítear athbhreithnithe sonracha ar chumhdach aosach a dhéanamh i ngach cás ina gcomhlíonann teagmhas na critéir fhorordaithe. Is iad Boird áitiúla idirghníomhaireachta um Chumhdach Aosach nó Coistí áitiúla idirghníomhaireachta um Chosaint Aosach a dhéanann na hathbhreithnithe sin. Féadfaidh siad athbhreithnithe lánroghnacha a dhéanamh in imthosca áirithe freisin.

224. Molann an Coimisiún gur cheart athbhreithnithe ar chumhdach aosach a thabhairt isteach ar bhonn reachtúil in Éirinn. Dá ndéanfaí amhlaidh, bheadh stádas breisithe ag athbhreithnithe ar chumhdach aosach agus chinnteofaí go gcuirfí i gcrích iad le haghaidh gach cáis ina gcomhlíonfaí critéir shocraithe. Bheadh deis ann freisin an próiseas athbhreithnithe a chaighdeánú agus cumhachtaí reachtúla a thabhairt isteach chun faisnéis a éileamh chun a chinntiú go mbíonn na hathbhreithnithe éifeachtach. Ní ghlacfaidh na hathbhreithnithe sin áit na n-athbhreithnithe ginearálta ar theagmhais ná na n-athbhreithnithe ar minic a cheanglaítear ar rialálaithe iad a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil aon ghníomhartha láithreacha ag teastáil chun úsáideoir seirbhíse nó grúpa úsáideoirí seirbhíse a chumhdach, nó chun soláthraí a chur i gcomhréir. Ina ionad sin, díreofar in athbhreithnithe ar chumhdach aosach ar cheachtanna a dhíorthú ó theagmhais an-tromchúiseach a bhaineann le haosaigh atá i mbaol agus a chomhlíonann an ardtairseach le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach, mar atá sainaitheanta ag an gCoimisiún.

225. Níl an Coimisiún in ann a chinneadh cén comhlacht ar cheart dó a bheith freagrach as athbhreithnithe ar chumhdach aosach a dhéanamh. Cé go measann an Coimisiún gur féidir gur ann do roinnt comhlachtaí incháilithe, tá cuid mhór tosca beartais agus impleachtaí suntasacha acmhainne i gceist leis an meastóireacht ar cén comhlacht ar cheart dó an ról a dhéanamh, ar tosca agus impleachtaí iad nach dtagann faoi raon feidhme an tionscadail seo. I gCaibidil 6, tugann an Coimisiún breac-chuntas achomair ar an bhféidearthacht atá ann go ndéanfadh rialálaithe na hathbhreithnithe sin agus míníonn sé cén fáth, ina thuairim féin, a mbeadh sé míchuí an Comhlacht Cumhdaigh a ainmniú mar chomhlacht athbhreithnithe.

226. Molann an Coimisiún gur cheart na prionsabail seo a leanas a bheith mar bhonn agus mar thaca ag athbhreithnithe ar chumhdach aosach:

(a) ba cheart athbhreithnithe ar chumhdach aosach a bheith foghlaimdhírithe; ní hé an cuspóir atá leo milleán a shannadh. Ba cheart é a bheith d'aidhm le hathbhreithnithe sainaithint a dhéanamh ar athruithe is féidir a dhéanamh chun cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí a fheabhsú agus chun laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh an teagmhas arís;

(b) ba cheart próiseas comhsheasmhach, caighdeánaithe agus trédhearcach um athbhreithniú ar chumhdach aosach a bheith ann le haghaidh teagmhais an-tromchúiseach, agus ba cheart tuarascálacha maidir le hathbhreithnithe ar chumhdach aosach a chur ar fáil go poiblí nuair is féidir;

(c) ba cheart feidhm a bheith ag athbhreithnithe ar chumhdach aosach maidir le gach teagmhas an-tromchúiseach a bhaineann le haosaigh atá i mbaol agus a chomhlíonann critéir shocraithe, beag beann ar an suíomh cúraim lena mbaineann;

(d) ba cheart athbhreithnithe ar chumhdach aosach a chur i gcrích go tráthúil chun na ceachtanna a scaipeadh gan mhoill;

(e) ba cheart cultúr foghlama comhroinnte a bheith ann, áit a dtugtar deis d'aosaigh atá i mbaol, dá dteaghlach, do thathantóirí, do bhaill foirne agus do sholáthraithe seirbhíse páirt fhiúntach a ghlacadh sa phróiseas athbhreithnithe;

(f) ba cheart don chomhlacht athbhreithnithe iniúchadh agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí chun a chinntiú go mbíonn cuspóir na n-athbhreithnithe á mbaint amach agus go mbíonn feabhas éifeachtach á chur ar chórais dá mbarr; agus

(g) ba cheart ceanglas a chur ar na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí atá sainaitheanta san athbhreithniú freagra a thabhairt, ar freagra é ina leagtar amach cé acu a ghlacann nó nach nglacann siad leis na moltaí, mar aon leis na bearta a rinne siad, nó a dhéanfaidh siad, chun na moltaí a chur chun feidhme. Ba cheart don chomhlacht athbhreithnithe na freagraí sin a chur ar fáil go poiblí.

227. Molann an Coimisiún nach mór athbhreithniú ar chumhdach aosach a dhéanamh i gcás:

(a) (i) go bhfuair aosach atá i mbaol bás agus gurb eol, nó go bhfuil amhras ann, go bhfuil drochúsáid nó faillí ar cheann amháin de na tosca a bhí taobh thiar den bhás; nó

(ii) nach bhfuair aosach atá i mbaol bás, ach gurb eol, nó go bhfuil amhras ann, gur fhulaing sé nó sí drochúsáid nó faillí thromchúiseach nó go bhfuil drochúsáid nó faillí thromchúiseach á fulaingt aige nó aici; agus

(b) go dtugtar le tuiscint, mar gheall ar theagmhas nó ar shraith teagmhas, go raibh teipeanna tromchúiseacha suntasacha ann ar thaobh aon ghníomhaireachta, eagraíochta nó duine aonair amháin nó níos mó atá freagrach as cúram agus cosaint aosach atá i mbaol.

228. Molann an Coimisiún freisin go bhféadfaí athbhreithniú ar chumhdach aosach a dhéanamh i gcás nach gcomhlíontar na critéir le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach agus go bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhlacht athbhreithnithe lena chreidiúint go bhféadfaí faisnéis ábharach a ghnóthú ó athbhreithniú ar chumhdach aosach a dhéanamh maidir le conas is féidir sábháilteacht, cáilíocht agus caighdeáin seirbhísí cumhdaigh aosach a sholáthraíonn gníomhaireacht, eagraíocht nó duine aonair amháin nó níos mó a fheabhsú chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) sláinte, sábháilteacht agus leas aosach atá i mbaol a chosaint agus a chur chun cinn, agus

(b) íoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol díobhála d'aosaigh atá i mbaol.

229. Is féidir go mbeidh imthosca ann ina measfaidh an comhlacht athbhreithnithe nár cheart dó athbhreithniú ar chumhdach aosach a dhéanamh nó gur cheart scor d'athbhreithniú ar cuireadh tús leis cheana féin nó é a chur ar sos. Mar shampla, is féidir go mbeidh an teagmhas tromchúiseach atá á athbhreithniú ina ábhar d'imeachtaí coiriúla, nó is féidir go mbeidh athbhreithniú nó imscrúdú ar an teagmhas á dhéanamh cheana féin ag comhlacht reachtúil nó sealbhóir oifige eile. Molann an Coimisiún go bhféadfadh an comhlacht athbhreithnithe cinneadh a dhéanamh gan athbhreithniú sainordaitheach nó lánroghnach ar chumhdach aosach a dhéanamh nó cinneadh a dhéanamh scor d'athbhreithniú den sórt sin nó é a chur ar sos in imthosca áirithe.

230. Ionas go mbeidh an comhlacht athbhreithnithe in ann athbhreithnithe ar chumhdach aosach a dhéanamh, is féidir go dteastóidh rochtain uaidh ar dhoiciméid nó ar fhaisnéis a bhaineann leis an teagmhas tromchúiseach atá á athbhreithniú. Gan an méid sin, ba dheacair don chomhlacht athbhreithnithe a shuí cad a tharla agus cad ba cheart a dhéanamh ar bhealach eile sa todhchaí chun laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh an teagmhas arís. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún gur cheart cumhachtaí a bheith ag an gcomhlacht athbhreithnithe chun faisnéis a éileamh agus daoine iomchuí a chur faoi agallamh agus, i gcás neamhchomhlíonta, gur cheart an cumas a bheith ag an gcomhlacht athbhreithnithe iarratas a dhéanamh ar ordú cúirte chun na cumhachtaí sin a fhorfheidhmiú.

## Caibidil 18: Gairmithe agus Grúpaí Gairme a Rialáil

231. I gCaibidil 18, breithnítear rialáil a dhéanamh ar ghairmithe agus grúpaí gairme a ghabhann d'obair cúraim agus tacaíochta, mar aon lena leordhóthanaí atá grinnfhiosrúchán réamhfhostaíochta mar bheart cosanta. Measúnaítear i gCaibidil 18 freisin na cineálacha cur chuige a ghlacann dlínsí comharsanacha i leith rialáil agus formhaoirseacht a dhéanamh ar obair neamhrialáilte, agus an úsáid a bhaintear as 'liostaí daoine urchoiscthe' sa Ríocht Aontaithe, ar bunachair sonraí iad ina bhfuil mionsonraí faoi dhaoine aonair a bhfuil toirmeasc orthu obair i ngníomhaíochtaí rialáilte le leanaí nó "aosaigh shoghonta".

232. In Éirinn faoi láthair, is beag a chuireann cosc ar oibrí i ngrúpa gairme neamhrialáilte ar cuireadh ábhair imní drochúsáide nó faillí in iúl ina leith aistriú chuig post eile agus leanúint le drochúsáid nó díobháil a dhéanamh ansin. Cruthaítear baol suntasach do chumhdach aosach toisc nach gceanglaítear ar dhaoine aon íoschaighdeáin oiliúna a ghnóthú chun feidhmiú mar chúntóir cúram sláinte nó mar chúntóir tacaíochta cúram sláinte agus toisc nach ndéantar aon rialáil iarfhostaíochta ina leith.

233. Lasmuigh de na hearnálacha sláinte agus cúraim shóisialta, tá baol ann fós d'aosaigh atá i mbaol toisc nár tosaíodh in Éirinn go fóill an fhoráil um ath-ghrinnfhiosrúchán sainordaitheach atá in alt 20 den Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012.

234. Déanann an Coimisiún na moltaí seo a leanas i gCaibidil 18.

235. Ba cheart cúntóirí cúram sláinte agus cúntóirí tacaíochta cúram sláinte a rialáil in Éirinn chun a chinntiú:

(a) go dtabharfar cosaint don phobal;

(b) go mbunófar íoscheanglais oideachais agus oiliúna do chúntóirí cúram sláinte agus do chúntóirí tacaíochta cúram sláinte;

(c) go gcaighdeánófar na róil atá ag cúntóirí cúram sláinte agus ag cúntóirí tacaíochta cúram sláinte;

(d) go mbunófar raon feidhme sainithe cleachtais do chúntóirí cúram sláinte agus do chúntóirí tacaíochta cúram sláinte; agus

(e) go gcuirfear rialuithe chun feidhme maidir le rochtain ar fhostaíocht mar chúntóir cúram sláinte nó mar chúntóir tacaíochta cúram sláinte.

236. Tá an moladh thuas ag teacht leis na conclúidí ar tháinig FSS orthu san Athbhreithniú uaidh ar Ról agus Feidhm Cúntóirí Cúram Sláinte i mí na Nollag 2018.

237. Ag féachaint do chomhthéacs bunreachtúil na hÉireann, níor cheart liostaí daoine urchoiscthe a bhunú in Éirinn.

238. Ba cheart orduithe toirmisc iarchiontaithe a thabhairt isteach sa reachtaíocht phríomha (i.e., Acht den Oireachtas) chun toirmeasc a chur ar dhaoine a ciontaíodh i gcionta faoin reachtaíocht um chumhdach aosach nó faoin reachtaíocht um chinnteoireacht chuidithe, nó arbh aosaigh atá i mbaol iad a n-íospartaigh, gabháil d’aon obair nó gníomhaíochtaí ina mbeadh rochtain acu ar aosaigh atá i mbaol nó ina mbeadh teagmháil acu le haosaigh atá i mbaol.

239. Ba cheart córas um ath-ghrinnfhiosrúchán sainordaitheach a thabhairt isteach in Éirinn do dhaoine atá faoi réir grinnfhiosrúchán sainordaitheach i leith obair nó gníomhaíochtaí iomchuí faoin Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012.

## Caibidil 19: Cumhdach Aosach agus an Dlí Coiriúil

240. Breithnítear i gCaibidil 19 na hathchóirithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an dlí coiriúil chun aosaigh atá i mbaol a chumhdach ar bhealach níos fearr. Moltar inti go dtabharfaí isteach cionta coiriúla nua a bhaineann go sonrach le cumhdach aosach. Measann an Coimisiún go gcomhlánódh na hathchóirithe coiriúla atá molta i gCaibidil 19 na hathchóirithe beartaithe ar an dlí sibhialta atá leagtha amach ar fud na Tuarascála agus go mbainfí creat reachtúil agus rialála cuimsitheach le haghaidh cumhdach aosach amach dá mbarr. Tá na cionta atá beartaithe ag an gCoimisiún leagtha amach sa Bhille um an Dlí Coiriúil (Cumhdach Aosach), 2024, uaidh.

241. Molann an Coimisiún na cionta coiriúla nua seo a leanas in aghaidh "daoine iomchuí" (i.e., catagóir shonraithe d'aosaigh atá i mbaol, mar atá pléite thíos):

(a) cion arb éard é drochúsáid nó faillí a dhéanamh nó drochíde a thabhairt, bíodh sé sin d'aon ghnó nó go meargánta;

(b) cion arb éard é duine a chur faoi lé baol díobhála tromchúisí nó drochúsáide gnéasaí;

(c) cion arb éard é rialú comhéigneach, ar leithne an raon caidreamh a chumhdaítear leis ná an raon caidreamh a chumhdaítear leis an gcion reatha atá in alt 39 den Acht um Fhoréigean Baile, 2018; agus

(d) cion arb éard é dúshaothrú comhéigneach.

242. In Éirinn, is beag cion coiriúil lena gcoiriúlaítear go sonrach gníomhartha nó neamhghníomhartha a dhéantar in aghaidh aosaigh atá i mbaol. Níl aon amhras ann ach go bhfuil feidhm ag an dlí coiriúil ginearálta maidir le cásanna ina ndéantar cion in aghaidh aosach atá i mbaol. Mar sin féin, bíonn sé deacair ionchúiseamh a dhéanamh agus ciontuithe a áirithiú uaireanta i gcás nach féidir an t-aosach atá i mbaol a chur faoi agallamh nó nach féidir leis an aosach atá i mbaol fianaise a thabhairt ar an díobháil a rinneadh air nó uirthi. Cé gur ann do chionta sonracha lena gcoiriúlaítear cruálacht ar leanaí agus leanaí a chur i mbaol, ní ann d'aon chion coibhéiseach a bhfuil feidhm aige maidir le haosaigh atá i mbaol agus ar deacair dóibh iad féin a chosaint ar dhíobháil freisin. I dtuairim an Choimisiúin, níl aon amhras ann ach gur nithe gránna iad drochúsáid a dhéanamh ar aosach atá i mbaol, faillí a dhéanamh ann nó inti, drochíde a thabhairt dó nó di nó é nó í a chur faoi lé díobhála, agus is fiú na nithe sin a choiriúlú.

243. Ar fud na Tuarascála, úsáideann an Coimisiún an téarma "aosach atá i mbaol" chun tagairt a dhéanamh d'aosaigh a d'fhéadfadh a bheith i mbaol díobhála, toisc gur mian leis an téarma "duine soghonta" a sheachaint, ar téarma míchuí é. Is eol don Choimisiún, áfach, go gceanglaítear sainiúlacht leis an dlí coiriúil, agus is ar an gcúis sin a úsáideann sé an téarma "duine iomchuí", seachas "aosach atá i mbaol", chun tagairt a dhéanamh do chatagóir shonrach d'aosaigh atá i mbaol chun críocha Chaibidil 19 agus chun críocha na gcionta coiriúla atá beartaithe sa Bhille um an Dlí Coiriúil (Cumhdach Aosach), 2024.

244. Míníonn an Coimisiún an téarma "duine iomchuí" mar dhuine, seachas leanbh, a bhfuil a chumas nó a cumas é nó í féin a chosaint ar fhoréigean, dúshaothrú nó mí-úsáid ag duine eile, cibé acu fisiciúil, gnéasach nó mothúchánach, nó ar fhaillí ag duine eile, lagaithe go suntasach mar gheall ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) míchumas coirp, laige choirp, tinneas nó gortú;

(b) neamhord meabhrach, cibé acu de dheasca meabhairghalair nó néaltraithe;

(c) míchumas intleachta;

(d) neamhord ar speictream an uathachais.

245. Tuigeann an Coimisiún go bhféadfadh téarmaí amhail "neamhord meabhrach" agus "neamhord ar speictream an uathachais" a bheith maslach agus as dáta do dhaoine áirithe. Mar sin féin, admhaíodh i bpáipéar ón Údarás Náisiúnta Míchumais le déanaí go bhféadfadh gur ghá téarmaí sonracha ina n-úsáidtear teanga liachta, amhail neamhord ar speictream an uathachais, a úsáid sa reachtaíocht. Úsáideann an Coimisiún na téarmaí thuas toisc gur minic a úsáidtear iad i ndlíthe eile nó i mbreithiúnais chúirte agus toisc go gceanglaítear sainiúlacht leis an dlí coiriúil ionas gurb eol do gach duine cé a bhfuil feidhm ag na cionta maidir leo.

246. I dtuairim an Choimisiúin, tá cion lena léirítear alt 246 d'Acht na Leanaí, 2001, i leith leanaí ag teastáil chun go bhféadfar drochúsáid, faillí nó drochíde daoine iomchuí a choiriúlú, i gcás nach bhfuil aon cheanglas ann díobháil a chruthú. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin i gcás go ndéanann duine a sholáthraíonn cúram do dhuine iomchuí nó a chónaíonn sa teach céanna le duine iomchuí ionsaí ar dhuine, go dtugann sé nó sí drochíde dó nó di nó go ndéanann sé nó sí faillí ann nó inti d'aon ghnó nó go meargánta nó i gcás go gcuireann sé nó sí faoi deara go ndéanfar ionsaí air nó uirthi, go dtabharfar drochíde dó nó di nó go ndéanfar faillí ann nó inti ar mhodh ar dóigh dó a bheith ina chúis le fulaingt nó díobháil dá shláinte nó dá sláinte nó cur isteach go mór ar a fholláine nó ar a folláine.

247. In Éirinn, is cion é leanbh a chur faoi lé baol díobhála tromchúisí nó drochúsáide gnéasaí. Molann an Coimisiún go dtabharfaí isteach cion i leith daoine iomchuí atá cosúil leis an gcion i leith leanaí atá in alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006. Ar an tslí sin, choiriúlófaí duine iomchuí a chur faoi lé baol díobhála tromchúisí nó drochúsáide gnéasaí. Tá an Coimisiún den tuairim nár cheart an téarma "díobháil thromchúiseach" sa chomhthéacs seo a theorannú do dhíobháil fhisiciúil (mar atá amhlaidh i gcás leanaí faoi láthair) agus gur cheart díobháil shíceolaíoch a mbeadh tionchar suntasach aici ar dhuine iomchuí a bheith ar áireamh ann freisin.

248. Aithníonn an Coimisiún na teorainneacha atá leis an gcion atá ann cheana maidir le rialú comhéigneach faoin Acht um Fhoréigean Baile, 2018, chun críocha cumhdaigh aosach, mar gheall ar an bhfeidhm chúng atá aige maidir le lánúineacha pósta, dlúthpháirtnéirí nó iar-dhlúthpháirtnéirí. Is lasmuigh de raon feidhme an tionscadail seo atá sé a mholadh go ndéanfaí an cion san Acht um Fhoréigean Baile, 2018, a leathnú chuig catagóir níos leithne de chaidrimh theaghlaigh, chúraim agus chomhchónaithe. Ina ionad sin, molann an Coimisiún gur cheart cion nua maidir le rialú comhéigneach ar dhuine iomchuí a thabhairt isteach sa Bhille um an Dlí Coiriúil (Cumhdach Aosach), 2024, atá beartaithe, rud a mbeadh feidhm aige maidir le rialú comhéigneach ag daoine atá i gcaidreamh teaghlaigh, cúraim nó comhchónaithe le duine iomchuí. Tá an cion beartaithe sin bunaithe ar an gcion atá ann cheana in alt 39 den Acht um Fhoréigean Baile, 2018.

249. Molann an Coimisiún freisin go dtabharfaí isteach cion nua maidir le dúshaothrú comhéigneach ar dhuine iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar "cuacháil" agus ar "coireanna céile", ar ábhair imní shuntasacha iad i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach. Cé nach bhfuil dúshaothrú comhéigneach ina choir in Éirinn faoi láthair, is ann cheana do chionta coiriúla maidir le gadaíocht, calaois agus meabhlaireacht a bhféadfadh feidhm a bheith acu in imthosca áirithe.

250. Tá cuid mhór tuairiscí ann sna meáin ar chásanna inar spriocdhírigh daoine eile ina bpobal ar aosaigh atá i mbaol nó ina ndearna na daoine sin dúshaothrú ar aosaigh atá i mbaol, agus iad ag baint úsáid as a maoin nó as a n-acmhainní chun gabháil d'iompraíocht fhrithshóisialta agus choiriúil, chun aimhleasa shláinte, shábháilteacht agus leas an aosaigh atá i mbaol agus chun aimhleasa fholláine airgeadais an aosaigh atá i mbaol. Creideann an Coimisiún gur gá cion sonrach a dhéanamh de dhúshaothrú comhéigneach chun iompraíocht den sórt sin a choiriúlú i ndáil le daoine iomchuí. Cé go ndearna an Coimisiún meastóireacht ar fhorálacha dlíthiúla atá ann cheana maidir le comhéigean, calaois agus gadaíocht, spriocdhírítear leis na dlíthe sin go príomha ar iompraíochtaí a bhaineann le foréigean, imeaglú, meabhlaireacht, nó leithreasú neamhdhleathach maoine. Ní chuimsítear go hiomlán leo ach oiread na cineálacha caolchúiseacha dúshaothraithe a d'fhéadfadh baint d'aosaigh atá i mbaol, ar cineálacha dúshaothraithe iad a bhíonn neamhfhoréigneach agus neamh-mheabhlach go minic.

251. Dá nglacfaí leis an moladh ón gCoimisiún go ndéanfaí cion de dhúshaothrú comhéigneach, ba chiontach i gcion a bheadh aon duine a ghabhfadh, gan leithscéal réasúnach, d'iompraíocht rialaithe nó chomhéigneach i ndáil le duine iomchuí, chun rialú a fháil nó a fheidhmiú ar a mhaoin nó ar a maoin nó ar a acmhainní airgeadais nó ar a hacmhainní airgeadais chun a leasa féin nó chun leas duine eile. Creideann an Coimisiún nár cheart do dhuine a bheith in ann a mhaíomh gur thoiligh an duine iomchuí leis an iompraíocht rialaithe nó chomhéigneach nó leis an leas nó gur aontaigh an duine iomchuí don iompraíocht rialaithe nó chomhéigneach nó don leas. Measann an Coimisiún gur cheart, chun críocha an chiona, é a bheith neamhábhartha cé acu a ghnóthaigh nó nár ghnóthaigh an duine aon leas dáiríre.

252. Bheadh feidhm ag na cionta beartaithe sin maidir le soláthraithe cúraim agus maidir le daoine nádúrtha i gcás go gcomhlíonfaí na gnéithe den chion. Tá sé tábhachtach a aithint nach n-oibreodh na cionta beartaithe leo féin, ós rud é gur ann do chionta rialála faoin Acht Sláinte 2007 agus faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001, ar cionta iad lena dtugtar aghaidh ar theipeanna cúraim ag soláthraithe rialáilte cúraim. I gcás go bhfaightear soláthraí cúraim ciontach i gcionta áirithe faoin mBille um an Dlí Coiriúil (Cumhdach Aosach), 2024, molann an Coimisiún gur cheart a thabhairt de chumhacht do na cúirteanna orduithe poiblíochta a fhorchur a bhfuil sé d'aidhm acu a chur in iúl go soiléir don phobal go ndearna an soláthraí cúraim cion ar leith.

## Caibidil 20: Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach – Cur Chun Feidhme agus Cur Chuige Uile-Rialtais

253. Mar atá leagtha amach i gCaibidil 1, níl aon chreat cuimsitheach reachtúil agus rialála le haghaidh cumhdach aosach ann in Éirinn. Cé go bhfuil bearta cumhdaigh aosach i bhfeidhm faoi láthair, is ann dóibh go príomha ar bhonn beartais nó riaracháin, agus is measartha ilroinnte agus scoilte atá an cur chuige a ghlactar ar fud na n-earnálacha. Tá sé ríthábhachtach gur reachtaíocht trasearnála í aon reachtaíocht a achtófar i réimse an chumhdaigh aosach. Tá sé ríthábhachtach freisin nach mbeidh an reachtaíocht sin teoranta go míchuí don earnáil sláinte agus cúraim shóisialta. Beidh ról lárnach le himirt ag an gComhlacht Cumhdaigh maidir le feasacht a chur chun cinn ar shaincheisteanna cumhdaigh aosach agus ar an ngá atá

ann go dtabharfadh siad sin a thagann i dteagmháil le haosaigh atá i mbaol freagra éifeachtach ar aon ábhair imní cumhdaigh, cibé acu is daoine aonair, soláthraithe seirbhíse nó comhlachtaí eile Stáit iad. Tá ríthábhacht ag baint le comhar agus le comhroinnt faisnéise idir seirbhísí agus soláthraithe seirbhíse ar fud earnálacha éagsúla chun a chinntiú go bhfuil cur chuige comhcheangailte ann agus go ndéantar bearta tráthúla cuimsitheacha chun aosaigh atá i mbaol a chumhdach.

254. Rud atá chomh tábhachtach céanna is ea an gá atá ann le comhar idir-rannach. I gCaibidil 15, molann an Coimisiún gur cheart do ghrúpa stiúrtha idir-rannach arna bhunú ar bhonn reachtúil formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcomhar sin. Ar mhaithe leis na bearta cumhdaigh aosach atá molta ag an gCoimisiún, beidh ar an Roinn Sláinte, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Roinn Dlí agus Cirt, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Tithíochta obair le chéile chun aidhmeanna na reachtaíochta a bhaint amach agus chun aosaigh atá i mbaol a chumhdach ar dhíobháil. Sa chaibidil seo, molann an Coimisiún gur cheart grúpa stiúrtha idir-rannach a bhunú agus gur cheart ceanglas a chur ar gach roinn plean earnála a ullmhú lena chur chun feidhme. Measann an Coimisiún gur cheart é a bheith faoin Rialtas a chinneadh cén roinn ar cheart di a bheith ina príomhroinn i gcomhthéacs an chumhdaigh aosach. Mar sin féin, a bhuí leis an gceanglas a bheadh ar na ranna iomchuí uile pleananna earnála a tháirgeadh agus páirt a ghlacadh sa ghrúpa stiúrtha idir-rannach atá beartaithe, ba cheart go gcinnteofaí gur "gnó gach duine é an cumhdach" agus níor cheart go dtiocfadh aon scoilteanna ná aon bhearnaí cumhdaigh chun cinn.

255. Ar fud na Tuarascála, déanann an Coimisiún moltaí éagsúla maidir leis an dlí sibhialta agus coiriúil, agus é mar phríomhaidhm aige bearta a chur i bhfeidhm chun aosaigh atá i mbaol sa dlínse seo a chumhdach. Rinne an Coimisiún dianiarracht a chinntiú go bhfuil an córas atá beartaithe aige bunaithe ar thuairimí agus sainroghanna pearsanta aosach atá i mbaol, go n-urramaítear leis neamhspleáchas na ndaoine sin, agus go gcuirtear chun cinn leis na cearta atá acu chun a gcinntí féin a dhéanamh. Úsáideadh na treoirphrionsabail, atá leagtha amach i gCaibidil 3, mar bhonn eolais agus na moltaí uile atá sa Tuarascáil á ndéanamh, agus creideann an Coimisiún gur cheart dóibh gach gníomh a dhéanfar faoin reachtaíocht um chumhdach aosach a threorú amach anseo, más rud é go n-achtófar an reachtaíocht bheartaithe.

256. Tá moltaí an Choimisiúin léirithe in dhá dhréachtphíosa reachtaíochta a ghabhann leis an Tuarascáil: an Bille um Chumhdach Aosach, 2024, agus an Bille um an Dlí Coiriúil (Cumhdach Aosach), 2024. Measann an Coimisiún gurb é an toradh a bheidh ar an dá phíosa reachtaíochta, más rud é go n-achtófar iad, ná go dtiocfaidh feabhas mór ar an gcur chuige a ghlactar i leith cumhdach aosach in Éirinn agus go gcuirfear Éire ar aon dul le dlínsí eile a bhfuil reachtaíocht shonrach i bhfeidhm acu chun aosaigh atá i mbaol a chumhdach ar dhíobháil agus chun drochúsáid aosach atá i mbaol a choiriúlú. Tá cásanna "Emily", "Brandon", Leas Cross agus Áras Attracta mar fhianaise ar an ngéarghá atá ann le creat reachtúil agus rialála le haghaidh cumhdach aosach in Éirinn, ar creat é atá láidir, praiticiúil agus cuimsitheach.

257. Admhaíonn an Coimisiún nach bhfuil sa reachtaíocht ach cuid den phictiúr. Tá gá ann le treoir reachtúil atá soiléir agus mionsonraithe chun cabhrú leis an gComhlacht Cumhdaigh, comhlachtaí poiblí, rialálaithe, seirbhísí, soláthraithe seirbhíse agus daoine aonair na hoibleagáidí atá orthu faoin reachtaíocht um chumhdach aosach a thuiscint. D'fhéadfadh an treoir sin a bheith i bhfoirm treoirlínte nó cód cleachtais. Dá réir sin, molann an Coimisiún gur cheart treoir reachtúil a bheith ag gabháil leis an reachtaíocht um chumhdach aosach agus go soláthrófaí léi treoirlínte breise ar ghnéithe éagsúla a chumhdaítear leis an reachtaíocht.

258. Tá sé tábhachtach a aithint go mbeidh idirghníomhaíocht ann idir an reachtaíocht um chumhdach aosach atá beartaithe ag an gCoimisiún agus píosaí éagsúla reachtaíochta, go háirithe an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, na hAchtanna Meabhair-Shláinte, 2001 go 2018, agus an tAcht Sláinte 2007. Más rud é go n-achtófar Bille an Rialtais um Choimircí Saoirse a Chosaint in am trátha, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar an dóigh a mbeadh sé ag teacht leis an mBille um Chumhdach Aosach, 2024, atá beartaithe ag an gCoimisiún. Creideann an Coimisiún gur cheart don Rialtas breithniú a dhéanamh, trí anailís tionchair rialála, ar an idirghníomhaíocht a bheadh ann idir an reachtaíocht bheartaithe um chumhdach aosach agus an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, na hAchtanna Meabhair-Shláinte 2001 go 2018, an tAcht Sláinte 2007 agus aon reachtaíocht iomchuí amach anseo amhail an Bille um Choimircí Saoirse a Chosaint.

Comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí. Is é príomhról an Choimisiúin an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus tograí le haghaidh athchóirithe a dhéanamh, go háirithe trí achtú reachtaíochta a mholadh chun reachtaíocht a shoiléiriú agus chun an dlí a shoiléiriú agus a nuachóiriú.

Comhlíontar ról athchóirithe dlí an Choimisiúin faoi Chlár um Athchóiriú an Dlí go príomha. D'ullmhaigh an Coimisiún an Cúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí uaidh tar éis méid leathan comhairliúcháin agus plé. De réir Acht 1975, cheadaigh an Rialtas é i mí an Mhárta 2019 agus leagadh os comhair an dá Theach den Oireachtas é. Chomh maith leis sin, oibríonn an Coimisiún ar nithe sonracha a dtarchuireann an tArd-Aighne iad chuige faoi Acht 1975.

Mar gheall ar an obair a dhéanann an Coimisiún ar Rochtain ar Reachtaíocht, bíonn an reachtaíocht níos inrochtana ar líne don phobal. Áirítear leis an obair sin an tEolaire Reachtaíochta (innéacs is féidir a chuardach go leictreonach de leasuithe ar Achtanna agus ionstraimí reachtúla), rogha Achtanna Athbhreithnithe (Achtanna ina riocht leasaithe in ionad a reachta achtaithe), agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta in Éirinn (liosta d'Achtanna atá i bhfeidhm arna eagrú faoi 36 cheannteideal ábhair).

SEOLADH
Teach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath
D02 DY27, Éire

TEILEAFÓN
+353 1 6377600

RÍOMHPHOST
info@lawreform.ie

SUÍOMH GRÉASÁIN
lawreform.ie

Comhlacht reachtúil a bunaíodh leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.